Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Aoisliúntas agus Liúntais Scoir le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Vóta ar Aoisliúntas Agus Liúntais Scoir. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltas agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ ACHOMHAIRC

Cuntas ar an gcaiteachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2005, I gcompáraid leis an soláthar deonaithe do thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caitheachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	455	336	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	30	13	-
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	44	14	(1)
A.4. SEIRBHÍŚÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	22	8	1
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	28	4	1
A.6. COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE	<u>28</u>	<u>24</u>	=
An Iomlán	<u>607</u>	<u>399</u>	<u>1</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€208,307		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Phrionsabal agus Nótaí 1 go 5.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			399
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(4)		
Dímheas	<u>2</u>	5	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú ar Fhabhruithe Deiridh	<u>(4)</u>	<u>(4)</u>	<u>1</u>
Caiteachas Díreach			400
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara			<u>192</u>
Costas Oibriúcháin			<u>592</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)		18
Sócmhainní Reatha		
Réamhíocaíochtaí	2	
Iarmhéideanna Dochair Eile:		
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tírim	104	
Glandliteanas ón Státchiste (Nóta 4)	<u>4</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha	<u>110</u>	
Lúide Dliteanais Reatha		
Costais Fhabhraithe	3	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:		
Dlite do Vóta 9 (Na Coimisinéirí Ioncaim)	<u>108</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha	<u>111</u>	
Glandhliteanais Reatha		<u>(1)</u>
Glanshócmhainní		<u>17</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh €000	Troscán & Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	33	29	62
Breiscanna	4	-	4
Diúscairtí	-	-	-
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>37</u>	<u>29</u>	<u>66</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	19	20	39
Dímheas don Bhliain	6	3	9
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	-	-
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>25</u>	<u>23</u>	<u>48</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>12</u>	<u>6</u>	<u>18</u>

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000
Farasbarr le tabhairt suas	208
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh	<u>(212)</u>
Glandliteanas ón Státchiste	<u>(4)</u>
Léirithe ag:	
Feichiúnaithe	
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	104
Lúide Creidiúnaithe	
Dlite do Vóta 9 (Na Coimisinéirí Ioncaim)	<u>(108)</u>
	<u>(4)</u>

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo-mhí hích eann	Níos lú/ (Níos mó) ná an soláthar €000	Míniú
A.1.	119	Bhí an meastachán bunaithe ar sholáthar méadaithe foirne agus ar chostais ag éirí as sin, nár réadaíodh sa bhliain 2005
A.2.	17	Féach an míniú maidir le Fo-mhírcheann A.1.
A.3.	30	Féach an míniú maidir le Fo-mhírcheann A.1.
A.4.	14	Féach an míniú maidir le Fo-mhírcheann A.1.
A.5.	24	Féach an míniú maidir le Fo-mhírcheann A.1.

JOHN O'CALLAGHAN

Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ ACHOMHAIRC
31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig na gComisinéirí Achomhairc le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig na gComisinéirí Achomhairc. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005. Tugtar aird ar Chaibidil 2 de mo thuarascáil le haghaidh 2005 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

OIFIG NA gCOIMISINÉIRÍ IONCAIM

Cuntas ar an gcaiteachas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2005, i gcompáraid leis an soláthar deonaithe do thuarastail a chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile a riarann an Oifig sin agus ina theannta sin ar an méid is féidir a úsáid mar leithreasáí i gcabhair

Seirbhís	Soláthar don Meastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	279,732	283,001	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	5,438	5,191	206
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	13,960	14,525	905
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	15,078	15,715	1,117
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	31,254	27,696	1,525
A.6. COSTAIS ÁITRIBH OIFIGE	8,950	7,139	771
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	16,315	17,946	4,652
A.8. INNEALRA AGUS TREALAMH DO PHRIONTÁIL AGUS STAMPÁIL SLÁNDÁLA	300	422	7
A.9. MÓTARFHEITHICLÍ	2,966	2,952	701
A.10. MUIRIR DHLÍ, TÁILLÍ AGUS LUAÍOCHTAÍ	7,902	6,822	1,210
A.11. CÚITEAMH AGUS CAILLTEANAIS	203	105	1
A.12. SOCHAÍ NA FAISNÉISE - RIALTAS LEICTREONACH - SEIRBHÍS AR-LÍNE NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM (ROS)	<u>4,824</u>	<u>4,840</u>	-
An Mór-Iomlán	386,922	386,354	11,095
<i>Lúide:-</i>			
A.13. LEITHRIS-I-gCABHAIR	<u>36,767</u>	<u>40,528</u>	<u>(1,421)</u>
An Glan-Iomlán	<u>350,155</u>	<u>345,826</u>	<u>9,674</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€4,329,094		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Phrionsabal agus Nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			345,826
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(13,905)		
Diúscairtí Airgid Tirim	46		
Dímheas	28,398		
Calliúint iar diúscairtí	<u>(31)</u>	14,508	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(25,190)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Méadú ar Fhabhruithe Deiridh	4,808		
Laghdú ar Stoc	<u>71</u>	<u>4,879</u>	<u>(5,803)</u>
Caiteachas Díreach			340,023
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	49,914		
Cíosanna Barúlacha	<u>16,542</u>		<u>66,456</u>
Costas Oibriúcháin			<u>406,479</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			70,049
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>4,043</u> 74,092
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 12)		1,820	
Réamhíocaíochtaí		2,891	
Ioncam Fabhraithe		1,880	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Airleacain d'Fhoirgnimh i gComhroinn	700		
Airleacain d'Oif. Na nOib. Poiblí i leith oibreacha foirgníochta etc.	4,624		
Airleacain chun críocha Taistil agus Cothaithe	33		
Fionraí Ilghnéitheach	67		
Caiteachas in-aisghafa	984		
Vóta 8 (Coimisinéirí Achomhairc)	<u>108</u>	6,516	
Iarmhíd an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	9,552		
<u>Lúide</u> Orduithe Íocaíochta Gan Íoc	<u>(1,496)</u>	<u>8,056</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>21,163</u>	
Lúide Dlíteanais Reatha			
Costais Fabhraithe		13,986	
Ioncam Iarchurtha		459	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Aisbhaintí ó Thuarastail	4,620		
Dlíte don Stát (Nóta 13)	8,067		
Taiscí Vóta	<u>1,705</u>	14,392	
Glandlíteanas don Státchiste (Nóta 5)		<u>180</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>29,017</u>	
Glandhlíteanais Reatha			<u>(7,854)</u>
Glanshócmhainní			<u>66,238</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh	Troscán agus Feistis	Iomláin
	€000	€000	€000
*Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	249,852	46,263	296,115
Breiscanna	40,576	1,148	41,724
Diúscairtí	<u>(1,420)</u>	<u>(79)</u>	<u>(1,499)</u>
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>289,008</u>	<u>47,332</u>	<u>336,340</u>
Dímheas Carntha			
*Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	205,681	33,696	239,377
Dímheas don bhliain	25,954	2,444	28,398
Dímheas ar dhiúscairtí	<u>(1,405)</u>	<u>(79)</u>	<u>(1,484)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>230,230</u>	<u>36,061</u>	<u>266,291</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>58,778</u>	<u>11,271</u>	<u>70,049</u>

*Tá athrú déanta ar comharduithe tosaigh maidir le Costas agus Dímheas Carnaithe do Threalamh mar gheall ar choigeartú i leith Mótarfheithiclí.

4 RÁITEAS AR SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA FAOI FHORBAIRT AR AN 31 NOLLAIG 2005

	Feidhmeanna Intí Ríomhaireachta
	€000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar an 1 Eanáir 2005	6,630
Íocaíochtaí Airgid don Bhliain	25,190
Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní	<u>(27,777)</u>
Suimeanna tógtha ar aghaidh ar an 31 Nollaig 2005	<u>4,043</u>

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		4,329
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(4,149)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>180</u>
Léirithe ag:		
Feichiúnaithe		
Suíomh glan an Pháimháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	8,056	
Airleacain d'Fhoirgnimh i gComhroinn	700	
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí I leith oibreacha foirgníochta, etc.	4,624	
Airleacain chun críocha Taistil agus Cothaithe	33	
Fionraí Ilghnéitheach	67	
Caiteacha In-aisghafa	984	
Vóta 8 (Coimisinéirí Achomhairc)	<u>108</u>	14,572
Lúide Creidiúnaithe		
Asbhaintí Párolla	(4,620)	
Dlite don Stát	(8,067)	
Taiscí Vóta	<u>(1,705)</u>	<u>(14,392)</u>
		<u>180</u>

6 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

- 1 Íocadh leis an Státchiste suim €376,457 mar ús bainc ar Chuntais de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar coinneáil leis an mBanc Ceannais.
- 2 Lóisteáladh suim €217,771 don Státchiste i leith airgid fhorghéillte faoi Alt 39 den Acht um Cheartas Coiriúil, 1994.
- 3 Tháinig Costais Fhinnéithe go €209.

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MEASTACHÁN

Fomh

írche Níos lú/(Níos mó)

ann ná an soláthar
€000

Míniú

- A.8. (122) Níor éirigh caiteachas ar threalamh sainfheidhmitheach priontála, a raibh soláthar déanta dó sa bhliain 2004, go dtí 2005
- A.11. 98 Tugadh níos lú cásanna chun críche ná mar a rabhthas ag súil leis

8 LEITHRIS I GCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
1	Fáltais do sheirbhísí a bhaineann leis an Scéim um Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	32,224,000	32,224,000
2	Airgead faighte do thinreamh speisialta oifigeach	300,000	279,582
3	Fíneálacha, forghéilleadh, costais dlí aisghafa	3,000,000	5,037,394
4	Fáltais as díolacháin chustam	50,000	187,944
5	Fáltais as billí iontrála	30,000	-
6	Fáltais as díol gluaisteán oifigiúil	20,000	45,974
7	Ús Cúiteach Próiseála Isteach	10,000	7,351
8	Ilghnéitheach	<u>1,133,000</u>	<u>2,745,899</u>
	Iomlán	<u>36,767,000</u>	<u>40,528,144</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

2. Ní féidir fáltais a mheas go cruinn.
3. Is deacair fáltais do na míreanna seo a mheas.
4. Athraíonn fáltais de réir líon na n-urghabhálacha a dhíoltar agus na bpraghsanna a réadaítear.
5. Ní eisiónn na Coimisinéirí Ioncaim a thuilleadh Deimhnithe Clárúcháin Feithiclí. Tháinig an phríomhfhonise ioncaim faoin gceannteideal seo as athsholáthar Deimhnithe nuair a bhí an deimhniú bunaidh caillte.
6. Ba mhó líon na ngluaisteán a díoladh nó mar a rabhthas ag súil leis.
7. Is deacair fáltais don mhír seo a mheas.
8. Ní féidir fáltais a mheas go cruinn.

9 CEANGALTAIS

Tagann oibleagáidí ar dócha go réadófar iad go €3,389,163.

10 SONRAÍ AR LUACH SAOTHÁIR BREISE 2005

	Iomlán Íochta	Líon Iomlán Faighteoirí	Faighteoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	1,075,411	849	20	17,731
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	9,379,776	3,231	380	43,132
Liúntais sealobire agus uainchláir	647,379	163	41	16,231
Ilghnéitheach	<u>388,566</u>	95	21	22,793
Luach saothair breise in iomlán	<u>11,491,132</u>			

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin scéim maidir le Buiséad Riaracháin tarmligthe tugadh €350,000 ar aghaidh agus áiríodh é sa Mheastachán do 2006.

Fuarthas suim €29,889 ón gCiste Bainistíochta Athraithe, Fomhírcheann M de Vóta Oifig an Aire Airgeadais.

Fuarthas €576,907 ón gCiste do Shochaí na Faisnéise, Fo-mhírcheann P de Vóta an Aire Airgeadais.

Caitheadh €501,022 ar Dhámhachtainí Feidhmíochta Eisceachtúla (297 dámhachtainí aonaracha sa raon €50 go €5000 agus 22 ghrúpdámhachtain sa raon €275 go €7,402).

Bhain costas €686,103 le foireann de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ar iasacht le Ranna eile gan chúiteamh.

Ag éirí as comhréiteach a rinneadh leis an gceardchumann iomchuí, agus a ceadaiódh ag an Roinn Airgeadais íocadh €109,980 le seisear den fhoireann mar chúiteamh i leith caillteanais tuilleamh mar gheall ar ath-eagrú agus ath-imscaradh.

Íocadh cúiteamh €23,205 i dtaca le caingean dlí a thóg ball den phobal.

Íocadh cúiteamh €69,448 i dtaca le caingean dlí a thóg baill den fhoireann.

Bronnadh 109 dámhachtainí faoin Scéim Ionchuir (Moltaí Foirne). Tháinig na híocaíochtaí ar fad go €54,708.

12 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2005:	€000
Stáiseanóireacht	1,263
Ábhair Inchaite "IT" etc.	<u>557</u>
	<u>1,820</u>

13 DLÍTEANAIS DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005 ná:	€000
Cáin Ioncaim	5,804
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	2,012
Cáin Shiarchoinneálach	154
Cáin Bhreisluacha (Fáltais laistigh den AE)	<u>27</u>
	<u>8,067</u>

FRANK M. DALY

Accounting Officer
OIFIG NA gCOIMISINEIRI IONCAIRM
31st Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005. Tugtar aird ar Chaibidil 2 de mo thuarascáil le haghaidh 2005 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

OIFIG NA nOIBREACHA POIBLÍ

Cuntas den tsuim a caiteadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus leis an tsuim a d'fhéadfaí a fheidhmiú mar leithreasuithe i gcabhair ina theannta sin, ar thuarastail agus caiteachais Oifig na nOibhreacha Poiblí; ar sheirbhísí arna riaradh ag an Oifig úd lena n-áirítear an Oifig Stáiseanóireachta mar chuid d'Oifig an tSoláthair, agus ar íoc deontas áirithe agus ar fhorchúiteamh caiteachais áirithe i dtaca le faoiseamh ó thuilte.

Seirbhís	Foráil		Fabhruithe
	Meastacháin	Toradh	Deiridh
	€000	€000	€000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	35,269	33,063	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHABHÁIL	1,700	1,820	144
A.3. CAITEACHAIS TEAGMHASACHA	1,200	1,321	(8)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,380	1,686	127
A.5. INNEALRA OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	3,676	3,291	(139)
A.6. CAITEACHAIS ÁTTRIBH OIFIGE	1,061	897	112
A.7. SEIRBHÍSÍ CHOMHAIRLIÚCHÁIN	268	63	-
SEIRBHÍSÍ EILE			
B. FOIREANN TÍ AN UACHTARÁIN: PÁ AGUS LIÚNTAIS	705	702	2
C.1. DEONTAS CHUIG CUMANN ZÓ-EOLAÍOCHTA NA hÉIREANN	2,539	2,539	-
C.2. DEONTAIS I LEITH OIBREACHA ATHCHÓIRITHE FAOI LEITH	1,370	370	-
C.3. DEONTA CHUIG INSTITIÚID LOVÁIN	1,500	1,500	-
D. CEANNACH NA SUÍOMH AGUS NA bhFOIRGNEAMH	31,028	20,174	-
E. OIBREACHA NUA, ATHRUITHE AGUS BREISEANNA	179,844	122,933	1,113
F.1. COTHABHÁIL AGUS SOLÁTHAIRTÍ	32,949	34,244	1,130
F.2. OIFIG AN tSOLÁTHAIR	975	789	49
F.3. CÍOSANNA, RÁTAÍ SRL.	114,961	112,732	(8,956)
F.4. BREOSLA, LEICTREACHAS, UISCE, ÁBHAIR GHLANTACHÁIN, SR	995	961	186
G. CEANNACH AGUS COTHABHÁIL D'FHEARAS INNEALTÓIREACHTA AGUS INNEALRA AGUS STÓRAIS	2,671	2,848	32
H.1. IMSCRÚDÚ AGUS MONATÓIREACHT HIDRIMÉADRACH AGUS HIDREOLAÍOCHTA	928	911	14
H.2. TIONSCADAIL FHAOSIMH Ó THUILTE	20,000	16,168	171
H.3. DRAENÁIL - COTHABHÁIL	15,904	15,840	227
H.4. OIBREACHA INNEALTÓIREACHTA	72	18	-
H.5. FAOISEAMH Ó THUILTE - CABHAIR DHAONNÚIL	61	-	-
I.1. MAOIN STAIRIÚIL	15,030	16,242	401
I.2. SÉADCHOMHARTHAÍ NÁISIÚNTA	17,005	16,822	241
I.3. SEIRBHÍSÍ CUAIRTEOIRÍ	<u>6,640</u>	<u>7,742</u>	<u>31</u>
An Mór-Iomlán	489,731	415,676	(5,123)
Asbhain:-			
J. LEITHRIS-I-GCABHAIR	<u>20,370</u>	<u>22,619</u>	<u>6,770</u>
An Glan-Iomlán	<u>469,361</u>	<u>393,057</u>	<u>(11,893)</u>
FARASBARR DON BHLIAIN 2005		€ 76,304,013	
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004		€ 23,699,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS		€ 52,605,013	

Tá Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 17 mar chuid den Chuntas seo.

NÓTAÍ

1 EISCEACHTAÍ DO NA BEARTAIS GHINEARÁLTA CUNTASAÍOCHTA

Tionsaítear an Cuntas Leithreasaithe do Vóta 10 – Oifig na nOibhreacha Poiblí de réir Ráiteas na mBeartas agus na bPrionsabal Cuntasaíochta, leis na heisceachtaí liostaithe anseo.

(a) Caiteachais Fhabhráithe

Léirítear na dliteanais mar earraí nó seirbhísí a fuarthas roimh 31 Nollaig 2005, a íocadh i rith mhí Eanáir agus mhí Feabhra 2006.

(b) Ioncam Fabhraíthe

Léirítear é seo mar éilimh ar íocaíocht a eisíodh roimh 31 Nollaig 2005 ar earraí nó seirbhísí a soláthraíodh sa bhliain 2005 a bhí gan íoc ar an dáta úd.

(c) Ráiteas um Chostas Oibriúcháin

Áirítear leis an ráiteas seo méideanna do Mheaschíosanna ar oifig nó cóiríocht faoi úinéireacht an Stáit, bunaithe ar an gcostas thsholáthair mheasta a bhainfeadh le cóiríocht chaighdeánach oifige a fháil ar cíós. Ní áirítear leis foirgnimh ná maoín uathúil ná gradaim i bpunann an OPW ar nós Áras an Uachtaráin, Eastát Farnleigh agus Caisleán Bhaile Átha Cliath, nach mbeadh luachanna caighdeánacha cíosa infheidhmithe ina leith.

(d) Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla : Luacháil Talaimh agus Foirgneamh

- (i) Tá na meastacháin den chuid is mó den phunann bunaithe ar ghnáthchostais tógála agus baineadh úsáid as na luachanna caighdeánacha talaimh.
- (ii) Cuireadh luach ar bhunús "na húsáide dá bhfuil acu" le maoín faoi úinéireacht an Stáit á raibh faoi áitiúocht an OPW sa bhliain 1999.
- (iii) An mhaoín a ceannaíodh ó 1 Eanáir 1995 i leith, nár athluacháladh leis an modh a imlíníodh ag (ii) thuas; luacháladh iad ag costas fála.
- (iv) Is amhlaidh a dhéantar maoín a athluacháil i gClár na Sócmhainní le freagairt d'fháltais iarbhir na diúscartha nuair a dhíoltar í agus a luacháil tar éis a bheith bunaithe ar ghnáthchostais tógála agus ar luachanna caighdeánacha talaimh.
- (v) Taisealbhadh luachanna feabhsaithe do roinnt foirgneamh gradaim, ar nós Chaisleán Bhaile Átha Cliath.
- (vi) Níor áiríodh meastacháin do roinnt bheag maoine agus suíomh ilghnéitheach nach bhfuil mórán tábhachta lena luach iomlán i gcomhthéacs phunann maoine fhoriomlán an OPW.
- (vii) Ní thagraíonn an téarma "breiseanna" do Thalamh agus Foirgnimh i Nóta 4 - Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla ach amháin do phraghas ceannaigh na maoine a fuarthas nó do chostas tógála na bhfoirgneamh nua.
- (viii) Athbhreithníonn an OPW an modh measúnachta um luachanna maoine ar bhonn leanúnach.

(e) Sócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt

Déantar tionscadail tógála a luacháil ar a gcríochnú praiticiúil, is amhlaidh dá réir nach léirítear na tionscadail tógála ar bun amhail 31 Nollaig 2005, mar Shócmhainní Caipitiúla faoi Fhorbairt.

(f) Dímhéas

Feithicilí

Cuirtear dímhéas 25% ar an bpraghas ceannaigh i mbliain an cheannaigh féin. Laghdaítear an luach scríofa faoi 15% do gach bliain ina dhiaidh sin. Cuireadh an fhoirmle sin i bhfeidhm ar gach feithicil OPW seachas fearas innealtóireachta, ar nós tochtaltóirí. Áiríodh an dímhéas i gcás an fhearaís úd ar bhunús na húsáide, seachas ar aois an fhearaís féin.

Dímheastar an fearas agus an t-innealra ag 10% in aghaidh na bliana i gcás na sócmhainní Oidhreachtacha.

Sócmhainní Caipitiúla Eile

Ceapadh an beartas dímhéasa le cur i bhfeidhm go háitiúil. Ba riachtanas sin mar gheall ar an meascán sócmhainní i gceist agus i bhfianaise an eolais agus na taithí áitiúla.

2 RÁITEAS UM CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DON BHLIAIN 2005

	€000	€000	€000
Glantordh ¹			393,057
Athruithe um Shócmhainní Caipitiúla			
Ceannacháin Airgid Tirim	(27,288)		
Diúscairtí Airgid ²	98		
Dímheas	6,124		
Gnóthachan ar Dhiúscairtí ³	<u>(78)</u>	(21,144)	
Sócmhainní faoi Fhorbairt			
Íocaíochtaí Airgid Tirim (Nóta 5)		(379)	
Athruithe um Ghlansócmhainní Reatha			
Méadú um fhabhrúithe Deiridh	282		
Méadú um Stoc	<u>(66)</u>	<u>216</u>	<u>(21,307)</u>
Caiteachas Díreach			371,750
Caiteachas ar sheirbhísí a soláthraíodh saor in aisce do Ranna eile (Seirbhísí Comhghaolmhara)	(226,098)		
Caiteachas ar sheirbhísí leis an OPW ag feidhmiú mar chliant ⁴	<u>(34,860)</u>		<u>(260,958)</u>
Caiteachas Díreach (cé is moite de Sheirbhísí Comhghaolmhara agus seirbhísí nuair a fheidhmíonn an OPW mar chliant)			110,792
Cuir le Caiteachas a iompraíodh áit éigin eile			
Vóta 7 - Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	19,845		
Measchíosanna iníoctha ag an OPW	<u>4,394</u>		<u>24,239</u>
Costas Oibriúcháin ⁵			<u>135,031</u>

Nótaí:

- Díorthaítear figiúr an Chostais Oibriúcháin ón nGlantordh um Vóta 10 amháin (€393.057m) agus tháinig idirbhearta airgeadais iomlána an OPW le linn 2005 go €517m, lena n-áirítear caiteachas díreach a thabhaigh an OPW agus a gearradh ar Vótaí eile.
- Ní áirítear le figiúr Diúscairtí Airgid na fáiltais ó dhíol roinnt maoine sa bhliain 2005, de luach €56.691m, a taisceadh go díreach leis an Státhiste (dá dtagraíonn Nóta 7).
- Ní áirítear leis an bhfigiúr um Ghnóthachan ar Dhiúscairtí gnóthachan de €46m um ghlanluach na leabhar de roinnt maoine a díoladh sa bhliain 2005 óir go laghdófaí go mór agus go gcuirfí as riocht Costas Oibriúcháin an OPW.
- Laghdaíodh figiúr an Chaiteachais Dhíreach faoin tsuim €34.86m arb é glanchostas na seirbhísí mar a bhfeidhmíonn an OPW mar chliant i mbun oibreacha thar ceann an Stáit (m.sh. cothabháil draenála, faoiseamh ó thuilte, cothabháil na maoine oidhreacht). Níl costas na n-oibreacha sin mar chuid de chostais reatha an OPW.
- Ní áirítear leis an bhfigiúr um Chostas Oibriúcháin suim don mheas-ioncam.

(i) Na measchíosanna infhaighte leis an OPW (i. Iomlán measta gach cíos a bheadh iníoctha leis an OPW ar aithribh faoi úinéireacht Stáit le Ranna Rialtais eile ina n-áitíocht); meastar iad a bheith timpeall €93m. Dá n-áireofaí na measchíosanna ar infhaighte don OPW iad sa ráiteas thuas, thiocfadh an Costas Oibriúcháin go €42.031m.

(ii) Níor áiríodh méideanna leis an Ráiteas i ndáil le meas-ioncam ó Ranna cliant i ndáil le seirbhísí arna soláthar ag Oifig na nOibhreacha Poiblí saor in aisce faoi láthar.

3 RÁITEAS UM SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AMHAIL 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 4)			2,585,612
Sócmhainní faoi Fhorbairt (Nóta 5)			<u>319</u>
			2,585,931
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 13)		1,621	
Réamh-Íocaíochtaí		9,743	
Ioncam Fabhráithe		6,789	
EMTS - Cuntas Reatha		598	
Iarmhéideanna Cuntais an Bhainc Cheannais	95,349		
Orduithe fós gan íoc	<u>(33,044)</u>	<u>62,305</u>	
Sócmhainní Reatha Iomlána		<u>81,056</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Caiteachais Fhabhráithe		4,620	
Ioncam Iarchurtha		19	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Fionraíocht	58,643		
Dlite chuig an Stát (Nóta 14)	<u>2,719</u>	61,362	
Glandliteanas don Státhiste (Nóta 6)		<u>943</u>	
Dliteanais Reatha Iomlána		<u>66,944</u>	
Glansócmhainní Reatha			<u>14,112</u>
Glansócmhainní			<u>2,600,043</u>

4 RÁITEAS UM SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AMHAIL 31 NOLLAIG 2005

	Talamh agus Foirgnimh €000	Fearas agus Innealra €000	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Daingneáin €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil amhail 1 Eanáir 2005	2,535,619	33,895	14,293	10,301	2,594,108
Breiseanna	34,967	3,827	1,230	1,165	41,189
Diúscairt ¹	<u>(11,259)</u>	<u>(964)</u>	-	-	<u>(12,223)</u>
Ollsócmhainní amhail 31 Nollaig 2005	<u>2,559,327</u>	<u>36,758</u>	<u>15,523</u>	<u>11,466</u>	<u>2,623,074</u>
Dímheas Carntha					
Iarmhéid Oscailte ag 1 Eanáir 2005	-	18,280	9,016	4,908	32,204
Dímheas don bhliain	-	3,178	1,931	1,015	6,124
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	<u>(866)</u>	-	-	<u>(866)</u>
Dímheas Carntha ag 31 Nollaig 2005	-	<u>20,592</u>	<u>10,947</u>	<u>5,923</u>	<u>37,462</u>
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>2,559,327</u>	<u>16,166</u>	<u>4,576</u>	<u>5,543</u>	<u>2,585,612</u>

5 RÁITEAS UM SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA FAOI BHFHORBAIRT AMHAIL 31 NOLLAIG 2005

	Fearas agus Innealra €000	Feidhmchlár Intí €000	Iomlán €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2005	149	-	149
Íocaíochtaí Airgid Tirim don Bhliain	100	279	379
Aistrithe chuig Clár Sócmhainní	(209)	=	=
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2005	<u>40</u>	<u>279</u>	<u>319</u>

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach Barrachais le Géilleadh ag deireadh na bliana le hIarmhéideanna Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe i seilbh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		52,605
Forghéilleadh Iarchurtha		23,699
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(75,361)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>943</u>
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Glansuíomh an Bhainc Cheannais		62,305
Lúide: Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,719)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraíocht	<u>(58,643)</u>	<u>(61,362)</u>
		<u>943</u>

7 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

Fáltais ó Dhíol Maoine	€ 56,691,494
------------------------	-----------------

8 MÍNIÚ UM CHÚISEANNA NA nATHRUITHE IDIR TORADH AGUS FORÁIL MEASTACHÁIN

Fo- chea nn	Níos Lú(Mó) Ná a Foráladh €000	Míniúchán
A.7.	205	Baineann an choigilt seo le leibhéal laghdaithe de chomhairliúchán de bharr uainiúcháin leasaithe na dtionscadal athraithe.
C.2.	1,000	Ní raibh íoc an deontais i leith All Hallows Library le bheith dlite go dtí an bhliain 2006.
D.	10,854	D'éirigh an choigilt aníos óir nach ndeachthas ar aghaidh le ceannacháin an suíomh Díláraithe a rabhthas ag dúil leo sa bhliain 2005 de bharr caibidlíochta agus saincheisteanna a bhaineann leis an margadh.
E.	56,911	Tháinig an choigilt go príomha de bharr an ráta caiteachais ar thionscadail Díláraithe a bheith á chlárú ar feadh tréimhse ní b'fhaide.
F.2.	186	Tháinig an choigilt as éilimh ar an bhFo-cheann a bheith ní ba lú ná mar a bhíodhas ag dúil, go háirithe i ndáil leis an bhfógraíocht.
G.	(177)	Tharla an barrachas de dheasca cheannach fearais agus innealra athsholáthair le cloí le rachtaíocht Sláinte & Sábháilteachta.
H.2.	3,832	D'éirigh an choigilt aníos mar thoradh ar mhoill do roinnt scéimeanna faoisimh ó thuilte.
H.4.	54	Ba de bharr chríochnú an tionscadail ag praghas ní b'íse ná mar a bhíodhas ag dúil a tharla an choigilt.
H.5.	61	Aistríodh freagracht as Cabhair Dhaonnúil um Fhaoiscamh ó thuilte chuig an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le héifeacht ó 2005.
I.1.	(1,212)	Tharla an barrachas de bharr oibreacha breise cothabhála rítábhachtacha ag roinnt Suíomh Maoine Stairiúla.
I.3.	(1,102)	Tháinig barrachas san Fho-cheann seo de thoradh méadú um líon agus costais na dtreoraithe ag suímh chuairteoirí.

9 LEITHREASUITHE I gCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Cíosanna	3,500,000	4,058,760
2. Fáltais ó Chaisleán Bhaile Átha Cliath	751,000	938,428
3. Díolacháin Mhaoine	100,000	12,607
4. Aisghabhálacha ag Oifig an tSoláthair ar sheirbhísí a rinneadh ar bhonn aisíochta	1,000,000	500,000
5. Aisghabhálacha ar sheirbhísí (seachas iad siúd ag Oifig an tSoláthair) a rinneadh ar bhonn aisíochta	8,653,000	9,798,870
6. Táillí srl., i dtaca le hoibriú Chiste na nÍasachtaí Áitiúla	3,000	3,306
7. Cinn ilghnéitheacha, lena n-áirítear díol na stóras farrasbairr, fruiliú fearais srl.	368,000	1,150,533
8. Seirbhísí ag Ionaid Chuairteora na Séadchomharthaí Náisiúnta agus na Maoine Stairiúla	820,000	811,864
9. Muirir ag na Séadchomharthaí Náisiúnta agus ag Maoin Stairiúil	4,575,000	4,842,725
10. Fáltais Ilghnéitheacha Oidhreachta	<u>600,000</u>	<u>501,822</u>
Iomlán	<u>20,370,000</u>	<u>22,618,915</u>

Miniú na nAthruithe

- Bhí an t-ioncam cíosa ní ba mhó ná mar a bhíodhas ag dúil go príomha de bharr fháil na riaráistí a bhí ann le fada.
- Tháinig an barrachas mar thoradh ar mhéadú um chustaiméirí íoctha do sháoráidí comhdhála agus cóisire agus ar mhéadú gan choinne um líon na dturasóirí.
- Cuireadh na fáltais ó mhórchuid na ndíolachán maoine sa bhliain 2005 isteach sa Státchiste mar Fháltais Bhreise Státchiste (féach Nóta 7).
- Rinneadh ró-mheastachán ar aistriú na gcistí ó chuntais oibriúcháin an GSA chuig Leithreasuithe i gCabhair sa bhliain 2005.
- Tháinig na fáltais bharrachais ón gcinneadh chun leanúint ar aghaidh le billeáil na Ranna as seirbhísí arna soláthar ag Seirbhísí Cothabhála Foirgnimh
- Sháraigh fáltais ilghnéitheacha an méid a rabhthas ag dúil leis ina leith go príomha de bharr ús bainc ní ba mhó ná mar a bhíodhas ag dúil a fuarthas ar iarmhéideanna airgid agus de thoradh chealú na n-orduithe iníoctha i ndáil le tréimhsí cuntasáíochta roimhe sin.
- Léiríonn an barrachas an bhuacacht i dtionscal na turasóireachta agus cuairteanna breise ar shuímh ina ngearrtar táillí.
- Bhí na fáltais ilghnéitheacha ní ba lú ná mar a bhíodhas ag dúil.

10 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Domhanda

Meastar an figiúr domhanda do cheangaltais neamhchaipitiúla ar dóichí is go dtiocfaidh siad aníos sa bhliain 2006 agus sna blianta ina dhiaidh sin a bheith ag €2,859,716.

(B) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

Mionsonraítear sa tábla seo a leanas an caiteachas sa bhliain 2005 agus na ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin de bhun tionscadail chaipitil mar a raibh conarthaí in-fhorfheidhmithe dlíthiúla ann ag 31 Nollaig 2005.

	€
Caiteachas sa bhliain 2005	89,909,488
Ceangaltais le sásamh sna blianta ina dhiaidh sin	76,504,000

(C) Mórtionscadail Chaipitiúla

Tabhaíodh caiteachas ar thrí mhórtionscadal déag i rith 2005 mar a sáróidh an costas measta iomlán den tionscadal ar leith €6.5m. Is iad seo a leanas mionsonraí na dtionscadal sin:

Tionscadal	Caiteachas Carnach go 31/12/04 €	Caiteachas 2005 €	Blianta ina dhiaidh €	Costas Measta Iomlán an Tionscadail €
Foras na Mara, Gaillimh	25,162,153	19,570,647	5,667,200	50,400,000
Saotharlann Stáit nua, Backweston	68,599,443	3,173,388	6,927,169	78,700,000
An Roinnt Talmhaíochta - Saotharlann Nua, Backweston	101,095,655	12,889,630	6,614,715	120,600,000
An Roinn Airgeadais - 7-9 Rae Mhuirfean	1,029,537	1,611,282	21,059,181	23,700,000
An Roinn Talmhaíochta - Tionscadal Feirme Longtown	772,738	42,062	12,185,200	13,000,000
An Roinn Talmhaíochta - Lárionad Sábháilteachta Bia	307,411	218,308	23,074,281	23,600,000
Ceanncheathrú an Gharda i mBaile Munna & Oifigí na Roinn Sóisial. & Teaghl.	240,118	26,075	19,733,807	20,000,000
Coláiste an Gharda, An Teampall Mór	29,280	15,156,221	4,814,499	20,000,000
Scéim Draenála Chill Chainnigh	37,408,795	5,127,316	5,263,889	47,800,000
Oifigí an Rialtais, The Glen, Port Láirge	18,769,846	137,225	-	18,907,071
Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh - Teach Goldsmith	10,827,128	345,544	300,000	11,472,672
Oifigí Rialtais Ros Comáin	9,704,078	9,904	386,000	10,099,982
Dún Uí Choileáin AMÉ - Taispeántas Staire Míleata	366,462	2,769,519	4,540,690	7,676,671

Bhí ceangaltais fós le déanamh ag deireadh na bliana 2005 i ndáil le maoin cíosa agus léasaithe - ba ghnách go mbeadh foráil shainiúil nó iostreimhse fógra i leith foirceannta luaith ag léasanna ní b'fhadtéarmaí. Níor áiríodh figiúirí i leith ceangaltas teoiriciúil den chineál úd sa Chuntas seo.

11 MIONSONRAÍ AN LUACHA SAOTHAIR BHREISE

	An Méid a Íacadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí €6,350 nó níos mó	Uas-íocaíocht Aonair de €6,350 nó níos mó €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise do ghráid den státs	417,888	97	14	23,292
Ragobair do ghráid na státseirbhíse	225,357	92	10	20,899
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó breise do ghráid an OPW	1,316,812	1,921	117	19,974
Ragobair do ghráid an OPW ¹	6,551,691	1,712	338	38,631
Ilghnéitheach	<u>53,619</u>	44	4	13,300
Luach saothair bhreise iomlán	<u>8,565,367</u>			

Nótaí:

Fuair daoine áirithe luach saothair bhreise i ní ba mhó ná catagóir amháin.

¹ Luach saothair bhreise do ghráid ar sainiúil don OPW iad.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Íocadh cúiteamh agus costais dlíthiúla agus ilghnéitheacha gaolmhara de €207,544 san iomlán, idir €357 íosta agus €41,574 uasta, i ndeich gcás d'éilimh ghortaithe phearsanta ag fostaithe (Tá feidhm ag ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais ó 5/5/88, 8/8/91 agus ag ceadú Ghníomhaireacht na nÉileamh Stáit).

Íocadh suimeanna de €89,834 san iomlán agus idir €920 íosta agus €37,500 uasta mar shocrú ar chúig éileamh do ghortuithe do dhaoine ar Mhaoín an Stáit (Tá feidhm ag ceadú na Roinne Airgeadais ó 8/8/91 agus ag ceadú Ghníomhaireacht na nÉileamh Stáit).

Rinneadh cúig íocaíocht ex-gratia de €3,603 san iomlán, idir €300 íosta agus €986 uasta i ndáil le cailliúint nó dochar ag éirí as gníomhaíochtaí na hOifige seo (tá feidhm ag ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais ó 8/8/91 agus ag ceadú Ghníomhaireacht na nÉileamh Stáit).

Rinneadh naoi n-íocaíocht de €11,575 san iomlán agus idir €100 íosta agus €3,934 uasta i ndáil le timpistí lenar bhain feithiclí an Stáit (tá feidhm ag ceadú tarmligthe na Roinne Airgeadais ó 8/8/91 agus ag ceadú Ghníomhaireacht na nÉileamh Stáit).

De bhun molta ó Choiste Comhpháirtíochta na hOifige a cuireadh mír pá fiúntais de phacáiste luach saothair na foirne i gciste lena húsáid chun íos as oíche shóisialta do gach ball foirne den Oifig (Comhaontú Buiséid Riaracháin alt 8.1.4 agus E101/1/92)

Áirítear leis an toradh d'Fho-cheannteideal A.1. caiteachas de €65,862 i ndáil le tuarastail bheirt oifigeach ar iasacht chuig an Roinn Cirt agus Dlí, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí gan aisíoc.

Athfhostaíodh triúr státseirbhíseach scortha le pinisin státseirbhíse acu, agus ba í an OPW a d'íoc a dtuarastail go díreach ag costas iomlán de €75,013.

Rinne an OPW íocaíochtaí úis phionóis de €21,607 san iomlán sa bhliain 2005 faoin Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, i ndáil le híocaíochtaí déanacha.

Áiríodh sa Mheastachán don bhliain 2006 €1.8m anall ón Vóta don bhliain 2005, arna chomhaontú leis an Roinn Airgeadais faoi scéim an bhuiséid riaracháin tarmligthe.

Tugadh anall chuig an mbliain 2006, faoi réir fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2005, €23.699m de leithdháileadh neamhchaite i ndáil leis na heilimintí caipitiúla de na Fo-cheannteidil D agus E.

I dteannta an chaiteachais faoin bhFo-cheannteideal A.3. ab amhlaidh a fuarthas suim de €3,400 ón gCiste um Bainistiú Athrú, Fo-cheannteideal M. de Vóta 6, An Roinn Airgeadais, i ndáil le costais a tabhaíodh ar oiliúint PMDS sa bhliain 2005.

I dteannta an chaiteachais faoin bhFo-cheannteideal A.7. ab amhlaidh a fuarthas suim €18,009 ón gCiste um Bainistiú Athrú, Fo-cheannteideal M. de Vóta 6, An Roinn Airgeadais, i ndáil le costais chomhairliúchain a tabhaíodh ar an tionscadal um Chreatlach Faisnéise Bainistíochta (CFB) sa bhliain 2005.

I dteannta an chaiteachais ar Vóta 10, is amhlaidh a fheidhmíonn an OPW mar ghníomhaire, agus a thabhaíonn sí caiteachas, thar ceann Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais eile. Is í an OPW a sholáthraíonn an cistiú don chaiteachas sin trí urraíocht ón Roinn/nGníomhaireacht, agus léirítear é mar mhuirear ar chuntas an cliant-eagrais. Ba iad na príomhréimsí caiteachais sa bhliain 2005 iad na Mór-Oibreacha Caipitiúla (€42.4m), Oibreacha Sláinte & Sábháilteachta (€18.7m), Oibreacha Cothabhála (€15.7m), Ceannach na Suíomh agus na bhFoirgneamh (€10.6m), Léasú na Cóiríochta (€8.7m), Tionscadail Phríosúin (€2.7m), Seirbhísí Troscaín (€0.99m) agus Costais Fhuinnimh (€0.24m).

Shealbhaigh an OPW úinéireacht in dá chuideachta le ceannach shuíomh Chath na Bóinne agus Cheanncheathrú na Roinne Dlí agus Cirt ag 72/76 Faiche Stiabhna, eadhon Public Property Development Limited (Deepriver Limited roimhe seo) agus Colmstock Properties. Cuireadh an dá chuideachta faoi leachtú sa bhliain 2005

13 STOIC

Is éard atá sna stoic ag 31 Nollaig 2005:

	€000
Stoic Innealtóireachta	879
Stoic an Stóir Oidhreachta	318
Ábhair Thógála	320
Páipéar agus Stáiseanáireacht	66
Stoic Ilghnéitheacha	38
	<u>1,621</u>

14 DLITE CHUIG AN STÁT

B'éard a bhí sa mhéid a bhí dlite chuig an Stát ag 31 Nollaig 2005:	€000
Cáin Shiarchoinneálach	891
Cáin Ioncaim	682
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	736
CBL	113
Ranníocaíochtaí Pinsin	76
Fáltais ó Dhíol Maoine Stáit	219
Aisiocaíochtaí Iasachta	2
	<u>2,719</u>

15 OIBREACHA ÚRA, ATHRUITHE AGUS BREISEANNA

Anailís ar Mhór-Chaiteachas sa bhliain 2005

Teideal Tionscadail:	Foráil	Toradh
	Mheasta €	€
1. Stáisiún an Gharda	12,362,000	11,199,371
2. Coláiste an Gharda sa Teampall Mór	18,000,000	15,156,221
3. Cuíchóiriú na Cóiríochta Oifige	19,561,000	5,987,427
4. Talmhaíocht	1,062,000	52,010
5. Rochtain Uilíoch	5,000,000	1,370,355
6. Sláinte agus Sábháilteacht	2,000,000	1,399,433
7. Forais Chultúrtha	8,804,000	4,670,798
8. An Leabharlann Náisiúnta - Taispeántas James Joyce	500,000	579,585
9. An Roinn Talmhaíochta agus Bia - Feirm Longtown	1,250,000	42,062
10. Dílárú	40,000,000	3,702,284
11. Mionoibreacha Nua	9,884,000	20,519,605
12. Tionscadail Theach Laighean	4,090,000	7,095,865
13. Ionad Comhdhála Náisiúnta	1,000,000	1,119,912
14. EXPO 2005	3,250,000	1,935,551
15. Cartlann Ailtireachta na hÉireann	460,000	371,460
16. Foras na Mara i nGaillimh	22,700,000	19,570,647
17. Dílárú Ros Comáin	396,000	9,904
18. Saotharlanna Stáit agus Saotharlanna na Roinne Talmhaíochta agus Bia	25,153,000	16,063,018
19. Clárlann na Talún - Trádstóras i Seantrabh	1,000,000	238,105
20. Coimisinéirí Ioncaim - Dún Eilise i gCorcaigh	120,000	126,812
21. Séadchomhartha Cuimhneacháin Mhuineacháin	250,000	-
22. The Glen, Port Láirge	100,000	137,225
23. SFA - Teach Goldsmith	427,000	345,544
24. An Roinn Airgeadais, 7/9 Rae Mhuirfean	-	1,611,282
25. Cosaint Shíbhialta Ros Cré	-	2,075,682
26. An Bord Iascaigh Láir, Sord	-	1,538,744
27. Tionscadail Eile	<u>2,475,000</u>	<u>6,014,521</u>
Iomlán	<u>179,844,000</u>	<u>122,933,423</u>

16 SEIRBHÍSÍ ARNA SOLÁTHAR LE RANNA EILE 2005 (FO-CHEANN F3 - CÍOSANNA, RÁTAÍ srl)

Ranna, srl	Foráil Meastacháin €	Toradh €
An tOireachtas	786,000	1,077,513
An Taoiseach	227,000	827,330
Airgeadas	3,961,000	3,371,975
An Phríomh-Oifig Staidrimh	248,000	530,942
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste	292,000	559,513
Na Coimisinéirí Ioncaim	19,932,000	20,773,905
Oifig na nOibreacha Poiblí	6,791,000	7,838,831
An tArd-Aturnae	36,000	43,048
Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí	1,055,000	1,066,284
An Oifig Luachála	1,650,000	1,705,748
Coimisiún na Státseirbhíse	2,153,000	2,159,224
An tOmbudsman	1,613,000	1,150,707
Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit	405,000	248,157
Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí	13,759,000	14,136,116
An Garda Síochána	873,000	654,052
Na Príosúin	4,721,000	3,407,737
An tSeirbhís Chúirteanna	1,250,000	995,204
Clárlann na Talún	2,616,000	1,773,852
Tabhartais Charthanúla	95,000	111,641
Comhshaol Oidhreacht & Rialtas Áitiúil	2,184,000	2,203,095
Oideachas & Eolaíocht	6,195,000	5,225,850
Gnóthaí Eachtracha	5,793,000	5,666,048
Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	13,000,000	12,153,436
Sláinte agus Leanaí	2,215,000	2,632,904
Talmhaíocht agus Bia	5,565,000	5,691,593
Fiontair, Trádáil agus Fostaíocht	6,106,000	5,803,527
Cumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha	3,837,000	4,468,516
Iompar	5,056,000	4,271,232
Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1,142,000	1,022,142
Ealaín, Spórt agus Turasóireacht	638,000	648,948
Cosaint	<u>767,000</u>	<u>513,137</u>
Iomlán	<u>114,961,000</u>	<u>112,732,207</u>

17 RIALUITHE INMHEÁNACHA A FHEABHSÚ

Táthar tar éis ráiteas um rialuithe inmheánacha airgeadais san fhormáid chaighdeánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 a chur isteach leis an guntas seo chuig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tá na gníomhartha seo a leanas tógtha nó ar na bacáin leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú i ndáil le hoiliúint foirne, bainistiú riosca, slándáil faisnéise agus teicneolaíocht na cumarsáide agus athbhreithniú leanúnach d'éifeachtacht.

Feidhmíonn Oifig na nOibreacha Poiblí Córas Bainistithe agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a bhíonn mar chúnamh le riachtanais oiliúna foirne a aithint do scileanna bainistithe airgeadais agus cuntasáíochta agus trína n-éascaítear eagrú agus foinsíú na riachtanas oiliúna.

Táthar tar éis Coiste Bainistithe Riosca a bhunú in Oifig na nOibreacha Poiblí agus tá réimeas measúnaithe agus bainistithe riosca i dtoll a chéile lena guimsítear rioscaí gnó, airgeadais agus cuntasáíochta.

Tá bogearraí agus crua-earraí ríomhaire deisce den sonrú is nua ag an Oifig, le lionraí, freastalaithe agus córais nua-aimseartha, agus déantar an bonneagar sin a bhainistiú agus a shlánú don sár-chleachtas reatha. Ina theannta sin is ea atá an Oifig ag ardchéim pleanála do Chóras Bainistithe Airgeadais úr.

Rialuithe Inmheánacha a Fheabhsú (Ar Lean)

Agus ar deireadh, is amhlaidh a fhoráiltear leis na struchtúir laistigh den Oifig ag an leibhéal bainistíochta agus iniúchta aron, lena n-áirítear Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúcháireachta, d'athbhreithniú leanúnach d'éifeachtacht chóras rialuithe riaracháin agus airgeadais na hOifige.

SEÁN BENTON

Oifigeach Cuntasaíochta
OIFIG na nOIBREACHA POIBLÍ
31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an Oifig na nOibhreacha Poiblí le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig na nOibhreacha Poiblí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

AN TSAOTHARLANN STÁIT

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an tsuim a deonadh le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an tSaotharlann Stáit, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais áirithe.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ, AGUS LIÚNTAIS	4,616	4,813	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	95	57	4
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	316	464	(27)
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	161	128	2
A.5. GAIREAS AGUS TREALAMH CEIMICEACH	7,572	5,216	(62)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	1,513	1,596	172
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	<u>278</u>	<u>374</u>	<u>21</u>
An Mór-Iomlán	14,551	12,648	110
<i>Bain de:-</i>			
A.8. LEITHHRIS-I-gCABHAIR	<u>100</u>	<u>192</u>	<u>88</u>
An Glan-Iomlán	<u>14,451</u>	<u>12,456</u>	<u>22</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€1,994,899		

Is cuid den chuntas seo an Ráiteas Polasaithe agus Prionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Glan-Toradh			12,456
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(4,722)		
Dímheas	1,352		
Cálliúint iar diúscairtí	<u>13</u>	(3,357)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh	(608)		
Méadú i Stoc	<u>(35)</u>	<u>(643)</u>	<u>(4,000)</u>
Caiteachas Díreach			8,456
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	542		
Cíosanna Barúlacha	<u>650</u>		<u>1,192</u>
Costas Oibriúcháin			<u>9,648</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			4,397
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 11)		115	
Réamhíocaíochtaí		177	
Ioncam Fabhraithe		88	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Óinchistí Taistil	1		
Costasaí Réamhíochta	<u>7</u>	8	
Glandliteanas don Státhiste (Nóta 4)		236	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(16)		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	<u>(14)</u>	<u>(30)</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>594</u>	
Lúide Dliteanaís Reatha			
Costais Fhabhraithe		287	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Dlite don Stát (Nóta 12)	169		
Aisbhaintí ó Thuarastail	42		
Ilghnéitheach	<u>3</u>	<u>214</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>501</u>	
Glanshócmhainní Reatha			<u>93</u>
Glanshócmhainní			<u><u>4,490</u></u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Mótar- fheithiclí €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	4,091	3	32	4,126
¹ Coigearú na bliana roimhe sin	<u>84</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>84</u>
	4,175	3	32	4,210
Breiscanna	4,434	288	-	4,722
Díúscairtí	<u>(38)</u>	<u>(3)</u>	<u>-</u>	<u>(41)</u>
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>8,571</u>	<u>288</u>	<u>32</u>	<u>8,891</u>
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	3,134	1	22	3,157
¹ Coigearúithe na bliana roimhe sin	<u>16</u>	<u>-</u>	<u>(3)</u>	<u>13</u>
	3,150	1	19	3,170
Dímheas don Bhliain	1,317	29	6	1,352
Dímheas ar Dhiúscairtí	<u>(27)</u>	<u>(1)</u>	<u>-</u>	<u>(28)</u>
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>4,440</u>	<u>29</u>	<u>25</u>	<u>4,494</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>4,131</u>	<u>259</u>	<u>7</u>	<u>4,397</u>

Nóta 1: Tarlaíonn an coigearú breise na bliana roimhe sin de bharr an iniúchadh cuntas a rinneadh i 2005 ar caiteachas breise i 2004.

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		1,995
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(2,231)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>(236)</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Súiomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(30)	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>8</u>	(22)
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 12)	(169)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(45)</u>	<u>(214)</u>
		<u>(236)</u>

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fom Níos lú/mó ná
hír a Soláthraíodh
chean

Míniú

€000

- | | | |
|------|-------|---|
| A.2. | 38 | Ní raibh an oiread taisteal agus a rabhas ag súil leis riachtanach le gléasra nua na saotharlainne a sholáthar. |
| A.3. | (148) | Bhí athlonnú na saotharlainne agus stoc nua don leabharlann níos costasaí ná mar a bhíodhas ag súil leis |
| A.5. | 2,356 | Fuarthas gléasra nua don saotharlann ar phraghas níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis. |
| A.7. | (96) | Fóchonraíocht anailís shamplaí a bhí níos mó ná mar a bhí súil leis |

6 LEITHRIS-I-GCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
1.	Airgead a thuill an tsaotharlann do anailísí, tástálacha srl.	<u>100,000</u>	<u>191,887</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

- Ní feidir bheith cruinn faoi ioncam mar gur ann don ioncaim sin obair a dhéantar do údaráis áitiúla faoi Acht Cróinéirí, 1962.

7 CEANGALTAIS

Bhí luach €216,858 ar ordaithe a ordaithe a ordáíodh i 2005 ach nár bhfuarthas go dtí 2006.

8 DLÍTEANAIS AIBITHE

An méid iomlán de dlíteanais aibithe nach raibh íochta roimh an 31ú Nollaig na €146,096.

9 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	233,727	116	1	9,393
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	<u>80,849</u>	41	3	14,618
Luach saothair breise in iomlán	<u>314,576</u>			

10 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Bronnadh gradaim, ar suim de €8,973, ar ocht nduine dhéag d'fhoireann na saotharlainne faoi scéim aitheantais sáoire.

11 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2005

€000

Ceimiceáin agus soláthairtí saotharlainne.

113

Stáiseanóireacht agus soláthairtí eolais teicneolaíochta.

2

115

12 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid atá dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005 ná:

€000

Cáin Ioncaim

103

Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa

37

Aoisliúntas

25

Eile- Cáin Shiorchoinneálach atá le hióch

(6)

Cáin Bhreisluacha ar gnothaithe ón EU

10

169

13 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Seoladh Ráiteas faoi Smachtaí Airgeadais Inmheánach sa bhfoirm chaighdeánach don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 chuig Oifig an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste leis an gcuntas seo. Tógadh, nó tá sé i gceist do dtógfar, na gníomhartha seo a leanas chun an córas um smachtaí inmheánach a láidriú.

- B.10. 75 Tharla an choigilt toisc gur baineadh moill as íocaíochtaí a eisiúint do scoileanna nár chuir an obair chuí pháipéir isteach in am.
- B.12. 339 Ba lú costais oibriúcháin na hInstitiúide, agus a leachtú san áireamh, ná mar a measadh roimh ré.
- B.14. 15 Tharla na sábhálacha toisc nár maoiníodh eagraíocht amháin le linn 2005.
- B.16. 346 Tharla an choigilt go príomha toisc go ndeachaigh an reachtaíocht phríomhúil ní ba mhoille i rith 2005 ná mar a measadh roimh ré.
- B.17. 790 Tharla an choigilt toisc gur baineadh moill as cóiríocht oifige a chur ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta agus toisc gur lú na costais a bhain le hathbhreithnithe áirithe ná mar a measadh roimh ré.
- B.18. 587 Tharla an choigilt go príomha toisc gur lú ná mar a measadh an caiteachas i ndáil le costais leanúnacha an Lárionaid Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas agus le foireann tacaíochta curaclaim um Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide den Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).
- B.19. 21,954 D'eascair an choigilt go príomha ó mhoill a tharla ó thaobh billí dlíthiúla a phróiseáil mar bhí gá le cuntasóir costála dlí chun iad a athbhreithniú.
- B.20. 1,999 Tharla an choigilt mar níorbh fhéidir leis an gClár Críochnaithe Scoile dul ar aghaidh go dtí gur críochnaíodh an próiseas aitheantais don nuaphlean gnímh um Chomhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna.
- B.21. 1,309 Tharla an choigilt go príomha toisc go ndearnadh carcaíocht ní ba mhoille ná mar a measadh roimh ré ar shíceolaithe breise agus ar fhoireann bhreise riaracháin.
- B.22. 811 Tharla na sábhálacha toisc gur líonadh post sinsearach níos déanaí ná mar a bhíodhas ag súil leis, ioncam táille níos mó ná mar a bhíodhas ag súil leis ó HETAC, agus caiteachas ginearálta níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- B.23. 476 Tharla na sábhálacha go príomha de bharr moilleanna in earcú foirne le linn 2005 agus luas forbartha níos moille ná mar a bhíodhas ag súil leis.
- B.24. (13,737) Tharla an róchaiteachas go príomha toisc gur bhronn an Bord ní ba mhó dámhachtainí sa bhliain 2005 ná mar a bhí beartaithe roimh ré.
- B.25. 2,674 Tharla an choigilt go príomha toisc nach raibh an fhoireann iomlán sa Chomhairle I rith 2005.

		Mar sin, ba lú iad na costais phárolla, na costais neamhphá agus na costais le haghaidh an Bhoird Achomhairc.
C.2.	(51)	Tharla an róchaiteachas go príomha toisc go ndearnadh íocaíocht aibhreachnaitheach ar arduithe tuarastail agus toisc gur mhó ná mar a measadh roimh ré iad costais oibriúcháin na scoileanna.
C.5.	(677)	D'eascair an róchaiteachas go príomha ó fhomheastachán ar chostas ginearálta an tuarastail agus na riaráistí ab iníoctha i 2005.
C.8.	(14,624)	Tharla an róchaiteachas de thoradh na bpost breise mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta ar an bpárolla nach ndearnadh soláthar dóibh i leithdháileadh 2005, agus de thoradh fhomheastachán chostas an tuarastail agus na riaráistí do 2005.
C.9.	7,351	Tharla an choigilt go príomha toisc go ndearnadh laghdú méide ar áiteanna i Lárionad Fhionnghlaise Leanaí agus Déagóirí agus toisc gur cuireadh an oscailt den 4ú haonad i Scoil Theach na Tríonóide ar athlá.
C.10.	147	Rinne na tionscadail coigilt a d'eascair ó cheannach busanna athlámhe in ionad busanna nua.
C.11.	(35,258)	Tharla an róchaiteachas toisc gur scoir níos mó daoine i 2005 ná mar a bhíodhas ag súil leis, d'éirigh céad is a haon níos mó múinteoirí as ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin chuir an treocht leanúnach i líon na bpinsinéirí in éineacht leis an méadú sa mheánráta pinsin leis an róchaiteachas chomh maith.
D.1.	61,826	D'eascair an choigilt ón moill a bhí ar íocaíocht na riaráistí faoin Treoir um Chosaint Oibrithe Páirtaimseartha de thoradh na gceisteanna léirithe a chuaigh chun Eadrána.
D.4.	(38,001)	Tharla an róchaiteachas go príomha toisc gur scoir níos mó daoine i 2005 ná mar a bhíodhas ag súil leis, d'éirigh céad ochtó is ceithre níos mó múinteoirí as ná mar a bhíodhas ag súil leis. Ina theannta sin chuir an treocht leanúnach i líon na bpinsinéirí in éineacht leis an méadú sa mheánráta pinsin leis an róchaiteachas chomh maith.
D.8.	2,240	Tharla an tsábháil go príomha mar gheall ar dhul chun cinn níos moille ar thionscnaimh speisialta ná mar a bhíodhas ag súil leis toisc nach bhféadfaí cistí a leithdháileadh a chaitheamh go dtí i ndiaidh críoch a bheith curtha leis an bpróiseas céannachta don chlár nua DEIS agus roghnú na scoileanna i 2006.
D.11.	745	D'eascair an choigilt ó athrú sa mhodh inar maoiníodh an tionscnamh teanga agus ó ní ba lú riachtanas ar an gcuid ilghnéitheach den fho-mhírcheann.
D.12.	14,161	Tharla an tsábháil go príomha ó ró-mheastachán ar chostais tuarastail, ar a n-áirítear riaráistí pá an Achta Pháirtaimseartha.
E.10.	(285)	Tharla róchaiteachas mar bhí an líon mac léinn a bhí i dteideal táillí in aisce ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré.
E.11.	533	D'eascair an choigilt ó rómheastachán. Ón uair gur fo-mhírcheann ilghnéitheach atá i gceist is deacair leibhéal an tsoláthair a thuar go beacht.
F.2.	(10,582)	Tharla an róchaiteachas toisc go ndeachaigh caiteachas ar chodanna den chlár tógála agus nuachóirithe Iarbhunoideachais ar aghaidh níos tapúla ná mar a bhíodhas ag súil leis i 2005, go háirithe maidir leis na riachtanais Shláinte agus Shábháilteachta a chur i gcrích.
F.3.	(7,000)	Tharla an róchaiteachas mar bhí leibhéal an mhaoinithe ba ghá don Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré.
F.5.	557	Tharla an choigilt go príomha toisc gur mhoille ná mar a measadh i dtosach é an dul chun cinn ar Chlár Leathanbhanda na Scoileanna.
F.6.	2,428	Tharla an tsábháil mar gheall ar athrú i bpolasáí Rialtais agus mar thoradh air sin bhí caiteachas níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis ar thionscnaimh nua agus comhaireoireachta i 2005.

9 LEITHREASUITHE-I-gCABHAIR

		Measta €	Réadaithe €
G.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile			
1. Fáltais Taistil AE		1,000	306
2. Ranníocaíochtaí ón AE le haghaidh gníomhaíochtaí oideachais		58,000	127,457
3. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa	<i>Meastachán Bunaidh</i>	<i>61,500,000</i>	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<i>(23,500,000)</i>	
4. Clár Síochána		38,000,000	103,474,208
		500,000	16,787
G.2. Fáltais an Chéad Leibhéil			
1. Aoisliúntas, srl., na Múinteoirí Náisiúnta:			
(i) Aisíocaíochtaí aiscí faoi na Scéimeanna Aoisliúntais, 1934 go 1958, srl.		185,000	409,259
(ii) Ranníocaíochtaí leis na Scéimeanna Aoisliúntais		69,728,000	66,591,112
(iii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin Céilí agus Leanaí na Múinteoirí		19,080,000	20,029,994
2. Ranníocaíochtaí le scéim phinsin d'fhoireann neamh-mhúinteoireachta na nIonad d'Ógchiontóirí (Fo-mhírcheann C.9.)		590,000	577,793
3. Ranníocaíochtaí chuig scéim phinsin d'fhoireann nach múinteoirí iad in Ionaid do Chiontóirí Óga (Fomhírcheann C.4).		138,000	154,271
4. Aisghabháil thuarastail, srl., na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail			
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	<i>8,208,000</i>	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<i>(1,300,000)</i>	
5. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí		6,908,000	7,717,582
6. Ilghnéitheach		15,000	260,449
7. Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i Scoileanna Náisiúnta (Fo-mhírcheann C.8.)		141,000	3,941,020
		4,860,000	5,096,218
G.3. Fáltais Dara Leibhéal & Fáltais Bhreiseoideachais			
1. Aoisliúntas, srl., na Múinteoirí Meánscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Scoileanna Pobail:			
(i) Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí		48,790,000	51,093,784
(ii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin Céilí agus Leanaí na Meánmhúinteoirí		13,449,000	14,055,716
(iii) Aisíoc Aiscí faoin Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí		39,000	98,905
2. Táillí cúrsa an Athscrúdaithe Ardeistiméireachta		195,000	129,009
3. Aisíoc chion na ndéontas caipitil (Fo-mhírcheann F.2.)		8,000	8,540
4. Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.)		117,000	134,115
5. Ranníocaíochtaí i leith chostais tógála agus trealmhaithe na scoileanna pobail		103,000	-
6. Aisghabháil thuarastail, srl., na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail			
	<i>Meastachán Bunaidh</i>	<i>8,204,000</i>	
	<i>Meastachán Forlíontach</i>	<i>(1,000,000)</i>	
7. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó Thuarastail na Múinteoirí		7,204,000	7,644,242
8. Ilghnéitheach		200,000	197,974
9. Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta san oideachas dara leibhéal (Fo-mhírcheann D.12.)		149,000	1,130,454
		500,000	253,757
Iomlán		<u>210,958,000</u>	<u>283,142,952</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

G.1.

- Tharla an farasbarr go príomha toisc gur tháinig ranníocaíocht an AE le Clár Arion ní ba luaithe ná mar a measadh roimh ré.
- Tá farasbarr i bhfo-mhírcheann Chiste Sóisialta na hEorpa mar tháinig ní ba mhó fáltas ná mar a measadh roimh ré do bhabhta maoinithe 2000-2006 agus mar tháinig na fáltais ó bhabhta maoinithe 1994-1999 ní ba dhéanaí ná mar a measadh roimh ré.
- Tharla gannchion san ioncam mar rinne an Coimisiún Eorpach moill le héilimh ó 2004 a phróiseáil agus níor íocadh na héilimh ar aisghabháil i 2005 leis an Roinn faoi dheireadh na bliana 2005.

Leithreasuithe-I-gCabhair (Ar Lean)**G.2.**

- 1.1. Tharla an farasbarr mar chuaigh ní ba mhó daoine amach ar pinsean i 2005 ná mar a measadh roimh ré agus dá bhrí sin b'airde na fáltas san fho-mhírcheann ná mar a measadh roimh ré.
- 1.3. Tharla an farasbarr mar chuaigh ní ba mhó daoine amach ar pinsean i 2005 ná mar a measadh roimh ré.
3. Tharla farasbarr mar bhí na fáltas aoisliúntais ní b'airde de bharr na n-arduithe pá i 2005.
4. Tharla an farasbarr de thoradh na gcostas gan íoc ag deireadh na bliana maidir le daoine ar iasacht do 2005 agus mar fuarthas ní ba mhó fáltas ná mar a measadh roimh ré i leith ró-íocaíochtaí a aisghabháil.
5. D'eascair an farasbarr ó fhomheastachán ar leibhéal na bhfáltas ab iniúchta i 2005.
6. D'eascair an farasbarr go príomha ó aisghabháil ró-íocaíochtaí, cealuithe agus orduithe iniúchta a bhí as dáta agus fáltas ilghnéitheacha eile a bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh ina dtaobh.

G.3.

- 1.3. Tharla an farasbarr mar rinneadh fomheastachán ar leibhéal na bhfáltas do 2005.
2. Tharla an gannchion mar tháinig na táillí do 2005 go déanach i 2006 agus rinneadh ní ba lú aisghabhála táillí ná mar a measadh roimh ré.
4. Tharla farasbarr toisc gur eascair ní ba mhó fáltas aoisliúntais ó arduithe pá i 2005.
5. Ní raibh aon ranníocaíochtaí leis an bhfo-mhírcheann i 2005.
6. Tharla an farasbarr mar ag deireadh na bliana fuarthas costais do 2005 a bhí gan íoc roimhe sin maidir le daoine ar iasacht.
8. D'eascair an farasbarr go príomha ó aisghabháil ró-íocaíochtaí, cealuithe agus orduithe iniúchta a bhí as dáta agus fáltas ilghnéitheacha eile a bhfuil sé deacair meastachán a dhéanamh ina dtaobh.
9. D'eascair an gannchion go príomha ó rómheastachán ar fháltais sa chéad bhliain d'oibriú an fho-mhírchinn seo.

10 CEANGALTAIS

A. Ceangaltais Iltaobhacha					€000
Ceangaltais ar dealraitheach go dtiocfaidh siad i bhfeidhm sna blianta le					
teacht i gcomhair:-					
Fo-mhírchinn Soláthair					20
Fo-mhírchinn Deontais					1,268
B. Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitil					Iomlán
					€000
1. Ceangaltais chaipitil is infheidhmithe le dlí					
Caiteachas i 2005					622,815
Caiteachas atá le cur i bhfeidhm sna blianta le teacht					726,302
2. Ceangaltais chaipitil is infheidhmithe le dlí					
Ceangaltais chaipitil a chuimsíonn caiteachas iomlán de €12,697,380 nó níos mó					
	Caiteachas		Ceangaltais is		
	go 31 Nollaig		Infheidhmithe le		
	2,004		Dlí atá le cur i		
	€	Caiteachas	bhfeidhm sna		
		i 2005	blianta le		
		€	teacht	Iomlán	
			€	€	
Fo-mhírcheann F.2.					
1	Gairmscoil Ráth Tó	-	2,173,543	10,780,529	12,954,072
2	Eochaill	2,798,236	7,396,182	3,577,292	13,771,710
Fo-mhírcheann F.3.					
3	Baile Bhlainséir - Céim 1 Coláiste Nua ¹	45,070,559	61,503	958,230	46,090,292
4	Corcaigh - Foirgneamh Turasóireachta ¹	7,656,685	9,037,826	1,497,485	18,191,996
5	Corcaigh - Foirgneamh na bPrintiseach ¹	2,283,498	16,783	10,447,262	12,747,543
6	Gaillimh/Maigh Eo - Leabharlann ¹	27,674,970	596,837	527,088	28,798,895
7	Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Institiúid Mhic Chonnmhaigh ¹	8,713,573	2,322,886	1,735,728	12,772,187
8	Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath - Lárionad Náisiúnta um Biteicneolaíocht Cheallach ¹	2,370,564	1,277,138	14,509,474	18,157,176
9	Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath - Lárionad um Shintéis & Bitheolaíocht Cheimiceach ¹	3,237,916	6,307,639	4,163,467	13,709,022
10	Ollscoil na hÉireann, Corcaigh - Leabharlann Taighde Iarchéime ¹	-	2,035,984	11,684,992	13,720,976
Fo-mhírcheann F.4.					
11	Coláiste Mhuire gan Smál - Forbairt an Champais Céim 1a/bonneagar	942,602	1,787,649	13,149,749	15,880,000
C. Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí					
1	Coláiste Muirí Náisiúnta na hÉireann - CPP ^{2 & 3}	9,471,739	9,381,983	171,418,540	190,272,262
2	Dornán Scoileanna - CPP ^{2 & 3}	31,225,530	11,238,291	213,064,613	255,528,434
3	Scoil Cheoil Chorcaí. ²	-	-	208,363,742	208,363,742

Nótaí

- Táthar ag íoc as an gcaiteachas ar na tionscadail ó Fho-mhírcheann F.3. den Vóta seo agus ón gCiste Oideachais Eolaíochta agus Teicneolaíochta (Infheistíocht).
- Táthar ag íoc as an gcaiteachas ar na tionscadail ó Fho-mhírcheann F.6. den Vóta.
- Tar éis athbhreithnithe ar chaiteachas blianta roimhe sin, tá athcheartú déanta ar an gcaiteachas ar thionscnaimh CPP go dtí 31 Nollaig 2004.

Nóta ar Chomhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Socraítear gach tionscnamh ag an gconradh a aontaítear. Mar shampla, is í an íocaíocht aonadach don Choláiste Náisiúnta Mara (CNM) ná €8.5 milliún ach tosaíonn an íocaíocht ag laghdú go substaintiúil sna blianta níos deireannaí agus ag deireadh titeann sí go timpeall €4 milliún ag druidim le deireadh an tréimhse lamhála. Sna figiúirí a thaispeántar thuas tá costas iomlán an tionscnaimh bunaithe ar an samhail airgeadais deiridh (nach raibh ar fáil roimhe seo), an Íocaíocht Aonadach a íocadh go dtí deireadh Nollag 2005 agus CBL ar thógáil.

Is í an tréimhse lamhála le haghaidh tionscnamh CPP oideachais ná fiche is a chúig bliain. Déantar soláthar do bhoilsciú agus do thagarmharc chostas seirbhísí thar an tréimhse sin. Ar an ábhar sin tá an figiúr do Cheanglais Dhlíthiúla faoi réir athraithe ó am go ham.

Ceangaltais (Ar Lean)

Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil bliain is fiche fágtha fós i gconradh CPP na Scoileanna agus gur i nDeireadh Fómhair 2004 a chuir an Coláiste Muirí Náisiúnta tús feidhme lena chonradh a mhairfeadh cúig bliana fíchead.

Níl CBL ar na codanna oibríthe den chonradh CPP san áireamh sna figiúirí a luaitear do cheanglais infheidhmithe agus cuimsíonn siad Íocaíochtaí Aonadacha gan íoc bunaithe ar an samhail airgeadais nuair a síníodh an conradh.

Níl íocaíocht lasmuigh de na príomhchonarthaí CPP a bhí clúdaithe roimhe sin san áireamh sa toradh.

11 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon Iomlán na bhFaigh- teoirí	Faighiteoirí a fuair €6,350 nó ní ba mhó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó ní ba mhó €
Dualgas níos airde, speisialta nó bhreise	607,329	248	26	17,692
Ragobair agus freastal breise	1,155,573	440	48	33,851
Liúntais sealobre/uainchláir	31,638	6	2	15,425
Ilghnéitheach	<u>164,635</u>	96	9	13,996
Luach breise saothair san iomlán	<u>1,959,175</u>			

Nóta

Fuair daoine áirithe íocaíochtaí i ní ba mhó ná earnáil amháin

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Tugadh suim €2,878,000 anonn ó 2005 go 2006 faoi théarmaí Chomhaontú an Bhuiséid Riaracháin.

Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann B.24. cúiteamh de €470,000 i leith dhá chás sásaimh. Íocadh costais dlí arbh éard a bhí iontu ná €170,502 go hiomlán i gceithre chás eile. (S18/5/99 agus tagairt na Roinne Airgeadais 02/02/2005)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.1. suim €80,527 mar scaoilíocaíocht a rinneadh toisc gur éirigh ball foirne d'Ionaid d'Ógchiontóirí as a phost (S68/1/71)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.6. socraíocht de €185,000 i ndáil le cás sásimh ar leith. (S18/5/99 & S18/9/92)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.6. costais dlí de €133,930 a d'eascair ó sheacht gcás socrúcháin. (S18/28/76)

Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.9. cúiteamh de €105,350 a d'eascair ó éilimh a rinne naonúr ball foirne d'Ionaid d'Ógchiontóirí ar chúiteamh i ngortuithe a bhain dóibh le linn dóibh a bheith ar dualgas. Íocadh cúiteamh arbh éard a bhí ann ná €93,213 go hiomlán in dhá cheann de na cásanna seo agus i gcás amháin eile. Íocadh costais leighis agus costais eile arbh éard a bhí iontu ná €3,856 go hiomlán i gceithre chás eile. (S18/7/00 agus S68/1/71)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.9. costais dlí de €30,000 a tharla mar chuaigh ball foirne amach ar pinsean. (S68/1/71)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.9. socraíocht de €818 a d'eascair ó thimpiste bhóthair. Íocadh táillí de €121 sa chás seo freisin. (S18/7/00)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.1. cúiteamh de €1,759 do mhúinteoir i gcás a tharla mar cuireadh ar scála tuarastail go mícheart é agus chun cúiteamh a thabhairt dó sa chumhacht ceannaigh a cailleadh dá bhrí sin. (S18/9/92)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.5. suim €85,000 mar shocraíocht ar chás díobhála pearsanta a d'eascair ó thimpiste i Scoil Phobail Chuimsitheach. (S18/9/92)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.5. suim €168,333 mar shocraíocht ar aon éileamh déag ar chúiteamh I dtimpistí i Scoileanna Pobail agus Chuimsitheacha. Íocadh táillí dlí de €105,594 in ocht gcinn de na cásanna seo agus i gceithre chás déag eile. Íocadh táillí leighis agus táillí eile arbh éard a bhí iontu ná €12,801 go hiomlán i gceann amháin de na cásanna cúitimh, i gceithre cinn de na cásanna táillí dlí agus in ocht gcás eile. (S18/35/78)

Míreanna Ilghnéitheacha (ar lean)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.5. suim €33,198 mar shocraíocht ar thrí éileamh i leith timpistí i Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha. Íocadh costais de €55,055 i gceann amháin de na cásanna socraíochta agus i gceithre chás eile. (S18/35/78)

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.11. costais socraíochta de €35,000 a d'eascair ó shocraíocht ar dhá chás i ndáil le hábhar Scrúdaithe a cailleadh sa bhliain 1995. (S18/1/75)

Fuarthas suim is ionann agus €3,435 ó Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais i 2005 i dtaca le caiteachas a tarraingíodh i 2005 agus a caitheadh de réir an luacha shonraithe i 2005.

Fo-mhírcheann A.3. €
3,435

Bhunaigh an Roinn scéim fiúntais ar a dtugtar “Aitheantas” Dámhachtainí Aitheantais d’Fhostaithe, i gcomhréir le téarmaí an Chomhaontú um Bhuiséad Riaracháin. I 2005 caitheadh suim €95,250 ar scéim 2004 agus fuair 59 nduine ar leith suim €1,000 an duine agus fuair 145 duine íocaíochtaí de €250 mar chuid de dhámhachtainí grúpa. I 2005 chomh maith caitheadh suim €75,250 ar scéim 2005 agus fuair 39 nduine ar leith suim €1,000 an duine agus fuair 145 duine suim €250 an duine mar chuid de dhámhachtainí grúpa.

Forálann Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe, 2002 do bhunú Cuntais Speisialta arna mhaoiniú ó “airgead a sholáthroidh an tOireachtas” agus ó “dhuine, le cead an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais”.

Usáidtear airgead ón gCiste Speisialta, a sholáthraíonn an tOireachtas, chun dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe a íoc agus i leith chostais an Bhoird chun an tAcht a riaradh. Tagann an fhoinsé mhaoinithe eile le haghaidh an Chiste Speisialta ó airgead arna thabhairt faoi téarmaí an Chomhaontú Slánaíochta idir an Stát agus na Pobail a dhéanann ranniocaíochtaí. Tá liosta de na pobail a dhéanann ranniocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú seo.

Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

13 MAOINIÚ AE

An tsuim €103,474,208 a fuarathas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus a taispeánadh mar Leithreasuithe-i-gCabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na fo-mhírcheann seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta: Fo-mhírcheann A.1., B.5., B.20., B.22., D.1., D.6., D.8., D.9., E.6., E.7. agus E.15.

14 COIMISIÚN AGUS FIOSRÚCHÁIN, SRL.

Is é an caiteachas carnach i leith na gCoimisiún, srl., go 31 Nollaig 2005 a ndearnadh íocaíochtaí dá mbarr i gcaitheamh na bliana ná é seo a leanas:

	Bliain an Cheapacháin	Caiteachas i 2005	Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2005
Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta		€	€
Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	1999	7,726,111	27,832,217
Coiste Athbhreithnithe um Institiúidí Cónaithe	2003	314,908	1,284,662
Coiste Comhairleach um Scoileanna Nua	2002	39,680	66,539
Coimisiún um Chóiríocht Scoile	1996	265,234	2,693,311

15 DLITEANAS TEAGMHASACH

Lena chois sin, déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an Bord Sásaimh. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a shocrú ag an bpointe seo mar is obair leanúnach atá ar siúl faoi láthair ag an dá chomhlacht.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Fiosrúchán a Dhéanamh maidir le Drochúsáid Leanaí go dtí deireadh 2005 ná €27,832,217. Ag an bpointe seo meastar go mbeidh soláthar de €46 milliún ag teastáil faoi chomhair na gcostas atá fágtha le linn 2006-2008. Ba chóir caitheamh leis an meastachán triailach seo go haireach os rud é nach bhfuil measúnú deiridh déanta go fóill ag an gCoimisiún ar thoirt mhór costas dlíthiúla tríú páirtí.

Ba é an caiteachas go deireadh 2005 ar an mBord um Shásamh ná €377,518,487 agus ag an bpointe sin bhíodas tar éis timpeall 4,625 iarratas a phróiseáil as an tuairim agus 14,541 a fuair an Bord. Ón uair go bhfuarthas ní ba mhó iarratas ná mar a measadh roimh ré, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar do na costais le teacht. Ag an bpointe seo meastar go bhféadfaidh go n-eascróidh costais bhreise de suas le timpeall €950 milliún. Ní bheith faichilleach leis an meastachán seo mar bhí breis agus timpeall 10,000 iarratas le próiseáil ag an mBord ag deireadh 2005 agus mar féadaidh go dtarlóidh éagsúlacht an-mhór ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

16 RÁITEAS AR IASACHTAÍ

Iasachtaí a eisíodh i leith Meánscoileanna a thógáil agus aisíocaíocht díobh (Fo-mhírcheann G.3.3.)

	Méideanna na nIasachtaí a Eisíodh €	Aisíocaí- ochtaí Príomh- shuim €	Ús €
Tréimhse			
Ó 1 Aibreán 1968 go 31 Nollaig 2004	3,210,039	3,135,931	3,583,123
Bliain dar chríoch 31 Nollaig 2005	-	6,176	2,364
Iomlán	<u>3,210,039</u>	<u>3,142,107</u>	<u>3,585,487</u>
Méideanna Iomlána na nIasachtaí a Eisíodh	3,210,039		
Méid Iomlán na Príomhshuime a Aisíocadh	<u>(3,142,107)</u>		
Príomhshuim Gan Íoc		<u>67,932</u>	

17 CUNTAIS ILGHNÉITHEACHA

CUNTAIS NEAMHVÓTÁILTE

	Urrúis €	Airgead Tirim €	Iomlán €
Iarmhéid Airgid le haghaidh Infheistíochta ar 1 Eanáir 2005	-	1,385	1,385
Iarmhéid Airgid Thirim Tosaigh.	-	2,983	2,983
Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir 2005	794,110	-	794,110
Aistrithe go Cuntas Ioncaim	-	(14,550)	(14,550)
Cistí á Sealbhú ag Stocbhróicéir chun Stoc a cheannach ²	-	258,806	258,806
Urrúis Fuascailte ³	(54,997)	97,607	42,610
Urrúis Ceannaithe	<u>330,876</u>	<u>(346,231)</u>	<u>(15,355)</u>
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>1,069,989</u>	-	<u>1,069,989</u>

Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005

	€
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir 2005	108,677
Fáltais	60,361
Íocaíochtaí	<u>(104,620)</u>
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>64,418</u>

- 1 Bhí an iarmhéid deiridh do 2004 €2,983 easpach.
- 2 Íocadh airgead le haghaidh infheistíochta de €258,806 le stocbhróicéir na Roinne i mí na Nollag 2004 chun stoc athsholáthair a cheannach.
- 3 Níor íocadh cistí dar luach €42,610 a bhí dlite ó fhuascailt Bhanna 2004 an Stáitchiste leis an Roinn go dtí 2005.

COMHAIRLE CHLÁRAITHE

Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Comhairle Cláraithe (comhdhéanta faoin Acht um Oideachas Idirmeánach (Éire), 1914) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2005, i leith Caipitil agus Ioncaim.

Cuntas Caipitil

	Urrúis €	Airgead Tirim €	Iomlán €
Iarmhéid Airgid ar 1 Eanáir 2005 ¹	-	8,495	8,495
Coigeartú ar Iarmhéid Airgid Thirim Tosaigh. ¹	-	(8,495)	(8,495)
Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir 2005 ²	35,520	-	35,520
Coigeartú ar Iarmhéid Urrús. ²	(24,998)	-	(24,998)
Funds Held by Stockbroker for purchase of Stock ³	-	25,000	25,000
Urrúis a cheannach.	<u>23,801</u>	<u>(25,000)</u>	<u>(1,199)</u>
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>34,323</u>	-	<u>34,323</u>

Cuntais Ilghneithreacha (Ar lean)

Cuntas Ioncaim	€
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir 2005	42,553
Díbhinní a Fuarthas	1,257
Aistriú ó Fhuascailt Stoic	-
Fáltais Ilghnéitheacha	95,529
Íocaíochtaí Ilghnéitheacha	(106,272)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>33,067</u>

- Léirigh an t-iarmhéid deiridh den chuid Airgid Thirim den Chuntas Caipitil iarmhéid de €8,495 a bhí mícheart nuair ba chóir dó iarmhéid nialasach a léiriú. Bhí an t-iarmhéid ag 31 Nollaig 2004 mícheart toisc gur aistríodh an €8,495 chuig an gCuntas Ioncaim le linn 2004.
- Léirigh an t-iarmhéid deiridh de Chuntas Caipitil 2004 iarmhéid deiridh carnach de €35,520 a bhí mícheart. Bhí áibhéil déanta faoin bhfigiúr seo toisc gur íocadh €25,000 a bhí iomchuí chun athinfheistiú a dhéanamh i stoc le Stocbhróicéir na Roinne ón gcuid Ioncaim den Chuntas Caipitil. Níor críochnaíodh an próiseas maidir le stoc athsholáthair a cheannach go dtí 2005. Rinneadh maolú ar thuairisc de €2 maidir leis an iarmhéid deiridh urrús ó 2004.
- Íocadh airgead tirim de €25,000 le haghaidh infheistíochta le Stocbhróicéir na Roinne i Nollaig 2004 chun stoc athsholáthair a cheannach. Níor críochnaíodh ceannachán an stoc athsholáthair go dtí 2005.

SCOILEANNA DEARLAICE

Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Scoileanna Dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire), 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2005, i leith Caipitil agus Ioncaim.

	Urrúis €	Airgead Tirim €	Iomlán €
Iarmhéid Airgid le haghaidh Infheistíochta ar 1 Eanáir 2005	-	53,352	53,352
Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir 2005	411,151	-	411,151
Aistrithe ó Chuntas Ioncaim	-	84,876	84,876
Urrúis a Fuasclaíodh	-	-	-
Urrúis a Ceannaíodh	<u>134,560</u>	<u>(138,228)</u>	<u>(3,668)</u>
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>545,711</u>	<u>-</u>	<u>545,711</u>

Cuntas Fáltais agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005

	€
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir 2005	117,655
Fáltais	97,745
Aistrithe/Contraí	61,950
Aistriú go Cuntas Caipitil	(84,876)
Íocaíochtaí	(180,465)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2005	<u>12,009</u>

CISTÍ DEONTAS-I-gCABHAIR 2005

	€	€
Fo-mhírcheann B.1. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) (a)		848,000
Fo-mhírcheann B.8. & B.9. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachais Eile i nDáil le Gníomhaíochtaí Ógra		
Crannchur Náisiúnta (a)	33,885,122	
Státhchiste (b)	<u>10,241,529</u>	44,126,651
Fo-mhírcheann B.14. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta) (a)		253,500

Fo-mhírcheann B.16. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí atá i mbun Éire a chur chun cinn mar Lárionad Idirnáisiúnta Oideachais (Arna Mhaoiniú ón Státchiste) (b)

683,028
45,911,179

- (a) Tá miondealú ar chiste na n-íocaíochtaí ón gCrannchur Náisiúnta ar áireamh i Nóta 18.
(b) Níor maoiníodh suim €10,924,557 den chiste deontas-i-gcabhair ón gCrannchur Náisiúnta. Tá miondealú ar na híocaíochtaí a chomhdhéanann an tsuim seo ar áireamh thíos.

Miondealú ar Íocaíochtaí ón gCiste Deontas-i-gCabhair le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachais Eile i nDáil le Gníomhaíochtaí Ógra nár maoiníodh ón gCrannchur Náisiúnta

	€
Briogáid na mBuachaillí	16,350
Cara-Chumann na gCailíní	32,613
Ógra Preispitéireach	57,805
Roinn Oibre Ógra agus Leanaí na hEaglaise Meitidistí	23,232
Coiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath	6,809,020
Coiste Gairmoideachais Chontae Bhaile Átha Cliath	2,169,242
Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire	566,949
Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí	566,318
IOMLÁN	10,241,529

Cuntais Ilghneithreacha (Ar lean)

Miondealú ar Íocaíochtaí ón gCiste Deontas-i-gCabhair le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí atá i mbun Éire a chur chun cinn mar Lárionad Idirnáisiúnta Oideachais

	€
Comhairle Chomhairleach um Scoilanna Teanga Béarla	226,000
Bord Idirnáisiúnta Oideachais na hÉireann	457,028
	683,028

18 MAOINIÚ ON gCRANNCHUR NAISIUNTA

Cistí Vótáilte ón gCrannchur Náisiúnta
Íocaíochtaí sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005

€

Costais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachas Eile i nDáil le Gníomhaíochtaí Ógra	33,885,122
Gníomhaíochtaí Cultúir	253,500
An Ghacilge	1,203,112
Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh	848,000
	36,189,734

Miondealú ar Íocaíochtaí ón gCiste Deontas-i-gCabhair le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachais Eile i nDáil le Gníomhaíochtaí Ógra

€

Deontais d'Eagraíochtaí Ógra (Sceideal A)	10,965,762
Tionscadail Eile don Ógra faoi Mhíbhuntáiste (Sceideal B)	223,637
Scéimeanna na dTionscadal Speisialta don Ógra	14,588,023
Lárionaid Eolais don Ógra	1,926,450
Gaisce - Gradam an Uachtaráin	730,000
Comhairlí Saorálacha Áitiúla don Ógra	65,000
Scéim na nDeontas do Chlubanna Áitiúla Ógra	1,270,004
Comhoibriú Éire	50,155
Cabhsa	89,052
Cárta Ógra/USIT	5,618
Ilghnéitheach - Eolas don Ógra	6,245
Léargas	506,855
Seachtain Ógra Léargas, 2005	20,989
Clár Náisiúnta na Sláinte don Ógra	98,787
Clár Náisiúnta na nEalaíon don Ógra	63,400
Plean Náisiúnta Forbartha um Obair Ógra	460,000
Coiste Chomhairleach Náisiúnta um Obair Ógra	11,167

Miondealú ar Íocaíochtaí ón gCiste Deontas-i-gCabhair le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachais Eile i nDáil le Gníomhaíochtaí Ógra (Ar leanúint)	€
Comhdháil Náisiúnta don Ógra	11,946
Athbhreithniú ar Sheirbhísí Eolais don Ógra	57,626
Athbhreithniú ar an Obair Ógra	71,684
Oifigigh Forbartha Ógra do Choistí Gairmoideachais	635,002
Cúrsa Dioplóma Mhaigh Nuad	130,000
Cúrsa Teanga Béarla Chomhairle na hEorpa	42,700
Ilghnéitheach	6,315
Comhairle Náisiúnta na nÓg	51,000
Seirbhísí Ógra an Chóibh	46,000
Clár Bhreacadh an Lae	46,000
Lárionad Foghlama Cruthaithí an Bhosca Ghoirm	46,000
Seirbhísí Ógra Chontae an Longfoirt	46,000
Tionscadal Ógra Chill Dara	46,000
Tionscadal Ógra Sliabh Luachra	46,000
Tionscadal Ógra na Sionainne	46,000
Tionscadal Ógra na Gráige	46,000
Tionscadal Tacaíochta na hIdirthréimhse, Baile Átha Cliath	46,000
Seirbhísí don Ógra Lucht Siúil, Tamhlacht	46,000
Ord Mhálta	16,000
Banóglaigh na hÉireann	50,000
Comhairle Náisiúnta na nÓg	30,000
Cónascadh Náisiúnta na nÓg	5,000
Foróige	52,750
Ciste Forbartha le haghaidh na nEagraíochtaí Ógra a mhaoineáir faoi Scéim Dheontais na Seirbhíse Ógra	300,639
Teagmháil Amharclainne Leanaí na hEorpa, Corcaigh	30,000
An Óige	200,000
Dámhachtaí don Saoránach Óg	19,975
Oiliúint um Chosaint Leanaí	118,114
Cumann Náisiúnta na Lárionad don Lucht Siúil	21,000
Clubtheach Ríomhaireachta Sheirbhís Ógra Bhaile Bhlainséir	60,000
Tionscadal Iompair Choiste Ógra Phort Láirge	25,000
Tionscadal Loch Goir, Contae Luimnigh	25,000
Tionscadal na Máithreacha Óga san Oideachas, Gaillimh	25,000
Tionscadal Ógra Cheantar Fíodh Árd, Contae Thiobrad Árann	25,000
Cumann an Ógra Bhodhair, Baile Átha Cliath	25,000
Tionscadal Ógra Leathbhealaigh, Contae Phort Láirge	25,000
Tionscadal Ógra Cheantar Charraig Thuathail, Contae Chorcaí	25,000
Tionscadal Ógra Ghaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall	25,000
Tionscadal Ógra Cheantar Bhaile an Róba, Contae Mhaigh Eo	25,000
Gasra Infheictheachta den Lucht Siúil, Corcaigh	25,000
Tionscadal Ógra Cheantar Ráth Maonais	25,000
Tionscadal Chumann Críostaí na bhFear Óg, Baile Átha Cliath	12,500
Tionscadal Ógra Citywise, Contae Bhaile Átha Cliath	12,500
Tionscadal Ógra Chathair Dhún Iascaigh, Contae Thiobrad Árann	12,500
Tionscadal Ógra an Dúin Mhóir/Ghleann na Madadh, Contae na Gaillimhe	15,000
Lárionaid Eolais d'Ógra Phort Láirge/Dhún Garbhán	20,000
Briogáid na gCailíní	20,000
Introart	18,000
Ógras	4,400
Gasóga Éireann	42,000
Seirbhís Réigiúnach Ógra Thiobrad Árann	2,400
Creidmheas íochta ón gcuntas fionraí	(73)
Iomlán	33,885,122

Gníomhaíochtaí Cultúir	€
Eagraíochtaí Cultúir (Sceideal C)	253,500
An Ghacilge	€
Foilseacháin i nGacilge	1,134,112
Cúrsaí i nGacilge	69,000
Iomlán	1,203,112

Maoiniu On gCrannchur Naisiunta (Ar Lean)

Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh

€

Aontas	430,000
Bantracht na Tuaithe	23,000
An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh	298,000
Coláiste an Phobail	97,000
Iomlán	848,000

Sceideal A

Deontais d'Eagraíochtaí Ógra

€

An Óige	219,583
Seirbhísí Pobail Bhaile Átha Luain	44,797
Banóglaigh Chaitliceacha na hÉireann	313,719
Cúram an Ógra Chaitlicigh	1,033,620
Roinn Ógra Eaglais na hÉireann	216,151
Comhthraenáil na nÓgeagras Gaeilge	17,022
Cónaidhm na gCór Síochána	93,021
ECO - Club EOECA	147,566
Turgnamh sa Mhaireachtáil Idirnáisiúnta	32,400
Feachtas	107,120
Foróige	2,046,417
Briogáid na gCailíní	52,674
Banóglaigh na hÉireann	448,915
Cumann Sóisearach Lucht Trádála na hÉireann	20,612
Macra Na Feirme	543,469
Cumann Náisiúnta na Drámaíochta Ógra	121,234
Cónascadh Náisiúnta na gClubanna Saighdeoireachta	65,008
Comhairle Náisiúnta na nÓg	617,532
Cónascadh Náisiúnta na nÓg	2,392,714
Club Gan Ainm	102,500
Ógra Chorcaí	664,120
Ógras	225,371
Ord Mhálta	57,567
Gasóga Éireann	1,035,227
Seirbhísí Saorálacha Idirnáisiúnta	98,152
Oibríthe Críostaí Óga	114,835
Cumann Críostaí na bhFear Óg	134,416
Iomlán	10,965,762

Sceideal B

Tionscadail Speisialta don Ógra

€

Bord Seirbhíse Ógra Chathair Bhaile Átha Cliath - Deontas Bliantúil	118,354
Tionscadal Píolótach Bhaile Uí Rónáin	14,040
Tionscadal Loch Síleann, Coiste Gairmoideachais Chontae an Chabháin	12,110
Oifigeach Forbartha Foróige, Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	46,600
Oifigeach Forbartha Foróige, Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall	32,533
Iomlán	223,637

Sceideal C

Miondealú ar Íocaíochtaí ón gCiste Deontas-i-gCabhair le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais

€

Foras Éireann	12,700
Institiúid Scannánaíochta na hÉireann	14,000
Ceolfhoireann Náisiúnta Óige na hÉireann	127,000
Scéim Cheadail na Scoileanna	10,800
Feis Maitiú	44,500
Scoil Cheoil Ard Aidhin	44,500
Iomlán	253,500

19 STOIC

Cuimsíonn na Stoic ar 31 Nollaig 2005:	€000
Páipéarachas, Lámhleabhair, srl.	138
Tomhaltáin Teicneolaíochta Faisnéise, srl.	69
	<u>207</u>

20 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005 ná:	€000
Cáin Shiarchoinneálach	45
ÍMAT/ÁSPC	276
Cáin Bhreisluacha (CBL)	21
	<u>342</u>

21 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Mar Oifigeach Cuntasaíochta táim tar éis an Ráiteas ar an Rialú Inmheánach Airgeadais (RRIA) a shíniú.

Ina thaobh sin agus ag féachaint go sonrach don RRIA is é seo a leanas an scéal maidir le hoilúint na foirne, an Córas Bainistíochta Airgeadais, bainistíocht phriacail, slándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus an t-athbhreithniú leanúnach ar éifeachtacht an rialaithe riaracháin agus an rialaithe airgeadais.

Cinntíonn Aonad Oiliúna na Roinne go mbeidh fáil ag an bhfoireann ar oiliúint faoi raon mór clár, idir chlár airgeadais agus chlár eile, agus spreagann sé an fhoireann le feidhm a bhaint aisti. Thairis sin, cuireann an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) deis bhliantúil ar fáil do shealbhóirí post agus do bhainisteoirí cuspoirí a mheasúnú agus scileanna cuí agus riachtanais oiliúna a shainaithint a dhéanfaidh a gcion féin ar son na feidhmíochta feabhsaithe. I ndiaidh don Roinn an Córas Bainistíochta Airgeadais (CBA) ar a dtugtar Oracle (Aitheascail) a thabhairt isteach sa bhliain 2003 cuireadh oiliúint shonrach ar fáil don fhoireann. I rith na bliana 2005 chuir cuntasóir na Roinne a thuilleadh oiliúna agus forbartha foirne sna príomhréimsí ar fáil chun cabhrú le tuiscint na foirne a fheabhsú ó thaobh bhainistíochta na sócmhainní agus ó thaobh choincheapa lárnacha eile na cuntasaíochta. Tá rún ann tabhairt faoina thuilleadh oiliúna sna príomhréimsí chun cabhrú le feabhas a chur ar oibriú an CBA san am atá le teacht.

Oibríonn an Roinn Córas Bainistíochta Priacail a bhfuiltear tar éis é a shnaidhmeadh sa chóras bliantúil um pleanáil ghnó le haghaidh rannóga uile na Roinne. Cuireann an córas atá i bhfeidhm ar chumas na rannóg na priacail thábhachtacha, na rialuithe atá i bhfeidhm chun na priacail sin a bhainistiú agus aon ghníomh is gá a shainaithint. I rith na bliana 2005 cuireadh oiliúint ar fáil do na rannóga go léir ar an bpróiseas nua um bainistíocht phriacail. Déantar miondealú ar threonna ginearálta na sonraí a chuireann na rannóga ar fáil chun tuairiscí ar bhainistíocht phriacail a chur ar fáil ar bhonn rannánach agus ar bhonn corparáideach agus déanfar na tuairiscí sin a mheasúnú agus a athcheartú go leanúnach. Glacfaidh Coiste Iniúchóireachta na Roinne páirt freisin sa mheasúnacht a dhéanfar ar na priacail a shainaithnítear. Más gá sin, iarrfar ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí iniúchtaí a dhéanamh ar cheisteanna faoi leith.

Féachann an Roinn le hoibriú de réir an chleachtais is fearr i dtaobh na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide agus leanann sí de bhonneagar na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a athbhreithniú, a fheabhsú agus a uasghrádú.

I ndiaidh na meastóireachta ar an gcóras um rialú inmheánach i dtreo dheireadh na bliana 2004 d'fhéach mé chuige go ndearnadh athbhreithniú ar an scéal ar fud na Roinne go luath sa bhliain 2005 chun a chur ar a súile do na bainisteoirí go go léir go mba chóir go leanfaidh an rialú seo d'fheidhm lárnach a chomhlíonadh maidir le bainistíocht laethúil na n-oibrithe. Tá sé de rún agam an cleachtadh seo a athdhéanamh go tráthrialta. Lena chois sin, is cúram don Choiste Iniúchóireachta a athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

BRIGID MCMANUS

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005. Tugtar aird ar Chaibidil 6 de mo thuarascáil le haghaidh 2005 arna ullmhú agamsa de de bhun Alt 3 den Acht.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

AN ROINN GNÓTHAÍ POBAIL, TUAITHE AGUS GAELTACHTA

Cuntas ar an tsuim a caitheadh, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an tsuim a deonadh agus an tsuim is féidir cur leis seo mar leithghabhálacha-i-gcabhair, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais áirithe.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	11,778	11,625	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	1,055	625	11
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	1,371	1,235	55
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	470	351	18
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	1,774	1,024	(187)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	400	304	4
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	520	344	13
A.8. TOGRAÍ LEICTREONACH AN RIALTAIS	518	58	-
AN GHAEILGE AGUS AN GHAEILTACHT			
B. ÍOCAÍOCHT LEIS AN FORAS TEANGA	15,177	13,720	-
C. ÍOCAÍOCHT LE CISTE NA GAELIGE (CRANNCHUR NÁISIÚNTA)	3,362	3,268	-
D. AN COIMISINÉIR TEANGA	700	649	-
E. TITHE GAELTACHTA - DEONTAIS FAOI ACHTANNA NA dTITHE (GAELTACHT) 1929 GO 2001	4,000	4,099	-
F. SCÉIMEANNA CULTÚRTHA AGUS SÓISIALTA	8,147	8,275	3
G. SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN SA GHAEILTACHT	11,500	11,707	-
H. OILEÁIN	15,862	9,588	-
I.1. ÚDARÁS NA GAELTACHTA - CAITEACHAS REATHA	13,830	14,155	-
I.2. ÚDARÁS NA GAELTACHTA - DEONTAIS DO THIONSCAIL AGUS CAITEACHAS CAIPITIL AR FHOIRGNIMH	20,500	22,500	-
I.3. ÚDARÁS NA GAELTACHTA - TOGHCHÁN	300	347	-
J. OIFIG EORPACH DO THEANGACHA NEAMHFHORLEATHANA	50	84	-
GNÓTHAÍ POBAIL			
K. DEONTAIS PHOBAIL AGUS SEIRBHÍS DHEONACH (MAOINITHE GO PRÍOMHA AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)	39,150	30,754	30
L.1. BEARTA UM FHORBAIRT ÁITIÚIL/CHUIMSIÚ SÓISIALTA	45,700	46,575	-
L.2. FEABHAS AR CHOMHORDÚ SCÉIMEANNA FORBAIRT ÁITIÚIL AGUS POBAIL	4,022	4,837	-
M. CLÁR SÍOCHÁNA AGUS ATHMHUINTEARAIS			
<i>Meastachán Bunaidh</i>	22,739		
<i>Meastachán Forlontach</i>	(5,000)	17,739	16,316
N. TIONSCNAMH DRUGAÍ/CISTE ÁISEANNA & SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE ÓGA			
<i>Meastachán Bunaidh</i>	31,500		
<i>Meastachán Forlontach</i>	5,500	37,000	33,886
O.1. CEANTAIR LAGA ARD-RIACHTANNAIS (CLÁR)	13,700	13,444	-
O.2. RAPID	8,833	5,509	-

Scirbhís	€000	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
GNÓTHAÍ TUAITHE				
P.1. COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR		1,843	1,792	-
P.2. CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR		4,000	4,324	-
Q.1. SCÉIMEANNA FORBARTHA TUAITHE		12,197	14,629	6
Q.2. LEADER, INTERREG AGUS CLÁR SÍOCHÁNA		13,634	15,472	3
Q.3. SCÉIM SHÓISIALTA TUAITHE				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	12,000			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>13,502</u>	25,502	24,400	4
R. DEONTAS DO UISCEBHEALÁÍ ÉIREANN				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	33,216			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(1,000)</u>	<u>32,216</u>	<u>30,054</u>	<u>-</u>
An Mór-Iomlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	353,848			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>13,002</u>	366,850	345,950	65
Bain:				
S. LEITHGHABHÁLACHA-I-gCABHAIR				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	12,230			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>6,400</u>	<u>18,630</u>	<u>20,233</u>	<u>1</u>
An Glan-Iomlán				
<i>Meastachán Bunaidh</i>	341,618			
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>6,602</u>	<u>348,220</u>	<u>325,717</u>	<u>64</u>
FARASBARR DON BLIAIN 2005			€22,502,839	
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004			€6,900,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS			€15,602,839	

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas um Pholasaithe agus Prionsabail Cuntasaíochta mar aon leis na Nótaí 1 go dtí 17.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			325,717
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(445)		
Diúscairtí Airgid Tirim	1		
Dímheas	922		
Caillteanas as Diúscairtí	<u>4</u>	482	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(106)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghduithe i bhFabhrúithe Deiridh	(175)		
Laghduithe i Stoc	<u>2</u>	<u>(173)</u>	<u>203</u>
Caiteachas Díreach			325,920
Caiteachas a Thaobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas Seirbhísí Gaolmhara	2,744		
Cíosanna Barúlacha	<u>508</u>		<u>3,252</u>
Costas Oibriúcháin			<u>329,172</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			2,774
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>327</u> 3,101
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 15)		11	
Réamhíocaíochtaí		221	
Ioncam Fhabhráithe		1	
Iarmhéideanna Dochair Eile			
Fionraí		8,577	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	12,672		
Orduithe Íocaíochta gan Íoc	<u>(5,408)</u>	7,264	
Glandhliteanas don Státhiste (Nóta 5)		<u>(15,451)</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>623</u>	
Dlíteanais Reatha			
Costais Fhabhráithe		286	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Dlite don Stát (Nóta 16)	-		
Cuntais Fionraí eile	<u>390</u>	<u>390</u>	
Iomlán na nDlíteanas Reatha		<u>676</u>	
Glandhlíteanais Reatha			<u>(53)</u>
Glanshócmhainní			<u>3,048</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Gléasra & Innealra €000	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	58	3,958	386	4,402
Breiseanna	-	793	65	858
Coigeartuithe ¹	175	2	118	295
Sócmhainní Aistrithe ón Roinn Talmhaíochta agus Bia ²	-	26	-	26
Díúscairtí	-	(48)	-	(48)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>233</u>	<u>4,731</u>	<u>569</u>	<u>5,533</u>
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	50	1,718	111	1,879
Dímheas don Bhliain	6	794	45	845
Dímheas ar Choigeartuithe	18	1	33	52
Dímheas ar Shócmhainní aistrithe ón Roinn Talmhaíochta & Bia	-	26	-	26
Dímheas ar Dhiúscairtí	-	(43)	-	(43)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>74</u>	<u>2,496</u>	<u>189</u>	<u>2,759</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>159</u>	<u>2,235</u>	<u>380</u>	<u>2,774</u>

Nóta:-

1. Sócmhainní nach raibh curtha a chéadúair sa chlár nua de shócmhainní seasta 2004.

2. Baineann seo le sócmhainní a aistríodh go foirmiúil go dtí an Roinn seo i 2005 ón Roinn Talmhaíochta agus Bia ar bhonn O Ordaithe Aistrithe na bhFeidhmeanna 2002 (Tag. S.I. Uimh. 296 de 2002).

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2005

	Forbairt Tionscadal TE €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2005	609
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	106
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	(388)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2005	<u>327</u>

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr don bhliain		
Farasbarr le tabhairt suas	15,603	
Forghéilleadh iarchurtha	<u>6,900</u>	22,503
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(7,052)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>15,451</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	8,577	
Suíomh glan an Phámháistir Ginearálta agus Airgead Tirim	<u>7,264</u>	15,841
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	-	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(390)</u>	<u>(390)</u>
		<u>15,451</u>

6 FÁLTAIS BREISE INÍOCTHA LEIS AN STÁTCHISTE

	€
Aisíoch deontais ag éirí as díol maoine ag an Chúil, Co. na hIarmhí, I gcomhréir le coinníolacha an deontais.	317,435
Forghéilleadh cistí Cuntais Dhíomhaoín ó chuntas fionraí na Scéime Sóisialta Tuaithe**	6,601,945

Nóta**

Sa bhliain 2004 íocadh €10m ó Chiste na gCuntas Díomhaoín chun an Scéim Shóisialta Tuaithe a mhaoiniú, agus, ag teacht le faomhadh na Roinne Airgeadais maidir le tionscnamh na scéime, lóisteáladh é seo i gcuntas fionraí. I rith 2004 íocadh beagnach €3.4m le tairbhíthe na scéime ón gcuntas fionraí, leis an iarmhéid de €6,601,945 íoctha amach i 2005. Ina dhiaidh sin, cuireadh isteach Meastachán Forlíontach le haghaidh Vóta 27, a d'fhaomhaigh Dáil Éireann ar 13 Nollaig 2005, a chuir i gcumas, inter alia, an méid €6,601,945, a bhí coinnithe i bhfionraí ag tús 2005, a thabhairt isteach sa Vóta. D'éascaigh sin forghéilleadh iarmhéid an chuntais fhionraí don Chiste Lárnach mar Fháltas Breise don Stáitchiste, trí phróiseas faofa ag an Roinn Airgeadais (féach freisin Nótaí 8 agus 12), agus tá seo ag teacht le fionnachtana an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Bhliantúil do 2004.

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- mhír che ann	Níos lú/(mó) ná soláithríodh		Míniú
	€000		
A.2.	430		Tharla an coigealtas de bharr níos lú taistil ná mar a tuaradh do 2005.
A.4.	119		Tharla an coigealtas go príomha de bharr soláthar teagmhasach os cionn an riachtanais i 2005 i ndáil le costais poist agus teileachumarsáide.
A.5.	750		Tharla an coigealtas de bharr dul chun cinn níos moille i dtionscadail i 2005.
A.7.	176		Tharla an coigealtas de bharr leibhéal níos ísle i gcomhairliúchán ná mar a tuaradh do 2005.
A.8.	460		Ní raibh ach mionchaiteachas ar r-Rialtais toisc easpa tionscadal ag leibhéal forbartha inghlactha.
B.	1,457		Bhí an caiteachas ag Foras na Gaeilge maidir le tionscadail áirithe níos lú ná mar a bhíodhas ag tuar.
D.	51		Ba dheacair costais riaracháin Oifig nua an Choimisinéara Teanga a réamh-mheas go cruinn sa chéad bhliain dó ag feidhmiú go hiomlán.
H.	6,274		Bhí moill gan coinne le dhá mhórtionscadal infrastuchtúrtha.
I.2.	(2,000)		Bhí maoiniú breise de dhíth ó roinnt tionscadal caipitil agus ó dheontais tionsclaíocha.
I.3.	(47)		Tharla costais breise go príomha de bharr socruithe nua faoin gcód toghcháin áitiúil.
J.	(34)		Tar éis athbhreithniú a chríochnú i 2004, íocadh iarmhéid an deontais don bhliain sin i 2005.
K.	8,396		Tharla an fochaiteachas go príomha toisc an mhoill a bhain le haistriú an Chlár um Eacnamaíocht Shóisialta chuig an Roinn seo agus íocaocht deontais do phobail áitiúla.
Cíosanna barúlacha	<u>2,178</u>		<u>25,497</u>
Costas Oibriúcháin			<u>1,213,332</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitil (Nóta 3)			12,867
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>344</u> 13,211
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 17)		201	
Réamhíocaíochtaí		470	
Ioncam Fabhráithe		1,178	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Oinchistí Réamhíochta	21		
An Roinn Dlí, Comhionannais & Athchóirithe Dlí	35		
An Roinn Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta	7		
Comharduithe Dochair Ilghnétheacha	284		
Caiteachas ar féidir é a fháil ar ais	<u>761</u>	1,108	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	84,936		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	<u>(19,043)</u>	<u>65,892</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>68,849</u>	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhráithe		557	
Ioncam Iarchurtha		5,594	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Dlite don Stát (Nóta 18)	3,003		
Cistí an Aontais Eorpaigh	19,531		
Ilghnéitheach	<u>3,046</u>	25,580	
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 5)		41,420	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>73,151</u>	
Glandhílteanais Reatha			<u>(4,302)</u>
Glanshócmhainní			<u>8,909</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPÍTIL AG 31 NOLLAIG 2005

	Mótar- fheithicilí €000	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	10	25,658	8,458	34,126
Coigeartuithe ¹	0	(14)	(18)	(32)
Breiseanna	13	2,496	4	2,513
Diúscairtí	(10)	(812)	(248)	(1,070)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>13</u>	<u>27,328</u>	<u>8,196</u>	<u>35,537</u>
Dímheas Carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	4	15,155	4,828	19,987
Dímheas don Bhliain	2	2,856	701	3,559
Dímheas ar Dhiúscairtí	(4)	(740)	(132)	(876)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>2</u>	<u>17,271</u>	<u>5,397</u>	<u>22,670</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>11</u>	<u>10,057</u>	<u>2,799</u>	<u>12,867</u>

¹ Coigeartú in 2005 chun sócmhainní na bliana roimhe seo a athluacháil ag an luach ceart.

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPÍTIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2005

	Úsáideanna Ríomhaireachta €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2005	638
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	1,237
Méid díscríofa le linn 2005	(13)
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	(1,518)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2005	<u>344</u>

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farabarr le tabhairt suas	48,386	
Forghéilleadh Iarchurtha 2005	<u>29,780</u>	78,166
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		<u>(36,746)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>41,420</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Pháimháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	65,892	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>1,108</u>	67,000
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(3,003)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(22,577)</u>	<u>(25,580)</u>
		<u>41,420</u>

6 FÁLTAIS BHREISE INÍOCHTA DON STÁTCHISTE

	Measta €	Réadaithe €
Creidmheas Onnmhairiúcháin - Airgead faighte ar ais ón Iaráic	-	1,024,813
Fáltais IDA Éireann ón Tionscadal Idircheangail	880,000	1,002,068
Aisíoca Deontais IDA Éireann	144,000	143,524
Aisíoca Riaracháin IDA Éireann	-	1,280,000
Fiontraíocht Éireann - Aisíoc Deontas & Díol Infheistíochtaí	-	6,418,902
Fiontraíocht Éireann - Farasbarr d'Ioncam ó Acmhainní Féin D.1	126,000	651,000
Fiontraíocht Éireann - Farasbarr d'Ioncam ó Acmhainní Féin D.2	693,000	1,921,000
Áisíoc ó IBEC i leith Thionscadal Workway 1	-	105,591
Díol Sócmhainní FÁS	3,000	3,054
Aisíoc Deontas FÁS (Clár Oiliúna)	4,100,000	4,100,000
Aisíoc Deontas FÁS (Clár Fostaíochta)	4,900,000	4,900,000
Aisíoc Deontas FÁS (Caipiteal)	3,500,000	3,500,000
IOMLÁN	14,346,000	25,049,952

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fot- Níos lú (Níos mó)
heid ná a cuireadh ar
eal fáil €'000

Míniú

- A.7. 170 Tá an difríocht idir an Meastachán agus an Toradh ar fhotheideal A07 mar thoradh ar na fachtóirí seo a leanas: (i) airgead sábháilte ar roinn tionscadail chomhchomhairliúcháin a tugadh chun críche ar chostas i bhfad níos ísle ná an costas measta, (ii) cinneadh gan leanúint ar aghaidh le tionscadal amháin agus (iii) tús déanach curtha le tionscadal ceadaithe eile, agus mar thoradh air sin, caiteachas níos lú in 2005. Tabharfar an tionscadal sin chun críche go luath in 2006.
- A.8. 311 Bhí riachtanais fhógraíochta na Roinne níos lú ná mar a bhí siad sna blianta roimhe seo agus ní raibh tionchar mór ag Acht na dTeangacha Oifigiúla cé go ndearnadh foráil shuntasach dó.
- A.9. 1,639 Bhí caiteachas an ODCE in 2005 €1,639,079 níos lú ná a bhuiséad de €4,538,000. Sábháladh an t-airgead ar thaobh neamhphá bhuiséad an ODCE. Bhí sé sin mar thoradh ar chostais dhlíthiúla agus costais ghairmiúla eile a bhí cuid mhaith níos lú ná a measadh. Ag féachaint don líon mór iniúchtaí agus cásanna forfheidhmiúcháin atá idir lámha faoi láthair, meastar go mbeidh méadú ar an gcaiteachas sin in 2006.
- A.11. 277 Inter alia, gearradh na costais a bhain le cur i bhfeidhm córas ar líne chun iarratais ar Cheada Oibre a phróiseáil chuig an Tionscadal BASIS. Tugadh pas deartha an chórais seo chun críche go luath in 2005. Mar sin féin, socraíodh go mbeadh sé níos fearr gan leanúint ar aghaidh le forbairt an tionscadail ag feitheamh le hachtú an Bhille um Cheada Fostaíochta. Mar thoradh air sin, bhain caiteachas €245,000 níos lú leis. Iarchuireadh €27,000 breise go dtí 2006 mar níor tugadh an tionscadal um ábhair láithreán gréasáin BASIS a bhainistiú chun críche in in 2005.
- B.2. 1,253 I ndiaidh do Chomhthionól agus Feidhmeannas Thuaisceart Éireann a bheith curtha ar fionraí i nDeireadh Fómhair, d'aontaigh Rialtas na hÉireann agus Rialtas na Breataine nach bhféadfaí aon fheidhmeanna nua a bhronnadh ar na Comhlachtaí um Chur i nGníomh le linn tréimhse na fionraí. Dá dtosódh na Forais a bunaíodh i ndiaidh Chomhaontú Aoine an Chéasta ag feidhmiú arís in 2005, bheadh caiteachas InterTradeIreland níos airde ná an toradh iarbhair.

Toisc gurb é Steirling airgeadra oibriúcháin an Chomhlachta, sábháladh airgead Pá, Neamhphá agus Caipitil mar thoradh ar luainithe sa ráta malairte Euro/Steirling. Sábháladh airgead eile mar thoradh ar fhachtóirí oibriúcháin.

- C.2. 23,895 Tá sé deacair caiteachas cruinn faoin bhfotheideal seo a thomhas roimhré, mar bíonn an caiteachas bunaithe ar éileamh/gníomhaíocht eacnamaíoch. Sábháladh an t-airgead de €23,895,000 a bhí mar 20% den leithroinnt, mar thoradh ar laghdú ar na héilimh deontais a fuarthas sa ráithe dheireanach de 2005 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Lena chois sin, ní dearnadh éileamh mór deontais áirithe a rabhamar ag súil leis.
- C.3. (5,000) Bhí gá le maoiniú breise chun idirbhearta maoiné IDA Éireann a mhaoiniú. Fuarthas cead ón Roinn Airgeadais €5 milliún a aistriú ó Fhotheideal C2 chuig Fhotheideal C3 chun íoc as na costais bhreise.
- D.2. 11,800 Laghdaigh tacaíocht mhéadaithe a tugadh do Dheontais do Thionscal agus íoca do Ghníomhaireachtaí Tríú Páirtí de €0.9m, agus méadú na tacaíochta d'Eachtraí/Tacaíocht Margaíochta faoi €1.5m an t-easnamh comhlán de €14.2m agus mar sin bhí caiteachas glan níos lú de €11.8m faoin bhfotheideal seo. Bhí na heaspaí sna réimsí seo a leanas:

Cúis le Caiteachas Níos Lú	Cúis	Méid Airgid
Webworks	Moillithe i gceadúnas pleanála & tógáil	€5.6m
Siolchaipiteal & Airgead Fiontraíochta	Éileamh níos lú ná mar a rabhamar ag súil leis 2005	€4.0m
Íocaíochtaí Cothromais	Thit leibhéal na gceadaithe in 2005	€3.1m
Ionaid Fiontair Chomhphobail	Moillithe i gceadúnas pleanála & tógáil	€1.5m

Cheadaigh an Roinn Airgeadais aistriú €1.5m ó fhotheideal D1 reatha chuig fhotheideal D2 reatha chun íoc as na costais mhéadaithe a bhain le hEachtraí/Tacaíocht Margaíochta mar thoradh ar bhéim níos mó a chur ar chabhrú le cliaint rochtain a fháil ar mhargaidh/margaidh a fhorbairt.

- D.3. 1,300 Bainneann an caiteachas €1.3m níos lú faoi Fhotheideal D3 le cealú trí thionscadal de chuid Fhiontraíocht Éireann. Cuireadh na tionscadail sin ar ceal toisc go bhfuil seans ann go mbogfaidh Fiontraíocht Éireann chuig áitreabh amháin i mBaile Átha Cliath.
- E.1. 100 Cuireadh leithroinnt €100,000 ar fáil d'Fhorbairt na Sionainne in 2005. Mar a tharla na blianta roimhe seo, níor íostarraing an Chuideachta an t-airgead mar mhaoineigh ioncam a ghin an chuideachta féin an riaradh uile.
- E.2. 4,228 Tá difríocht anseo toisc go mbíonn scéim Deontas Tionscail Fhorbairt na Sionainne bunaithe ar éileamh agus mar sin bíonn sé deacair leibhéal na híostarraingte a bheidh gá leis gach bliain a thomhas roimhré. Ina theannta sin, fuair Forbairt na Sionainne aisíoca deontais cothrom le €1,042,362 i rith na bliana, agus baineadh úsáid as sin chun íoc as íoca nua. Mar sin, ní raibh an gá céanna cistí an Státhchiste a íostarraingt.
- H. 54 Bhí foráil sa leithroinnt a bhí ann ar dtús chun aon chostas a bhain le críochnú an Chláir Oibriúcháin um Fhorbairt Tionscail (OP Tionscail) 1994-1999 a thabhairt ar aghaidh. Mar a tharla, ní raibh aon chostas mar sin ann in 2005.

I.1. (496)	Meastachán	Toradh	
Reatha	€5,502,000	€6,362,600	€861,000 Aistriú Cistí
Caipiteal	€1,017,000	€652,231	€364,769 Caiteachas Níos Lú

Le linn 2005 aistríodh €861,000 chuig fhotheideal I1 ó fhotheideal M5 de Vótá na Roinne seo. Bhí gá leis an méid sin chun íoc as caiteachas pá breise Údaráis Náisiúnta Caighdeán na hÉireann (NSAI) a bhaineann le Gradam an Teicneora Saotharlainne Míochaine, éileamh 1% le haghaidh foireann theicniúil faoin gClár um Iomaíochas agus Obair (PCW) agus fostú cigirí sealadacha méadreolaíochta dlí chun tacsaimhéadair a dheimhniú.

Bhí an caiteachas Caipitil níos lú mar iarchuireadh íoc roinnt gnéithe de Chaipiteal NSAI ag feitheamh le tabhairt chun críche roinnt cúrsaí a bhaineann le haistriú na Saotharlainne Méadreolaíochta Náisiúnta (NML) ó Fhiontraíocht Éireann go NSAI.

Tá an caiteachas Caipitil NSAI, atá €365,000 níos lú, á thabhairt ar aghaidh ó 2005 go 2006.

- J.1. 8 Rinne riarthóir na scéime, banc ICC (Banc na hAlban anois), an meastachán faoi leibhéal an fhóirdheontais a mbéadh gá leis. Bhí meastachán Bhanc ICC beagán níos mó ná líon an fhóirdheontais a raibh gá leis agus mar sin bhí an caiteachas iomarcach. An chúis leis sin ná gur íocadh roinnt iasachtaí ar ais leis an mbanc luath, agus sin ní raibh gá le leibhéal measta an fhóirdheontais. Má íoctar iasachtaí roimh an dáta aontaithe, bíonn fóirdheontas úis níos lú le híoc ag an Státhchiste.

J.2.	1,460	Ba é aidhm na leithroinnt seo maoiniú a chur ar fáil do thionscadail gnó leictreonaigh agus íoc as cur i ngníomh Straitéis Gnó Leictreonaigh na Roinne. Ní bhfuarthas go leor iarratais tionscadail a chomhlíonaigh na critéir incháilitheacha agus cuireadh a lán moltaí de chuid na Straitéise Gnó Leictreonaigh i ngníomh le cabhair saineolaís in-tí (Roinn agus Gníomhaireachtaí). Mar thoradh air sin, sábháladh líon maith airgid faoin bhfotheideal seo, a tugadh chun críche ag deireadh 2005.
K.2.	6,050	Tháinig méadú ollmhór ar líon an bhuiséad costais díriú chun oiliúint a chur ar dhaoine fostaithe. Méadaíodh é ó €8.6m in 2004 go €35.6 in 2005. Chuir 25 eagraíocht seachtracha cuid mhaith den oiliúint sin ar fáil. Thóg sé roinnt mhaith ama é sin a shocrú agus bhí moilliú ar chur i ngníomh na dtionscadal. Mar sin, ní raibh sé indéanta an leithroinnt iomlán a chaitheamh roimh dheireadh 2005.
K.3.	6,500	Baineann thart ar €4.5m (70%) den sábháil airgid leis an Scéim um Fhóirdheontas Pá. Seoladh an scéim déanach sa bhliain, agus mar sin ní raibh sé indéanta an maoiniú a bhí ar fáil a chaitheamh. Baineann an t-iarmhéid le sábháil ghlan airgid thirim ar roinnt cláir dhifriúla.
K.4.	(3,300)	Cheadaigh an Roinn Airgeadais aistriú €7 milliún ó fhotheideal C2 chuig fotheideal K4 i mí Lúnasa 2005 chun athsceidealú oibre Sláinte & Sábháilteachta ag Ionaí Oiliúna FÁS a éascú agus chun cabhrú le ceannach suímh nua do Cheann-Oifig nua FÁS i mBiorra. Mar sin féin, tugadh €3.7m de chaipiteal neamhchaite ar aghaidh chuig 2006, agus mar sin tá caiteachas 2005 €3.3 milliún glan níos mó ná an Meastachán bunaidh.
M.1.	126	Níor tionóladh Cruinniú sceidealaithe na Coiste Monatóireachta, agus riaradh Aonad an ESF ar bhealach éifeachtach.
M.2.	189	TBíonn an fotheideal seo bunaithe ar éileamh agus bíonn sé an-deacair líon na n-éileamh ar íostarraingtí a bheidh ann a thomhas roimhré.
M.3.	113	Bhí an meastachán a seoladh isteach do 2005 bunaithe ar chomhfhiúir don Aonad Rialúcháin Airgeadais (FCU) agus d'Údarás Bainistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF). Níor shroich caiteachas an FCU an toradh measta agus ba é cuid den chúis leis sin gur fhág duine de na Rialaitheoirí Airgeadais a bhí ag obair don FCU i Meán Fómhair agus níor tháinig aon duine i gcomharbacht air go dtí deireadh na bliana. Bhí laghdú comhfhreagrach ar chaiteachas bainteach an Aonaid (taisteal, cothú etc.). Maidir le ESF, in 2006 a thionólfar seimineár ar fhógraíocht agus saincheisteanna eile a bhí chun a bheith ar siúl in 2005, mar thoradh ar athruithe foirne a bhí ag tarlú ag an am ag ar pleanáladh an seimineár. Sábháladh airgead mar thoradh ar riaradh éifeachtach Aonad ESF freisin.
M.5.	1,650	Baineann íostarraingt cistí faoin bhfotheideal seo le leibhéal chaiteachais agus fáltas ar chaiteachais na 43 tionscadal a mhaoineáir faoi Chomhionann. Bhí leibhéal an chaiteachais níos lú ná mar a rabhtas ag súil leis, chuid is mó mar thoradh ar mhoillithe ar fháil fáltas ó na tionscadail.
P.	140	Toisc go mbíonn sé deacair an caiteachas dóchúil faoin bhfotheideal seo a thomhas roimhré, is é an cleachtas foráil a dhéanamh do mhéid cuí airgid agus meastachán breise a lorg más gá. Le linn 2005, ní dearnadh aon iarratas ar dheontas faoin bhfotheideal seo, agus mar sin, ní raibh aon chaiteachas i rith na bliana.
R.1.	508	Ta an chúis is mó leis an difríocht seo ná airgead a sábháladh i bPá, Taisteal agus Cothú toisc go raibh moill ar fholúntais a líonadh. Bhí formhór na coda eile den difríocht mar thoradh ar iarchur chaiteachais i réimsí cosúil le hOiliúint, Teicneolaíocht Faisnéise agus gnáthchoistais oifige mar ullmhúchán d'ionchorprú Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí (ODCA) sa Ghníomhaireacht Náisiúnta nua um Thomhaltóirí.
S.2.	588	Shínigh an tUachtarán an Bille a bhunaigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA) i Nollaig 2003. Ceapadh go mbunófaí an tÚdarás le linn 2005 agus go mbeadh líon iomlán foirne agus cóiríocht oifige ann faoi dheireadh na bliana. Sábháladh airgead mar thoradh ar mhoillithe le bunú foirmiúil an Údarais agus moillithe tús a chur leis an bhfeachtas earcaíochta mar thoradh air sin. Ní raibh ach cúigear ball foirne as an ceathrar duine dhéag ceadaithe fostaithe faoi dheireadh na bliana.

- S.3. (372) Ar dtús, bhí sé ar intinn againn go mbeadh an Bord Measúnachta um Dhíobhála Pearsanta (PIAB) freagrach as bainistíocht a phárolla féin ó lár 2005. Chun cosc a chur le haon deacrachtaí teicniúla a d'fhéadfadh a bheith cúisithe ag athrú sa phárolla i lár na bliana, áfach, lean an Roinn ar aghaidh ag feidhmiú párolla an PIAB. Mar sin, eisíodh cistí breise faoi Fhotheideal S3. D'aisíoc PIAB an farasbarr faoin bhfotheideal, áfach, agus lóisteáladh an t-aisíoc sin i Leithghabhálacha-i-gCabhair "Ilghnéitheacha". Cheadaigh an Roinn Airgeadais aistriú €372,000 ó fhotheideal K3 chuig fhotheideal S2 chun íoc as an íostarraingt bhreise faoin bhfotheideal seo.
- S.4. 56 Is é aidhm an fhotheidil freastal ar chostais bhunaithe IAASA. Ceapadh go mbeadh an fhoireann uile agus an chóiríocht oifige uile ann faoi dheireadh na bliana. Bhí gné chaipítíl an mheastacháin i gceart. Sábháladh airgeadh ar ghné reatha an mheastacháin, mar thoradh, den chuid is mó, ar mhoillithe le bunú foirmiúil IAASA agus moillithe tús a chur leis an bhfeachtas earcaíochta do phríomhbhaill foirne gairmiúla mar thoradh air sin.
- T. (1,750) Cheadaigh an Roinn Airgeadais aistriú de €1.75m:
 €0.6m do thionscnaimh mhóra sláinte agus sábháilteachta sna hearnálacha talmhaíochta, oideachais agus iascaireachta.
 €0.45m don fheachtas náisiúnta faisnéise faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.
 €0.3m d'fhorbairt bhreise an Phlean um Chóras Sábháilte Oibre (SSWP) don lucht oibre nach náisiúnaigh iad.
 €0.25m d'fhorbairt Inlín/Idirlín an Údarais Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) agus d'infrastruchtúr Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide feabhsaithe.
 €0.10m chun tionscadal píolótach an Chláir um Chosaint Dheonach a thabhairt chun críche agus meastóireacht a dhéanamh air, agus chun an clár a leathnú.
 €0.05m chun scóp-phlean a fhorbairt don Straitéis Náisiúnta um Shláinte Saothair.
- U. 244 Tá difríocht idir na Meastacháin agus an Toradh faoi fhotheideal U mar níor leanadh ar aghaidh le dhá thionscadal taighde agus níor cuireadh tús le roinnt tionscadal eile a bhí chun tosú in 2005. D'fhéadfadh na tionscadail sin dul ar aghaidh in 2006.
- V. 160 Bhí caiteachas níos lú ná mar a rabhtas ag súil leis mar ní raibh na costais a mbainfeadh le ceannach spás fógraíochta agus obair deartha do Lá um Chobhsaíocht Saoil/Oibre 2006 i gceist.
- X.1. 146 Tá an t-airgead a sábháladh in 2005 mar thoradh ar chostais níos lú ná mar measadh i réimse na bhfiosruithe faoi Dhlí Cuideachta agus mar thoradh ar airgead a shábháil an Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta.
- X.2. 315 Den chuid is mó, baineann an caiteachas níos lú leis na nithe seo a leanas:
 - airgead a sábháladh ar fhógraíocht faoin Íosphá Náisiúnta méadaithe in 2005 (€79,500)
 - fiach nár gearradh in 2005 a bhaineann le headránaí a cheap Oifig na bPaitinní (€80,000)
 - níor tháinig iarratas a bhí chun teacht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil chun comh-mhaoiniú a dhéanamh ar staidéar ar Ghás an Cheaptha Teasa (€55,000)
 - costais eile nár tháinig chun cinn
- X.3. 121 Áirítear ar an bhfotheideal seo foráil a dhéanamh d'íoc aiscí báis agus pinsin fhéidearthacha do chéilí agus leanaí dá bhfaigheadh ball reatha na Cúirte Oibreachais bás agus iad i seirbhís. Áirítear air freisin foráil do scor neamhphleanáilte roimh an uasaois scoir e.g. scor mar thoradh ar dhrochshláinte. Toisc nár tharla na rudaí sin in 2005, ní raibh gá le €121,297.

8 LEITHRIS-I-GCABHAIR

	Meastachán €	Bainte Amach €
1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 56 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 (Binse Achomhairc Fostaíochta)	2,000,000	2,351,909
2. Táillí do Cheada Oibre	7,500,000	11,602,495
3. Ceadúnais Ghníomhaireachta Fostaíochta	250,000	279,470
4. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO)	16,100,000	30,960,377
5. Clár na gCumann Cairdiúil	-	116,836
6. Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963 agus Acht na bPaitinní, 1964	9,000,000	8,820,329
7. Ceadúnais um Breacthrádáil (an tÚdarás um Iomaíochas)	16,000	15,208
8. Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóra	405,000	570,437
9. Fógairt Cumasc	520,000	658,921
10. Pá FÁS	2,700,000	2,632,436
11. Ciste Sóisialach na hEorpa	49,016,000	54,290,856
12. Dlíthiúil ODCE	50,000	109,770
13. Forbairt Fiontar Chontae	78,000	84,835
14. Beartas Fiontraíochta (InterTrade Ireland)	30,000	19,737
15. Ilghnéitheach	-	825,386
Iomlán	87,665,000	113,339,002

Míniú ar Dhifriochtaí

- Forálann alt 56 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, arna leasú, go n-íocfaidh an SIF as costais riaracháin achomhairc iomarcaíochta a n-éisteanann an EAT leo. Bíonn sé deacair na costais riaracháin sin a thomhas roimhré toisc go mbíonn ragobair agus breiseanna bliantúla le cur san áireamh. Bhí sé deacair na costais a bhainfeadh le cur i ngníomh chóras teicneolaíochta faisnéise na hIomarcaíochta a mheas freisin.
- Tá an difríocht seo mar thoradh ar líon mór na n-iarratas ar cheada oibre a fuarthas nach rabhthas ag súil leo. Nuair a rinneadh an meastachán, ceapadh go mbeadh laghdú suntasach ar an éileamh ar cheada oibre mar thoradh ar na deich mballstát nua san AE in 2004 agus beartas níos righne maidir le cead a cheadú. Mar a tharla, bhí éileamh mór ann, agus eisíodh níos mó ná 27,000 cead.
- Bhí an t-ioncam i leith táillí do cheadúnais ghníomhaireachta fostaíochta níos mó ná an figiúr measta do 2005 mar thoradh ar mhargadh saothair láidir in 2005.
- Is é an rud is mó i Leithghabhálacha i gCabhair CRO ná pionóis as doiciméid a sheoladh isteach déanach. Is é cur chuige na Roinne agus an CRO meastachán coimeádach a dhéanamh faoi líon na bhfáltais ó phionóis as doiciméid a sheoladh isteach déanach. Tá sé sin toisc go bhfuil sé deacair fáltais a thomhas roimhré agus toisc gur gá a bheith neamhspléach ón ioncam seo, a bhfuil an Roinn agus an CRO ag iarraidh fáil réidh leis. Thit líon na bhfáltais ó €28m in 2003 go €18m in 2004, agus bhíodhas ag súil le titim comhchosúil in 2005. Níor tharla sé sin, toisc go raibh tionchar mór ag nósanna imeachta forfheidhmiúcháin a bhí ar siúl in 2004 ar 2005, agus mar sin iarchuireadh ioncam 2004 go 2005.
- Féadann an méid airgid a fhaigheann Clár na gCumann Cairdiúil a bheith níos mó nó níos lú ná na meastacháin, ag brath ar líon na bhfoirmeacha a sheoltar isteach agus líon na n-íoca a fhaightear gach mí. Ní féidir gníomhaíochtaí na gcumann agus na gceardchumann a gcuirfeadh iallach orthu foirmeacha a sheoladh isteach nó táillí a íoc a réamhinsint, e.g. athruithe sna rialacha, aistriú coinní etc. Ní mór do gach cumann tuairisceán bliantúil a sheoladh isteach, agus cuireann an oifig foirmeacha agus litreacha meabhrúcháin amach chun iad a spreagadh na doiciméid a sheoladh isteach roimh na teorainneacha ama reachtúla.
- Is difríocht níos lú ná 2% í an difríocht idir an meastachán agus an toradh, agus measann an oifig gur difríocht bheag é sin toisc go mbíonn sé chomh deacair leibhéal an ioncaim ó tháillí a mheas, mar athraíonn sé ó bhliain go bliain agus bíonn tionchar ag cúinsí tráchtála nach mbíonn faoi smacht na hoifige air.
- Braitheann líon na dtáillí a bhailítear le haghaidh ceadá Breacthrádála ar líon na dtrádálaithe a bhíonn sásta trádáil a dhéanamh agus na cúinsí eacnamaíochta a bhíonn ann ag an am. Ní féidir na fachtóirí sin a réamhinsint go cruinn. Bhí difríocht 5% ón meastachán ann in 2005.

Leithris-I-gCabhair (Ar lean)

8. Is é cúis an fharasbairr méadú 28% ar líon na n-iarratas ar Údarú Idirghabhálaithe Creidmheasa le linn 2005. Ní féidir an t-ioncam a thomhas go cruinn roimhré mar bíonn margadh gluaisteán na hÉireann i gcónaí ag athrú. Ina theannta sin, le linn 2005 fuarthas fineálacha Cúirte, cothrom le €3,608, a bronnadh ar an Stiúrthóir mar thoradh ar ionchúisimh.
9. Fuair an tÚdarás um Iomaíochas níos mó fógraí cumasc faoi Alt 18 den Acht um Iomaíochas, 2002, ná mar a raibh siad ag súil leo. Bhí meastachán 2005 bunaithe ar mheánlíon bliantúil na bhfógraí cumasc a cuireadh faoi bhráid an Údaráis in 2003 agus 2004. Bhí 65 fógra ann ar an meán, le hioncam €520,000 ó tháillí fógartha. In 2005, fógraíodh 84 cumasc don Údarás. Dar leis an Údarás, tá méadú tagtha ar líon na bhfógraí cumasc mar thoradh ar eacnamaíocht ata ag éirí níos fearr agus ina bhfuil cuideachtaí ag déanamh infheistíochtaí agus ag iarraidh fás.
11. Mar thoradh ar chineál na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl faoi chlár chomh-mhaoinithe an ESF, ní bhíonn an caiteachas i gcónaí mar a measadh. Mar sin, bíonn difríocht uaireanta idir figiúir mheastacháin an ESF agus fáltais an ESF.
12. Bhí an t-ioncam níos mó ná an meastachán mar bíonn sé deacair na costais a bhronnfar ar ODCE a mheas roimhré.
13. Thug na Boird Fiontair Contae agus Cathrach €84,835 ar ais in 2005. Fuarthas ocht n-íoc cothrom le €62,834 ó na Boird mar thug forbróirí tionscadal na deontais a ceadáíodh dóibh sna blianta roimhe seo ar ais do na Boird nuair nár chomhlónaigh na forbróirí sin na critéir theidilíochta níos mó – mar shampla, stop siad de bheith ag trádáil, níor lean an tionscadal ar aghaidh, nó níor chomhlónaigh siad na coinníollacha a bhain leis an deontas. Baineann €10,886 de na fáltais le hairgead bheart 1 nach raibh caite in 2004 a bhí tugtha ar ais déanach ag Bord Dheisceart Chorcaigh. Thug Bord Fiontair Chontae agus Chathair na Gaillimhe €11,115 ar ais i leith leithroinnt aonuaire a íocadh leis i mí Lúnasa 2002 faoin gClár um Ionaí Sár-chleachtais.
14. Ceapadh go gcuirfí tús le scéim phinsin Thuaidh/Theas d'fhoireann na gComhlachtaí um Chur i nGníomh Thuaidh/Theas, InterTradeIreland ina measc, an 1 Eanáir 2005. Níor cuireadh tús leis an scéim seo go dtí an 29 Aibreán 2005, áfach, agus mar sin rinne fostaithe InterTradeIreland thart ar 1/3 ranníocaíocht pinsin fostaithe níos lú ná mar a measadh go ndéanfaidís.
15. Toisc an cineál fotheidil atá ann, bíonn sé deacair a thomhas roimhré an bhfaighfí aon chistí faoin bhfotheideal seo, agus dá bhfaighfí, cé mhéad a bheidh i gceist. Bhain fáltais shuntasacha in 2005 le haisíoc costas tuarastail ag an PIAB, athghabháil ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh i leith Uachtaránacht Éireann ar an AE in 2004, costais Scrúdaithe Ard-Chúirte a bronnadh ar an ODCE agus aistriú cistí ESF ó Chuntais shuanacha ar Fionraí.

9 CEANGALTAIS

	€
(A) Ceannach	108,146
(B) Deontais	1,940,958,027
(C) Caipiteal	103,836,361

10 DLITEANAIS AIBÍ

Measadh go raibh Dliteanaís Aibí neamhscaoilte de €296,891 ann ag deireadh na bliana.

11 DLITEANAS TEAGMHASACH

I Nollaig 2004, léirigh Coimisiún na hEorpa go raibh sé ar intinn aige tús a chur le nós imeachta a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh air laghdú ar airgid ESF a bhí dlite d'Éirinn faoin Tionscnamh Comhphobail um Fhostaíocht 1994-1999. Is é €12,765,702 an luach airgid atá i gceist. Tá an Roinn ag cur go láidir i gcoinne éileamh an Choimisiúin i leith an ábhair seo.

12 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh	Líon na bhFaightheoirí *	Faightheoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó
	€			€
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	357,814	88	14	41,903
Ragobair agus tinreamh sa bheis	1,255,946	552	61	27,285
Ilghnéitheach	241,039	177	5	57,506
Luach saothair breise in iomlán	<u>1,854,799</u>			

Nóta:

*Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

13 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €29,780,000 den leithroinnt neamhchaite i leith ghné chaipitiúil Fhotheidil B.2., C.2., D.2., D.3., E.2., G., I.1. agus K.4. ar aghaidh chuig 2006.

Mar a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoi scéim an bhuiséid riaracháin tarmligthe, cuireadh €1,450,000 a bhí tugtha ar aghaidh san áireamh i Meastachán 2006.

Caitheadh €47,449 san iomlán ar ghradaim fiúntais; bronnadh €15,820 de sin ar 12 oifigigh aonair agus bhí dearbhán amháin ar luach €499. Eagraíodh cóisirí foirne in 2004 agus 2005 ar chostas €31,130.

Fuarthas €16,581 ón gCiste um Bainistíocht an Athraithe, fotheideal M de vóta Oifig an Aire Airgeadais.

Mar thoradh ar iniúchadh ar thrí Chlár Oibríochtúla ón tréimhse de Mhaoiniú Struchtúrach idir 1994 agus 1999, rinne Coimisiún na hEorpa Cinneadh in 2003 laghdú ar mhéid an mhaoinithe ESF a bhí á thabhairt d'Éirinn. Rinneadh laghdú €15,614,261 in 2004 ar na híocaíochtaí deireanacha a tugadh d'Éirinn i leith na dtrí chlár sin. Rinne an Roinn achomharc i gcoinne Chinneadh an Choimisiúin do Chúirt Cheartais na hEorpa. An 15 Meán Fómhair 2005, dhíbh an Chúirt an t-achomharc.

Baineann €8,404,000 den laghdú ar an íocaíocht le ró-iarratas a breithníodh a rinneadh ar airgead ESF do thionscadail oiliúna do dhaoine faoi mhíchumas. Chlúdaigh an Roinn an laghdú ar an íocaíocht in 2004.

Baineann €7,210,261 den laghdú iomlán le ró-iarratas a breithníodh a d'eascair as coigeartuithe a rinne an Roinn ar éilimh a cuireadh faoi bhráid Choimisiúin na hEorpa. Baineann €441,283 den mhéid seo le maoiniú a dathadh don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus a cuid Gníomhaireachtaí. Baineann an t-iarmhéid le maoiniú a dathadh do Ranna agus Gníomhaireachtaí eile.

14 MAOINIÚ AE

Cuireadh an €54,290,856 a fuarthas ó Chiste Sóisialach na hEorpa agus a thaispeántar mar leithghabháil-i-gcabhair sa chaiteachas taifeadta san áireamh faoi na fotheidil seo a leanas den Vóta :- D., K.2., M.1., M.3. and M.5.

I dteannta na ndeontas ón Vóta, in 2005, faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, fuair na seo a leanas cabhair ó Chiste Sóisialach na hEorpa agus ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa mar a léirítear thíos:

	ESF €	ERDF €	Eile €	Iomlán €
SFADCo	-	2,500,000	566,059	3,066,059
FÁS	494,081	-	1,204,838	1,698,919
An tÚdarás Náisiúnta um Shábháilteacht agus Sláinte Saothair	-	-	97,000	97,000
Iomlán	<u>494,081</u>	<u>2,500,000</u>	<u>1,867,897</u>	<u>4,861,978</u>

15 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN, ETC

Is é seo a leanas an caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2005 i leith Coimisiún etc. a ndearnadh íoca leo i rith na bliana:

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	Bliain an Cheapacháin	Caiteachas in 2005 €	Caiteachas Carnach go 31/12/2005 €
Coiste Creata Náisiúnta um Bearta Cobhsaíochta Oibre/Saoil	2004	105,381	364,808
Comhchoistí Saothair	1946	125,351	802,681
Fiosrúcháin ar Dhlí Cuideachta	1994	202,985	1,827,631
An Grúpa Athbhreithnithe Dlí Cuideachta	2000	73,764	387,455
Sábháilteacht san Ionad Oibre	2002	301,000	897,140
Bulaíocht san Ionad Oibre	2005	9,198	13,117
Coiste Iniúchta na Roinne	2005	2,000	3,600
Iomlán		819,679	4,296,432

16 ILGHNÉITHEACHA ÍOCAÍOCHTAÍ

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas faoi na hÍoca a rinneadh de réir Alt 25(1) den Acht um Áiseanna Saothair, 1987

	Iomlán don bhliain dar críoch Nollaig 2005 €	Iomlán go dtí an 31 Nollaig 2005 €
Faighthe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	5,361,186	2,883,997,738
Íochta leis an Státhchiste ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	5,361,186	2,873,120,889
Íochta leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ¹	-	10,876,880

Nóta:

¹ Mar thoradh ar ró-íoc déanta ag an DSFA leis an Státhchiste i leith an Tobhaigh Fostaíochta & Oiliúna, fuarthas cead ón Roinn Airgeadais go n-íocfadh an DETE aisíoca cothrom le €10,876,880 a bhí íochta go hiomlán faoi Dheireadh Fómhair 2004.

17 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2005	€000
Páipéarachas	100
Foirmeacha/Bileoga	24
Soláthairtí Teicneolaíochta Faisnéise	56
Ábhair Ghlantacháin	<u>21</u>
	201

18 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid atá dlite don Stát ag Nollaig 2005 ná: **€000**

Cáin Ioncaim	1,222
Aoisliúntas	1,202
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	430
Cáin Shiarchoinneálach	114
Cáin Bhreisluacha ar Cheannacháin Idir AE	<u>35</u>
	3,003

19 RIALÚ INMHEÁNACH A FHEABHSÚ

Cuireadh ráiteas faoi na rialuithe airgeadais inmheánacha don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste in éindí leis an guntas seo. Bhí an ráiteas sin leagtha amach mar is gnáth. Rinneadh na nithe seo a leanas nó tá tá sé pleanáilte na nithe seo a leanas a dhéanamh chun feabhas a chur ar an gcóras rialúcháin inmheánaigh.

Córas Bainistíochta Airgeadais

Cuireadh córas bainistíochta airgeadais nua i bhfeidhm i mo Roinn in 2004, mar chuid d'íarracht an Rialtais an Creat Bainistíochta Faisnéise (CBF) a chur i bhfeidhm sna Ranna agus sna hOifigí uile.

Tá an córas á úsáid anois in Aonad Airgeadais, Aonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Aonad Eagrúcháin na Roinne. Rinneadh scrúdú ar na roghanna atá ann maidir leis an gcóras a chur i bhfeidhm ar bhonn níos forleithne. Mar sin, tá sé beartaithe anois cur ar chumas Bainisteoirí Líne ar fud na Roinne rochtain dhíreach a fháil ar thuairiscí airgeadais ar an gcóras in 2006. Cabhróidh sé sin leo bainistíocht airgeadais níos fearr a dhéanamh ar chlár.

Grúpa Oibre um Bainistíocht Airgeadais

Bhunaigh an Roinn Grúpa Oibre um Bainistíocht Airgeadais in 2003 chun fóram a chur ar fáil ina mbeadh sé indéanta saincheisteanna bainistíochta airgeadais a thiocfadh chun cinn a mheas agus a phlé. Tá ionadaithe ó bhainistíocht shinsearach na Rannán uile sa Ghrúpa Oibre seo.

Is é ról an Ghrúpa Oibre inter alia athbhreithniú rialta a dhéanamh ar chaiteachas Clár agus Riaracháin na Roinne, airgead a d'fhéadfaí a shábháil/airgead iomarcach atá á chaitheamh i Vóta na Roinne a aithint, agus a bheith mar Chóras Rabhaidh Luaith airgeadais má tharlaíonn caiteachas breise nó caiteachas atá chuid mhaith níos lú ná a measadh.

I dteannta na bhfeidhmeanna thuas, in 2005 mheas an Grúpa Oibre dréacht-Treoirlínte na Roinne Airgeadais maidir le breac-sheiceáil a dhéanamh ar Thionscadail Chaipitiúla agus na dréacht-Treoirlínte maidir le Measúnú agus Roghnú tionscadal Caipitiúil sna hearnálacha Pobail agus Príobháideacha, agus thug an Grúpa aird ar na treoirlínte sin.

Oiliúint

Fuair formhór na foirne ag leibhéal PO agus AP cúrsa oiliúna speisialta dhá lá ar Rialachas Corparáideach Maith ag deireadh 2005, agus táthar chun an cúrsa sin a chur ar fáil don chuid eile den fhoireann ag na leibhéil sin in Aibreán 2006. Dearadh an cúrsa oiliúna chun feabhas a chur ar an tuiscint a bhí ag an bhfoireann ar bhainistíocht airgeadais, cuspóirí an tionscadail MIF agus forbairt agus úsáid táscairí feidhmíochta chun torthaí agus tionchair an chaiteachais phoiblí a mheas.

Bainistíocht Riosca

In 2005, d'eisigh an Roinn a mbeartas foirmiúil maidir le bainistíocht riosca. Sa bheartas seo, leagtar amach cuspóir na Roinne; is é sin go mbeadh an bhainistíocht in ann na rioscaí a d'fhéadfadh a chur isteach ar an eagraíocht a aithint agus a bhainistiú. Cuireadh Beartas Bainistíochta Riosca na Roinne san áireamh sa timthriall Pleanála Gnó do 2005. Coinnítear Clár Riosca ag leibhéal na Rannán agus bíonn siad tugtha cothrom le dáta ag an leibhéal sin freisin. Ansin, sníonn an fhaisnéis sin isteach i gClár Riosca ag leibhéal na Roinne.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Déanann an Roinn íarracht sár-chleachtas a chur i bhfeidhm i leith Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Bíonn caidreamh leanúnach ag an Roinn le comhairleoirí slándála den scoth chun a chinntiú go gcomhlíonann na córais nua agus na córais reatha na leibhéil slándála is airde comhchuimseach leis an riosca. Rinneadh athbhreithniú ar na gnéithe den bheartas sin a bhain le cianrochtain in 2005. Mar thoradh ar an athbhreithniú, athraíodh córais IT na Roinne, agus anois tá slándáil níos fearr ann maith le saoráidí níos fearr do lucht oibre na Roinne, a bhíonn i gcónaí ag éirí níos soghluaiste. Is gné thábhachtach den slándáil é a bheith in ann comhleanúnachas agus slánaíocht thaifid airgeadais agus eile na Roinne a chothabháil dá dtarlódh anachain nó dá mbrisfeadh an córas ar bhealach eile. Mar gheall air sin, cuireadh tús le tionscadal mór in 2005 chun leibhéal arda seasmhachta a chinntiú do chórais thábhachtacha IT na Roinne. Rinneadh formhór na hoibre a bhain leis an tionscadal seo in 2005, agus tabharfar chun críche é in 2006.

SEAN GORMAN

Oifigeach Cuntasaíochta
ROINN FIONTAR TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA
31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnte ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltis agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

EALAÍONA, SPÓIRT AGUS TURASÓIREACHT

Cuntas ar an suim caite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, I gcomórtas leis an suim deonta agus leis an suim ar glactar leis mar leithghabháil i gcabhair leisean, le haghaidh thuarsdail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-I-gcabhair a íoc.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
RIARACHÁN	€000	€000	€000
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	19,143	11,224	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	440	267	5
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	750	485	32
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	648	308	22
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	993	770	15
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	895	531	39
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	508	223	11
A.8. FÓGRAÍOCHT AGUS POIBLÍOCHT	154	117	8
SEIRBHÍSÍ TURASÓIREACHTA			
B.1. FÁILTE IRELAND - (DEONTAS-I-gCABHAIR)			
<i>Meastachán Bunaidh</i>	65,900		
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>1,500</u>	67,400	67,400
B.2. TURASÓIREACHT ÉIREANN TEORANTA - DEONTAS LE hAGHAIDH RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	17,500	17,500	-
B.3. CUIDEACHTA FORBARTHA AERFORT NEAMHCHUSTAM NA SIONNA TEORANTA - RIARACHÁN AGUS COSTAIS GHINEARÁLTA (FORBAIRT TURASÓIREACHTA) (DEONTAS-I-gCABHAIR)	782	782	-
B.4. FÓIRDHEONTAS IASACHTA LE hAGHAIDH SCÉIM FAIRSINGITHE GNÓLACHTAÍ BEAGA (TURASÓIREACHT) -ÍOCAÍOCHTAÍ ÍOCAÍOCHTAÍ LE BANK OF SCOTLAND plc.	23	7	-
B.5. CISTE MARGAÍOCHTA TURASÓIREACHTA (CISTE DEONTAS-I-gCABHAIR)	35,795	35,795	-
B.6. FORBAIRT TÁIRGE TURASÓIREACHTA (DEONTAS-I-gCABHAIR)	5,000	3,000	-
SEIRBHÍSÍ SPÓIRT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE			
C.1. DEONTAIS LE hAGHAIDH COMHLACHTAÍ SPÓIRT AGUS SOLÁTHAR ÁISEANNA SPÓIRT AGUS CAITHEAMH AIMSIRE (MAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)			
C.2. DEONTAIS LE hAGHAIDH SOLÁTHAR AGUS ATHCHÓIRIÚ LINNTE SNÁMHA		61,926	56,782
<i>Meastachán Bunaidh</i>	32,000		
<i>Meastachán Forlíontach</i>	<u>(14,472)</u>	17,528	14,101
C.3. COMHAIRLE SPÓIRT NA hÉIREANN - RIARACHÁIN AGUS COSTAS GINEARÁLTA	1,852	1,852	-
C.4. COMHAIRLE SPÓIRT NA hÉIREANN- CÚNAMH GINEARÁLTA D'EAGRAÍOCHTAÍ SPÓIRT AGUS CAITEACHAS EILE MAIDIR LE hIMEACHTAÍ SPÓIRT (DEONTAS-I-gCABHAIR) (MAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)	32,573	32,573	-
C.5. CAMPAS SPÓIRT ÉIREANN	1,651	1,361	-
C.6. BOTHAR LANSDOWNE	19,000	9,486	-

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán	Caiteachas	Fabhruithe Deiridh
	€000	€000	€000
EALAÍONA AGUS CULTÚR			
D.1. ÍOCAÍOCHTAÍ COMHCHÉIMNEACHA LE hACMHAINNÍ A GHINTEAR AG AN ARD-MHÚSAEM, AN LEABHARLANN NÁISIÚNTA AGUS AN gCARTLANN gCARTLANN NÁISIÚNTA	841	228	-
D.2. COSTAIS GHINEARÁLTA NA CARTLAINNE NÁISIÚNTA	1,730	1,480	30
D.3. COSTAIS GHINEARÁLTA ÁRAS NUA-EALAÍNE NA hÉIREANN, LEABHARLANN CHESTER BEATTY, AN CHEOLÁRAIS NÁISIÚNTA AGUS CHOMHAIRLE CHOMHAIRLEACH NA CARTLAINNE NÁISIÚNTA (DEONTAS-I-gCABHAIR)			
Meastachán Bunaidh	9,578		
Meastachán Forlíontach	1,202	10,780	10,766
D.4. TIONSCADAIL CHULTÚRTHA	4,239	3,187	4
D.5. FORBAIRT CHULTÚRTHA			
Meastachán Bunaidh	12,384		
Meastachán Forlíontach	7,421	19,805	18,531
D.6. AN CISTE OIDHREACHTA	1,270	1,270	-
D.7. MALARTÚ CULTÚRTHA IDIRNÁISIÚNTA			
Meastachán Bunaidh	2,000		
Meastachán Forlíontach	(150)	1,850	1,460
D.8. MARGAÍOCHT	1	1	-
D.9. AN CHOMHAIRLE EALAÍON (DEONTAS-I-gCABHAIR)			
Meastachán Bunaidh	38,000		
Meastachán Forlíontach	5,233	43,233	43,233
D.10 - AN CHOMHAIRLE EALAÍON (MAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA) (DEONTAS-I-gCABHAIR)	23,000	23,000	-
D.11. COSTAIS GHINEARÁLTA ARD-MHÚSAEM NA hÉIREANN	8,509	11,005	-
D.12. COSTAIS GHINEARÁLTA LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN	4,361	7,697	-
SCANNAÍOCHT			
E.1. BORD SCANNÁN NA hÉIREANN - COSTAIS RIARACHÁIN (DEONTAS-I-gCABHAIR)	2,050	2,050	-
E.2. BORD SCANNÁN NA hÉIREANN - CAITEACHAS CAIPITIL (DEONTAS-I-gCABHAIR)			
Meastachán Bunaidh	12,400		
Meastachán Forlíontach	1,500	13,900	13,900
RÁSAÍOCHT CAPALL AGUS CÚNNA			
F. AN CISTE RÁSAÍOCHTA CAPALL AGUS CÚNNA	68,350	68,350	-
An Mór-Iomlán			
Bunaidh	486,246		
Meastachán Forlíontach	2,234	488,480	460,722
Bain de:-			
G. - LEITHHRIS-I-gCABHAIR			
Bunaidh	3,241		
Meastachán Forlíontach	2,233	5,474	4,942
An Glan-Iomlán			
Bunaidh	483,005		
Meastachán Forlíontach	1	483,006	455,780
FARASBARR DON BLIAIN 2005		€ 27,226,044	
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004		€ 16,500,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS		€ 10,726,044	
Lúide:-			

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail C(h)untaíochta agus Nótaí 1 go 16.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			455,780
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tírim	(915)		
Dímheas	465		
Callúint iar diúscairtí	<u>3</u>	(448)	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tírim		378	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh		(183)	
Laghdú i Stoc		<u>(58)</u>	<u>(311)</u>
Caiteachas Díreach			455,469
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara		14,154	
Cíosanna barúlacha		<u>4,943</u>	<u>19,097</u>
Costas Oibriúcháin			<u>474,566</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			2,375
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 14)		49	
Réamhiocaíochtaí		46	
Ioncam Fabhrúithe		2	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
OPW	487		
Suimeanna Fionraí Eile	<u>93</u>	580	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tírim	33,117		
Fáltais Gan Íoc	2		
Orduithe Iochaíochta gan Ioc	<u>(11,159)</u>	<u>21,960</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>22,637</u>	
Lúide Dliteanaís Reatha			
Costais Fhabhrúithe		228	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Fionraí Ghinearálta	829		
Dlite don Stát (Nóta 15)	<u>774</u>	1,603	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 5)		<u>20,937</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>22,768</u>	
Glanshócmhainní Reatha			<u>(131)</u>
Glanshócmhainní			<u>2,244</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh Oifige Innealra Eile €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	4,347	4,424	8,771
Ath-Aicmiú	55	(55)	-
Breiscanna	735	756	1,491
Aistriú	(2,522)	(1,453)	(3,975)
Diúscairtí	(33)	(7)	(40)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>2,582</u>	<u>3,665</u>	<u>6,247</u>
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	1,337	2,108	3,445
Dímheas don Bhliain	303	161	464
Dímheas ar Dhiúscairtí	(32)	(5)	(37)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>1,608</u>	<u>2,264</u>	<u>3,872</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>974</u>	<u>1,401</u>	<u>2,375</u>

4 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2005

	Úsáideanna Ríomhaireachta €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2005	222
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	378
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	(600)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2005	=

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr don Bhliain		
Farasbarr le Forghéilleadh	10,726	
Forghéilleadh Iarchurtha	<u>16,500</u>	27,226
Deontas Státchiste gan Tarraingt Anuas		<u>(6,289)</u>
Glandliteanas don Státchiste		<u>20,937</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Staid Glan an PMG agus Airgead Tirim	21,960	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>580</u>	22,540
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(774)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(829)</u>	<u>(1,603)</u>
		<u>20,937</u>

6 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Riarachán	Lúide/(Sa Bhreis)	Míniú
án	€000	
A.1.*	7,919	Sholáthraigh an leithdháileadh costais phárola don bhliain iomlán don Roinn (na forais chultúrtha náisiúnta san áireamh). Le héifeacht ó 3 Bealtaine 2005, faoi fhórála Acht na bhForas Náisiúnta Cultúrtha, 1997, bhain Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann stádas amach mar chuideachtaí féinrialaitheacha. Ón dáta sin, le comhaontú na Roinne Airgeadais, gearradh costais phárola an dá eagrais go díreach ón bhfo-mhírcheann cuí (D.11 agus D.12) agus déanadh róchaiteachas sna fo-mhírchinn seo a sheach-chuir le fo-chaiteachas i bhFo-mhírcheann A1. Féach Nóta thíos.
A.2.	173	Tharla Coigilteas toisc caiteachas na bliana ar chostais thaistil agus chothaithe a bheith níos lú ná mar a measadh.
A.3.	265	Tharla Coigilteas toisc nár reachtaíodh cláir oiliúna a bhí beartaithe.
A.4.	340	Tharla an fo-chaiteachas toisc costais poist agus teilechumarsáide le linn 2005 a bheith níos lú ná mar a measadh. Bhí foráil sa bhfo-mhírcheann chomh maith d'Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus ní raibh gá leis an bhforáil ar fad.
A.6.	364	Tharla Coigilteas toisc nár leanadh le hathchóiriú oifige agus cothabháil ghinearálta a bhí beartaithe. Bhí forail chomh maith sa bhfo-mhírcheann do chostais nach raibh riachtanach maidir le háitrimh oifige ag Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.
A.7.	285	Tharla Coigilteas toisc nár leanadh i 2005 le roinnt tionscnaimh comhairleoireachta a bhí beartaithe.
B.4.	16	Tharla Coigilteas toisc titim i luach iasachtaí gan íoc faoin Scéim Fairsingthe Gnólachtaí Beaga. Tá dliteanas an Stáit urscaoilte ar fad anois agus an fo-mhírcheann dúnta.
B.6.	2,000	I leithdháileadh an fho-mhírchinn bhí foráil speisialta de €2m ó Bhuiséad 2005 maidir le hIonad Caomhnaithe agus Muirí Thearmainn Rónta na hÉireann. Toisc an dul chun cinn mall leis an dtionscnamh seo ní fhéadfaí an maoiniú a úsáid ach tá sé tugtha ar aghaidh go dtí 2006.
C.1.	5,144	Tharla coigilteas toisc nach bhfuarthas dóthain éilimh bailíochtaithe de luach a dhóthain uathu siúd a fuair deontais. Éileamh is cúis le caiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo.
C.2.	3,427	Tharla coigilteas toisc tarraingt anuas deontais ag na comhairlí áitiúla a bheith níos maíle ná mar a measadh. Sa bhfo-mhírcheann chomh maith bhí leithdháileadh speisialta de €3.7m ó Bhuiséad 2005 maidir le tógáil linn snámha riachtanas speisialta ag Áras Naomh Mhichíl in Átha Cliath. Ní raibh tarraingt anuas deontais i 2005, toisc easpa dul chun cinn leis an dtionscnamh, agus tá sé tugtha ar aghaidh go 2006.
C.5.	290	Tharla coigilteas toisc nár íocadh iarmhéid an chiste coinneála don Lárionad Náisiúnta Uiscíochta, toisc nach raibh críoch sásúil curtha leis an obair a bhí fágtha.
C.6.	9,514	Tharla coigilteas toisc athscagadh i bpróifíl chaiteachais an tionscnaimh, tar éis an foráil i Meastacháin 2005 a bheith aontaithe, a réitigh le dul chun cinn dóchúil an tréimhse deartha den tionscnaimh le linn 2005.
D.1.	613	Tá caiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo ag brath ar ioncam tuillte ag na forais chultúrtha náisiúnta. Níorbh ionann an t-ioncam i 2005 agus an suim sna Meastacháin toisc bunú Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar chuideachtaí féinrialaitheacha ó 3 Bealtaine 2005. Ón dáta sin níor áiríodh mar leithghabháil i gcabhair féinacmhainní ginte ag na forais sin agus dá thoradh ní fhéadfaidís aon tarraingt anuas bhreise a dhéanamh ón bhfo-mhírcheann.
D.2.	250	Ghlac Bord na nOibreacha Poiblí cúram oibreacha caipitiúla ag an gCartlann Náisiúnta, a raibh foráil dóibh faoin bhfo-mhírcheann, agus d'íoc siad astu.
D.4.	1,052	Tharla an coigilteas seo toisc nár leanadh le tionscnaimh pleanáilte áirithe a raibh maoiniú leithdháilte dóibh.
D.5.	1,274	Tharla coigilteas toisc nár fhéad líon bheag tionscnóirí tionscnaimh coinníollacha uile an deontais a chomhlíonadh in am roimh dheireadh na bliana 2005.
D.7.	390	Tharla coigilteas toisc nár tionóladh céad cruinniú iomlán Cultúr Éireann, a bunaíodh i bhFeabhra 2005, go dtí Aibreán 2005 agus níorbh fhéidir an leithghabháil mheasta ar fad a tharraingt anuas.

Riarachán	Lúide/(Sa Bhreis)	Míniú
án	A Cuireadh ar Fáil €000	
5 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITIL Á BHFORBAIRT AG 31 NOLLAIG 2005

	Feidhmchláir Ríomhaire Intí €000	Úsáideanna Ríomh -aireachta ¹ €000	Iomláin €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2005	4,328	10,303	14,631
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	5,641	19,284	24,925
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	(552)	(21,856)	(22,408)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2005	<u>9,417</u>	<u>7,731</u>	<u>17,148</u>

Nóta:

1. Meas-aistriú chuig Clár na Sócmhainní. Ní thaispeántar Talamh agus Foirgnimh sa Ráiteas um Shócmhainní Caipitiúla.

6 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farabarr le tabhairt suas		5,210
Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh		(5,913)
Glandliteanas don Státchiste		(703)
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Súiomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(2,079)	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	2,585	506
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 16)	(348)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí agus Asbhaintí Párolla	(861)	(1,209)
		(703)

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fom Níos lú/mó ná
hír- a Soláthraíodh
chea
ann

Míniú

€000

A.2.	174	Is de bharr an riachtanais don taisteal oifigiúil a bheith níos lú ná mar a measadh ar dtús atá an coigilteas seo ann.
A.3.	(233)	Is de bharr an chaiteachais i ndáil le foireann Cosanta thall sa Bhruiséil a bheith níos airde ná mar a bhíodhas ag dúil atá an barrachas ann, íoc na gcostas dlíthiúil ag eascairt as réiteach caingin chúirte nár foráladh sna Meastacháin dó, agus íocaíochtaí a rinneadh ar oiliúint CFB.
A.6.	536	Tá an coigilteas ann de thoradh caiteachas sa bhliain 2005 ar sholáthar cóiríochta oifige i ndáil le athlonnú an Bhoird Chosanta Sibhialta go Ros Cré a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag tuar.
D.	2,011	Is ann don choigilteas de dheasca líon an phearsanra Chúltaca a d'fhreastail ar oiliúint lánaimseartha a bheith ní ba lú ná mar a soláthraíodh sna Meastacháin.
F.	2,313	Tá an coigilteas ann de thoradh líon na bhfostaithe sibhialtach a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag dúil.
G.	(11,343)	Tagann an barrachas ó cheanglas chun réamh-íocaíocht ar chonradh um iompróirí pearsanra armúrtha a dhéanamh.
I.	(3,224)	Tagann an barrachas ón gceanglas chun breis feithiclí a cheannach.
J.	(1,417)	Tagann an barrachas den chuid is mó ó cheannach breosla muirí breise do longa na Seirbhíse Cabhlaigh agus ó phraghsanna breosla níos airde.
K.	(1,205)	Tarlaíonn an barrachas de dheasca chomhlíonadh na gconarthaí athchóirithe, cheannach an trealaimh bhreise le haghaidh na mísean thar lear, agus mhéadú um mhuirir fhóntas.
N.	(3,212)	Is de thoradh fháil na gceadúnas bogearraí do thionscadal na Creatlaí Faisnéise Bainistíochta agus na n-eochair-bhunchodanna cumarsáide, agus lonnú na gconarthaí cothabhála atá an barrachas ann.

Mínithe ar Chúiseanna na Difríochna idir an Toradh agus an Soláthar sa Mheastachan (ar lean)

- O. 1,287 Tagann an coigilteas ó neamhsheachadadh trealamh oiliúna éigin sa bhliain 2005.
- S. (54) Tagann an barrachas ó mhéadú um líon na n-imeachtaí eachracha ar ar freastalaíodh.
- T. 8,098 Tagann an caiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo faoi réir roinnt athróg dothuartha, lena n-áirítear líon agus luach na ndámhachtainí agus na socraíochtaí.
- U. 517 Tagann an coigilteas go príomha ó chostais a bhí ní ba ísle ná mar a bhíodhas ag dúil a bheith ann sa bhliain 2005 d'oifig úr Ombudsman Óglaigh na hÉireann agus de bharr líon na n-imeachtaí searmanais agus na gcuaireanna coigríche a bheith ní b'íse ná mar a bhíodhas ag tuar.
- V. 911 Tharla an coigilteas ó gan aon cheanglas a bheith ann do ranníocaíocht bhuiséadaithe ó Éirinn sa bhliain 2005 i leith costas comónta i ndáil le Mísín an AE.

8 LEITHRIS-I-GCABHAIR

	€	Measta €	Réadaithe €
1. Fáltais ó na Náisiúin Aontaithe maidir le liúntais thar lear, srl.		12,000,000	16,767,200
2. Fáltais ón AE maidir le costais chosanta iascach		1,000,000	936,748
3. Fáltais ó bhainc maidir le seirbhísí tionlacain airgid		2,857,000	3,856,911
4. Fáltais ó chónaí i gceathrúna oifigiúla		350,000	341,044
5. Fáltais ó chiondálacha ar aisíoc		1,400,000	1,443,784
6. Fáltais ó eisiúintí eile ar aisíoc		50,000	95,168
7. Fáltais ar bhreosla eitlíochta		130,000	127,026
8. Fáltais ar urscaoileadh trí cheannach		70,000	106,559
9. Tailte agus áitribh:-			
(1) Cíosanna, srl.	410,000		
(2) Díolacháin	<u>6,946,000</u>	7,356,000	1,206,933
10. Díol stóras iomarcach		500,000	164,226
11. Aisíoc maidir le seirbhísí pearsanra ar iasacht		100,000	156,236
12. Ilghnéitheach		<u>387,000</u>	<u>715,478</u>
Iomlán		<u>26,200,000</u>	<u>25,917,313</u>

Míniú ar Dhifríochnaí

- 1 Tagann an barrachas ó fháil riaráistí um chostais trúpaí UNIFIL agus ó luathfháil na gcostas trealamh i dtaca le UNMIL.
- 2 Tagann an t-easnamh ó roinnt tionscadal a bheith faoi Chlár Cosanta Iascach an AE gan a bheith ag dul ar aghaidh mar a bhíodhas ag pleanáil.
- 3 Tagann an barrachas ó mhéadú um ranníocaíocht na mbanc le tionlacan airgid sa bhliain 2005.
- 6 Is deacair na fáltais faoin gceannteideal seo a réamhthuar óir go mbaineann roinnt fachtóirí athraitheacha leis an gcás.
- 8 Is de bharr líon an phearsanra a urscaoileadh trí cheannach a bheith ní b'airde ná mar a bhíodhas ag dúil.
- 9 Tagann an t-easnamh ó dhíol roinnt maoine nár críochnaíodh de thoradh cúiseanna dlíthiúla.
- 10 Tagann an t-easnamh ó admhálacha do dhiúscairt an trealamh atá dulta i léig a bheith níos lú ná mar a bhíodhas ag dúil.
- 11 Tagann an barrachas ó fháil riaráistí sa bhliain 2005 a bhain leis an mbliain 2004.
- 12 Is deacair na hadmhálacha faoin gceannteideal seo a réamhthuar óir go mbaineann roinnt fachtóirí athraitheacha leis.

9 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Iltaobhacha

Meastar an figiúr domhanda do cheangaltais ar dóichí le teacht aníos sa bhliain 2006 agus sna blianta ina diaidh a bheith ag €108m. Áirítear leis seo €46m do cheannach agus mionathrú aerárthaí; €42m do cheannach trealamh chosanta agus €10m do roinnt tionscadal tógála.

(B) Ceangaltais chaopitil is infheidnithe le dlí

Caiteachas sa bhliain 2005 agus ceangaltais sna blianta ina dhiaidh sin le sásamh de bhua na dtionscadal caipitiúil mar a mbíonn conarthaí forfheidhmithe dlíthiúla in ionad ag 31 Nollaig 2005:

	€
Caiteachas	22,908,348
Ceangaltais lena sásamh sna blianta ina dhiaidhse	14,408,126

(C) Mórthionscadail Chaipitiúla

Chuathas i mbun caiteachais um thionscadal na Creatlaí Faisnéise Bainistithe le linn na bliana 2005 mar a sáróidh an costas measta iomlán €6.35m. Is iad seo a leanas na sonraí:-

Tionscadal	Caiteachas Carntha go 31/12/2004 €000	Caiteachas 2005 €000	Blianta ina Diaidh €000
Creatlach Faisnéise Bainistithe	4,336	5,112	1,340

10 DLITEANAIS AIBITHE

Tháinig na dliteanais aibithe a bhí fós le híoc faoi cheann na bliana chuig €1,303,142

11 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaightheoirí	Faightheoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht Aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	177,085	234	6	17,692
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	1,110,817	533	53	19,876
Ilghnéitheach	<u>46,160</u>	13	2	14,200
Luach saothair breise in iomlán	<u><u>1,334,062</u></u>			

Nótaí:

Fuair oifigigh mhíleata suimeanna de €38,837 agus €4,927 ó Vóta 1 agus 2 faoi seach chun dualgais a chomhlíonadh um Aides-de-Camp don Uachtarán agus don Taoiseach.

Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

12 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoi scéim tharmligthe an Bhuiséid Riaracháin, áirítear tabhairt anonn €850,000 leis an Meastachán Cosanta do 2006.

Áirítear leis an gcuntas seo faoi Fho-cheannteideal T. caiteachas de €1,506,573 ag eascairt ó éilimh dhíobhála pearsanta inar liomhnaíodh cailliúint éisteachta agus cúiteamh ann de €487,795 agus costais dlíthiúla na ngearánaithe de €1,018,778 (baineann tuairim €0.8m díobh le cúiteamh a íocadh roimh an mbliain 2005). Ní dhéantar aon fhoráil do shocrú 1,183 éileamh i ndáil le cailliúint liomhnaithe éisteachta agus 756 éileamh eile, dár tarchuireadh 1,514 díobh chuig Gníomhaireacht na nÉileamh Stáit, fós gan íoc ag 31 Nollaig 2005. Tarmligeadh bainistiú na n-éileamh um chailliúint éisteachta le Gníomhaireacht na nÉileamh Stáit le héifeacht ó Mheán Fómhair 2005.

Áirítear leis an gcuntas sin suimeanna a táscaidh thíos i ndáil le luach saothair agus costais taistil agus cothabhála, de réir mar is cuí, de phearsanra míleata i mbun oibre le heagrais éagsúla:

Eagras	€
Misin na Náisiún Aontaithe	52,826,753
Foirne Míleata (an tAE, PSC, EUMS srl.), An Bhruiséil	1,714,397
An Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip (S4/11/58)	740,299
Misin an Aontais Eorpaigh (E144/6/91)	689,404
Buanmhisean na hÉireann leis na NA, Nua-Eabhrac	131,649

As na costais iomlána de €52.8m do misin na NA, is amhlaidh a bhaineann €22.4m le costais a tabhaíodh ar bhonn neamh-aisíochta, agus baineann €30.4m le misin (UNMIL, UNIFIL agus UNFICYP) ar aontaíodh ar shocrúithe d'aisíocaíocht chostais phearsanra agus trealamh áirithe leis na NA ina leith. Ba é an tsuim a fuarthas go hiarbhrí ó na NA trí leithreasuithe i gcabhair sa bhliain 2005 ná €16.8m (Nóta 8), lenar bhain €8m de le costais phearsanra agus an fuilleach de €8.8m le costais trealamh. (Ní gá go dtagraíonn fáiltais ó bhliain ar leith do na costais a tabhaíodh i rith na bliana úd). Ba €3.7m an méid iomlán a bhí dlite ó na NA ag deireadh 2005, (don bhliain sin agus do bhlianta roimhe sin) lena n-áirítear costais phearsanra de €1.6m.

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €75,591 i ndáil le luach saothair oifigigh mhíleata amháin ar iasacht d'Óglaigh na hÉireann Bord Proinntí (S4/30/40 agus S4/11/58).

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €203,682 i ndáil le luach saothair thríúir oifigeach míleata a fuarthas ar iasacht do Chumann Ionadaíoch na nOifigeach Coimisiúnaithe. Soláthraíodh cóiríocht oifige agus seirbhísí poist agus teileachumarsáide gan aisíoc don Chumann (S4/8/90 agus S4/9/90).

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €176,920 i ndáil le luach saothair agus costais taistil agus cothabhála ceathair den phearsanra míleata a tugadh ar iasacht do Chumann Ionadaíoch na gCéimeanna Eile sna hÓglaigh agus suim de €68,568 i ndáil le cóiríocht oifige agus seirbhísí poist agus teileachumarsáide don Chumann féin (S4/8/90 agus S4/9/90).

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €52,694 i ndáil le costais oibriúcháin Chumann Ionadaíoch na nÓglach Cúltaca. Soláthraíodh cóiríocht oifige gan muirear a ghearradh don Chumann (S4/14/93).

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €25,358 i ndáil le luach saothair de státseirbhíseach a cuireadh ar iasacht do Cheardchumann na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí i gcomhthéacs na Comhpháirtíochta.

Áirítear leis an gcuntas seo an tsuim de €46,828 i ndáil le luach saothair do bheirt státseirbhíseach a cuireadh ar iasacht chuig An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

Tugadh cúnamh gan muirear a ghearradh don Gharda Síochána le diúscairt na n-ábhar pléascach (S4/17/63).

Soláthraíodh aerárthaí de chuid an Aerchóir gan táille do Ranna Rialtais eile agus don Gharda Síochána.

Áirítear leis an gcuntas seo costais oibriúcháin iomlána de chuid aerárthach sciatháin dobhogtha an Gharda agus héileacaptar amháin an Gharda, agus costais phiólóta amháin an dara héileacaptar de chuid an Gharda.

Soláthraíodh aerárthaí an Aerchóir gan táille d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i gcomhair misean otharchairr (S72/7/75).

Tugadh seirbhísí institiúideacha agus othar seachtracha do phearsanra Óglaigh na hÉireann agus do chleitiúnaigh le pearsanra liostáilte sna hospidéal sibhialta gan feidhmiú an mhuirir reachtúil agus sna hospidéal mhíleata gan táille d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. (S4/40/51 agus S72/7/75).

I dteannta an méid a caitheadh faoi Fho-cheannteideal F, fuarthas an tsuim de €21,450 ón gCiste um Bainistiú Athrú, Fo-cheannteideal M. den Vóta d'Oifigeach an Aire Airgeadais.

Míreanna Ilghéitheacha (Ar Lean)

Cailliúint nó díobháil do stórais, trealamh nó maoin nárbh fhéidir faillí a chur i leith aon duine; tháinig an tsuim de €272,974 i ndíscríobh mar thoradh air (S4/11/62).

Tháinig an tsuim de €25,637 de dhíscríobh mar thoradh ar thríocha cás de dhíobháil d'fheithiclí míleata (S4/11/62).

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de €151,740 san iomlán sa bhliain 2005 le pearsanra míleata (€138,350) agus le státseirbhísigh (€13,390).

Caitheadh €15,129 san iomlán ar dhámhachtainí faoin Scéim um Aithint de Chruthúnas Eisceachtúil le 36 dámhachtain grúpa ann idir €40 agus €1,120.

13 MAOINIÚ AN AE

Fuarthas leithreasuithe i gcabhair de luach €936,748 ó Chlár Faireachais Chosanta Iascach an AE i ndáil le caiteachas a chuathas ina bhun um chaomhnú agus bainistiú na n-acmhainní iascach faoi fho-cheannteidil H. agus J.

14 MAOINIÚ AN CHRANNCHUIR NÁISIÚNTA

Fo-cheannteideal	Cur síos	€
Y.	Coiste an Asgard (Deontas-i-gCabhair)	1,123,000

15 STOIC

	€000
Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2005:	
Stoic Mhíleata	191,563
Stáiseanóireacht, Lámhleabhair, srl.	41
Tomhaltáin TF, srl.	<u>29</u>
	<u>191,633</u>

16 DLITE DON STÁT

	€000
Is éard a bhí sa mhéid atá dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005 ná:	
Cáin Ioncaim	78
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	1
Cáin Shiarchoinneálach	174
Cáin Chonarthaí Iomchuí	55
Aoisliúntas	<u>40</u>
	<u>348</u>

MICHAEL HOWARD

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN COSANTA

31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Cosanta le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

PINSIN AIRM

Cuntas den tsuim a caitheadh, sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus den tsuim ar féidir a fheidhmiú mar leithreasuithe-i-gcabhair ina teanntasa, ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, srl., agus ar il-ranníocaíochtaí agus il-chaiteachais a mbaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
BORD NA bPINSEAN AIRM			
A. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	98	97	-
PINSIN, LIÚNTAIS, SRL.			
B. SCÉIMEANNA FÓRSAÍ COSANTA (PINSIN) AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍS AISTRITHE	157,042	150,331	-
C. PINSIN CHRÉACHTA AGUS MHÍCHUMAIS, LIÚNTAIS AGUS AISCI D'IARBHAILL NÓ MAIDIR LE HIARBHAILL NA nÓGLACH	9,700	8,640	-
D. ÍOCAÍOCHTAÍ LE NÓ MAIDIR LE hATHLAOCHRA CHOGLADH NA SAOIRSE	2,515	2,505	-
E. ÍOCAÍOCHTAÍ CÚITIMH	300	119	-
F. FEARAIS LIACHTA, COSTAIS TAISTIL AGUS THEAGMHASACHA	<u>137</u>	<u>78</u>	=
An Mór-Iomlán	169,792	161,770	-
<i>Bain de:-</i>			
G. - LEITHRIS-I-gCABHAIR	<u>5,400</u>	<u>5,685</u>	=
An Glan-Iomlán	<u>164,392</u>	<u>156,085</u>	=
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€8,307,413		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail C(h)untasaíochta agus Nótaí 1 go 7.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000
Toradh Glan	156,085
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	<u>1,752</u>
Costas Oibriúcháin	<u>157,837</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Reatha			
Fionraí		4	
Iarmhéid an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	2,926		
Orduithe Íochaíochta gan Íoc	<u>(2,122)</u>	<u>804</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>808</u>	
Lúide Dliteanaís Reatha			
Fionraí		2	
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 3)		<u>806</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>808</u>	
Glanshócmhainní			<u>=</u>

3 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farabarr le tabhairt suas		8,307
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(7,501)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>806</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Súiomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	804	
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	<u>4</u>	808
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát (Nóta 7)	-	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(2)</u>	<u>(2)</u>
		<u>806</u>

4 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fom-
írch- Níos lú/(mó) ná
eann a Soláthraíodh
€000

Míniú

- | | | |
|----|-------|--|
| C. | 1,060 | Is de bharr neamh-íochta le linn na bliana 2005 de mhéaduithe áirithe pinsin é bunús an choigiltis dár áiríodh soláthar sa Mheastachán. |
| E. | 181 | Ní féidir an caiteachas a mheas go cruinn faoin bhfo-cheannteideal seo lena n-áirítear soláthar d'íocaíochtaí cúitimh i ndáil le bás agus míchumas bhaill na mBuan-Óglach agus iad i mbun seirbhíse thar lear. |
| F. | 59 | Tharla an coigiltas de thoradh caiteachais ar sholáthar agus cothabháil na bhfearas máinliachta a bheith ní ba lú ná mar a bhíodhas á thuar. |

5 LEITHRIS-I-GCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin na bhFórsaí Cosanta um Chéilí agus Leanáí	4,695,000	4,866,787
2. Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsean Ranníocach na bhFórsaí Cosanta	600,000	677,050
3. Aisghabháil ró-íocaíochtaí	35,000	25,411
4. Iocaíochtaí a fuarthas maidir le seirbhís aistrithe	20,000	52,242
5. Ilghnéitheach	<u>50,000</u>	<u>63,086</u>
Iomlán	<u>5,400,000</u>	<u>5,684,576</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

2. }
4. } Is deacair na hadmhálacha faoi na ceanteidil seo a réamh-mheas.
5. }

6 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Tharla ollchailteanas de €30,532 de bharr 57 cás de ró-íocaíocht ó phinsin/liúntais, as ar aisghabháladh €1,406 agus díscríobhadh €29,126 (S4/11/62).

7 DLITE DON STÁT

Ba nialas an méid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005.

MICHAEL HOWARD
Oifigeach Cuntasaíochta
AN ROINN COSANTA
31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Phinsin an Airm le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Cosanta i ndáil leis an Vóta ar Phinsin an Airm. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháiltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
12 Meán Fómhair 2006

GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

Cuntas den tsuim caite, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an suim ceadaithe agus den tsuim ar féidir a chur i bhfeidhm mar leithreasáí-i-gcabhair chomh maith, do thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, do sheirbhísí áirithe tugtha ag an Oifig sin, agus do dheontais áirithe lena n-áirítear deontas-i-gcabhair.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	175,119	177,004	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	4,577	3,775	191
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	10,178	5,049	286
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	14,505	14,722	(373)
A.5. FEARAIS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE	14,164	13,485	(532)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	6,000	6,032	313
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	8,000	3,893	25
A.8. ÍOCAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA	61,426	55,680	4,375
A.9. AN tSOCHAÍ FAISNÉISE - RIALTAS LEICTREONACH - REACH	10,462	14,393	36
A.10. AN tSOCHAÍ FAISNÉISE - RIALTAS LEICTREONACH - NUACHÓIRIÚ NA SEIRBHÍSE CLÁRAITHE SIBHIALTA	1,764	56	-
CÚNAMH SÓISIALACH			
B. PINSEAN SEANAOISE - (NEAMH-RANNÍOCACH)	627,900	631,299	-
C. PINSEAN NA nDALL	16,900	16,661	-
D. SOCHAR LINBH	1,915,700	1,899,936	-
E. CÚNAMH DÍFHOSTAÍOCHTA	690,000	667,483	-
F. SCÉIM CHÚNAIMH FHEIRME	63,600	67,284	-
G. SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA FOSTAÍOCHTA	107,543	106,613	-
H. LIÚNTAS RÉAMHSOIR	105,800	102,879	-
I. ÍOCAÍOCHT TEAGHLAIGH AONTUISMITHEORA	769,700	751,102	-
J. PINSIN BHAINTRÍ, BHAINTRÍ FIR AGUS DÍLLEACHTA (NEAMH-RANNÍOCACHA)	132,600	131,040	-
K. CÚNAMH SÓISIALACH AGUS LIÚNTAIS EILE	11,500	11,482	-
L. FORLÍONADH IONCAIM THEAGHLAIGH	73,800	72,152	-
M. LIÚNTAS CÚRAMÓRA	212,200	223,059	-
N. LIÚNTAIS LEASA FHORLÍONTACHA	702,400	671,308	-
O. LIÚNTAS MICHUMAIS	636,200	630,728	-
P. DEONTAS CÚRAIM FAOISIMH	36,000	34,301	-
Q. SAORSCÉIMEANNA (CÚNAMH)	204,092	201,377	11,527
R. SEIRBHÍS BHUISÉADAITHE AGUS COMHAIRLE AIRGID	13,620	13,593	-
S. GNÍOMHAIREACHT UM THACAÍOCHT TEAGHLAIGH	24,466	22,869	-
T.1. DEONTAS DON GHNÍOMHAIREACHT UM CHOMHRAC NA BOCHTAINÉ (DEONTAS-I-gCABHAIR)	4,236	4,236	-
T.2. CLÁR GNÍOMHAÍOCHTA POBAIL AN AE CHUN DUL I gCOMHRAC AN EISIATA SÓISIALTA 2002-2006	123	64	-

Gnóthaí Sóisialacha Agus Teaghlaigh**Vóta 38**

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
U. DEONTAS DO COMHAIRLE	20,917	20,917	-
V. SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA	15,033	15,975	17
An Mór-Iomlán	6,690,525	6,590,447	15,865
<i>Liúide :-</i>			
W. - LEITHRIS I GCABHAIR	<u>156,573</u>	<u>149,324</u>	=
An Glan-Iomlán	<u>6,533,952</u>	<u>6,441,123</u>	<u>15,865</u>
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS	€92,828,548		

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			6,441,123
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(7,359)		
Dímheas	8,283		
Calliúint ar Diúscairtí	<u>10</u>	934	
Sócmhainní á bhForbairt			
Íocaíochtaí in Airgead Tirim		(14,405)	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Méadú i bhFabhruithe Deiridh	8,366		
Laghdú i Stoc	<u>138</u>	<u>8,504</u>	<u>(4,967)</u>
Caiteachas Díreach			6,436,156
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	26,597		
Cíosanna Barúlacha	<u>13,661</u>		<u>40,258</u>
Costas Oibriúcháin			<u>6,476,414</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			24,245
Sócmhainní á bhForbairt (Nóta 4)			<u>23,814</u> 48,059
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 12)		1,447	
Réamhiocaíochtaí		1,393	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Airleacain chuig An Post do Chaiteachas Postais	1,185		
Fionraí	6,202		
Airleacain chuig OOP do threalamh oifige agus obair leitreach	220		
Caiteachas Eile ar Féidir a Aisghabháil	<u>313</u>	7,920	
Iarmhéid an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim ¹	25,315		
Orduithe Íocaíochta gan Íoc	<u>(6,515)</u>	<u>18,800</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		<u>29,560</u>	
Lúide Dhliteanas Reatha			
Glandliteanas don Stáitchiste (Nóta 5)		17,878	
Costais Fhabhratthe		17,258	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile:			
Dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh maidir le			
Íocaíochtaí Saorscéime agus Dífhostaíochta	659		
Dlite don Stát (Nóta 13)	5,780		
Aisbhaintí ó Thuarastail	2,006		
Fionraí	<u>397</u>	<u>8,842</u>	
Iomlán na nDlitéanas Reatha		<u>43,978</u>	
Glandhliteanas Reatha			<u>(14,418)</u>
Glanshócmhainní			<u>33,641</u>

Nóta 1: Iarmhéideanna PMG móide iarmhéideanna i gcuntais fhionraí m.sh. An Post

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPITILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh Oifige Innealra Eile	Troscán agus Feistis	Iomláin
	€000	€000	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	148,593	21,098	169,691
Breiscanna	6,566	1,163	7,729
Díuscáirtí	(240)	(26)	(266)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>154,919</u>	<u>22,235</u>	<u>177,154</u>
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	130,902	13,980	144,882
Dímheas don Bhliain	6,838	1,445	8,283
Dímheas ar Dhiúscairtí	(239)	(17)	(256)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>137,501</u>	<u>15,408</u>	<u>152,909</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>17,418</u>	<u>6,827</u>	<u>24,245</u>

4 RÁITEAS AR SHÓCMHAINNÍ CAIPITIÚLA Á bhFORBAIRT AR 31 NOLLAIG 2005

	Feidhmchláir Riomhaire €000
Méideanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2005	9,733
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain ¹	14,405
Aistrithe go Clár na Sócmhainní	(324)
Méideanna tógtha ar aghaidh ar 31 Nollaig 2005	<u>23,814</u>

Nóta 1: Níl bogearraí forbartha go himmheánach a forbraítear go hiomlán le linn na bliana san áireamh mar íocaíochtaí airgid.

5 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Fharasbarr le Forghéilleadh ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Farasbarr le tabhairt suas		92,829
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(74,951)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>17,878</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	7,920	
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	<u>18,800</u>	26,720
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(5,780)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(3,062)</u>	<u>(8,842)</u>
		<u>17,878</u>

6 FÁLTAIS BHREISE INÍOCTHA DON STÁTCHISTE

	€
Airgead Coinsiasa	13,692
Costais Fhinnéithe	<u>1,836</u>
	15,528

7 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- Níos Lú/(Mó)
theid Ná Soláthartha
eal

Míniú

	€000	
A.3.	5,129	Faoi Chinneadh Rialtais, mhol an tAire Airgeadais do gach Aire méid teagmhais a aontú lena Oifigeach Cuntasaíochta le bheith coinnithe siar chun foráil a dhéanamh d'imthosca gan choinne a d'fhéadfadh teacht chun cinn i 2005. An chúis ba mhó leis an sábháil ar an bhfotheideal ná nach raibh gá le teagmhas na Roinne a úsáid i 2005.
A.7.	4,107	An chúis ba mhó leis an sábháil seo ná go raibh moilleanna ar straitéisí a thabhairt chun críche agus a chur i bhfeidhm ar roinnt cláir mhóra, lena n-áirítear Seachadadh Seirbhíse a Nuachóiriú (SSN), chun ionracas sonraí agus réitigh feabhsuithe agus comhtháite a chinntiú do chustaiméirí.
A.9.	(3,931)	Chuaigh forbairt Bhróicéir na Seirbhísí Poiblí (BSP) chun cinn ag luas agus ar scála nach rabhthas ag súil leis agus na meastacháin don bhliain á dhéanamh i 2004. Mar thoradh ar seo, chuaigh caiteachas thar an meastachán tosaigh.
A.10.	1,708	Ba lú ná mar a bhíodhas ag súil leis an caiteachas do 2005 mar gheall ar mhoilleanna chun tosach feidhme a thabhairt do na hailt iomchuí den Acht um Chlárú Sibhialta 2004, a bhaineann le clárú breitheanna agus básanna.
F.	(3,684)	Tharla an farasbarr do chuid is mó toisc líon na bhfaighteoirí a bheith níos mó ná mar a bhí ceaptha dóibh.
M.	(10,859)	Tharla an farasbarr do chuid is mó toisc líon na bhfaighteoirí a bheith níos mó ná mar a bhí ceaptha dóibh.
S.	1,597	Bhí an sábháil toisc go raibh caiteachas ar chíosanna, chothú, thuarastail agus taighde níos lú ná mar a ceapadh.
T.2.	59	Bhí na hiarratais ar mhaoiniú faoin gclár seo níos lú ná mar a bhíodhas ag súil le, agus bhí roinnt rannpháirtithe sa chlár in ann a pháirteachas a mhaoiniú ó fhoinse eile.
V.	(942)	Bhí an farasbarr toisc caiteachas ar Bhéilí Scoile (tionscadail áitiúla) a bheith níos mó ná mar a bhí ceaptha dóibh, don chuid ba mhó, cúitithe beagán ag an sábháil ar an dáileadh don Staidéar Fadaimseartha Náisiúnta ar Leanaí.

8 LEITHRIS I GCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1. Aisghabháil de chostais riaracháin ón gCiste Árachais Shóisialaigh	140,300,000	131,307,654
2. Aisghabhálacha de ró-íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh	9,100,000	9,382,482
3. Aisíoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith méideanna a íocadh ar dtús mar Chúnamh Sóisialach	4,700,000	5,688,698
4. Fáiltais faoi na forálacha i gCuid IX den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú) 1993 maidir le “Dlíteanas um Theaghlach a Chotheú”	1,900,000	1,902,205
5. Ilghnéitheach	<u>573,000</u>	<u>1,043,252</u>
Iomlán	<u>156,573,000</u>	<u>149,324,291</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

- 1 Costais riaracháin níos lú ná mar a bhí measta.
2,3,4 & 5 Ní féidir fáiltais faoi na teidil seo a thuar go cruinn.

9 CEANGALTAIS

Tagann na geallta ar cosúil a thiocfaidh chun cinn sna blianta ina dhiaidh go €10,495,987

10 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí a fuair €6,350 nó mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	457,206	329	15	17,714
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	3,811,316	2,039	125	25,498
Liúntais sealóibre agus uainchláir	341,878	52	28	11,766
Ilghnéitheach (Liúntas na dToscairí)	15,563	19	-	-
Luach saothair breise in iomlán	<u>4,625,963</u>			

Nóta: Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

11 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a aontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin Scéim Buiséadaithe Riaracháin tiomnaithe, tá coigilteas de €6,366,000 tugtha ar aghaidh ó 2005 san áireamh sna meastacháin do 2006.

Bhí iomlán de €45,278 caite ar an scéim Ionchuir (DP6/84) le dámhachtainí tugtha do 79 oifigeach.

Bhí iomlán de €269,113 caite ar dhamhachtainí luaíochta mar a foráladh faoin Sceim Buiséadaithe Riaracháin, déanta suas de 73 dámhachtain aonair ó €300 go €1,000 agus 65 dámhachtain fhoirne ó €600 go €13,400.

Bhí iomlán de €63,046 i gcostais chúitimh agus costais choibhneasacha dlíthiúla agus ilghnéitheacha in ocht gcásanna d'eilimh um ghortú pearsanta déanta ag fostaíthe.

Rinneadh íocaíocht de €30,000 mar réiteach lasmuigh de na cúirteanna i gcás amháin ina raibh caingean dlí tugtha ag oifigeach sa Roinn.

Rinneadh íocaíochtaí de €18,222 in iomlán maidir le costais dlí agus damáistí le beirt maidir le gortuithe pearsanta a tharla ar mhaoín na Roinne.

Chomh maith le caiteachas faoi Fhotheideal A.1. Tuarastail, Pá agus Liúntais, A.2. Taisteal agus Cothú, A.3. Costais Theagmhasacha, A.5. Innealra Oifige agus Soláthairtí Oifige Eile agus A.7. Seirbhísí Comhairleoireachta, fuarthas suim de €48,583 ón gCiste um Athrú a Bhainistiú, Fotheideal M. den Vóta do Oifig an Aire Airgeadais.

Fuarthas €914,069 ó Chiste an Chumainn Fhaisnéise, Fotheideal P. den Vóta do Oifig an Aire Airgeadais.

Rinneadh íocaíochtaí ex gratia de €11,071 in iomlán maidir le Forlónadh Iomcaim Teaghlaigh, Sochair Linbh, Pinsean Dilleachta (Neamh-Ranníocach) agus Íocaíochtaí Teaghlaigh Aontuismitheora.

Fuair ball foirne €6,349 maidir le bheith ina bhall den Bhord Cúnaimh DLí.

Ag 31 Nollaig 2005, bhí iarmhéid de €5,398,422 gan íoc i dtaca leis an gClár um Shíocháin agus Athmhuintearas. Táthar ag leanúint na ceiste maidir leis an iarmhéid seo nár íocadh leis na Ranna iomchuí a bhfuil an fhreagracht orthu chun cistí faoi Chiste Sóisialta na hEorpa agus faoi Chiste Forbartha Réigiúnach na hEorpa a íoc amach.

Tá Aisghabhálacha de ró-íocaíochtaí cúnaimh de €9,382,482 in iomlán in aisiocaíochtaí airgid tirim agus teidil a coimeádadh siar ón gCiste Árachais Shóisialaigh (Sochar) curtha san áireamh faoi Fhotheideal W. Chomh maith le sin, rinneadh aisghabhálacha de €4,714,679 trí asbhaintí ó theidil chun Cúnaimh.

Míreanna Ilghnéitheacha (Ar Lean)

Bhí stádas achomair na ró-íocaíochtaí Cúnaimh ar 31 Nollaig 2005 mar seo a leanas:

	€	€
Ró-íocaíochtaí amuigh ar 1 Eanáir 2005	91,214,768	
Ró-íocaíochtaí glan taifeadta i 2005	<u>34,679,900</u>	125,894,668
<i>Láide:</i>		
Méideanna aisghafa i 2005	14,097,161	
Méideanna díscríofa mar inaisghafa	<u>7,063,942</u>	<u>21,161,103</u>
Ró-íocaíochtaí amuigh ar 1 Nollaig 2005		<u>104,733,565</u>

12 STOIC

Áirítear i Stoic ag 31 Nollaig 2005:	€000
Soláthairtí Páipéarachais	1,399
Ábhair Inchaite TF	<u>48</u>
	<u>1,447</u>

13 DLITE DON STÁT

Is éard a bhí sa mhéid a bhí dlite don Stát ag 31 Nollaig 2005 ná:	€000
Cáin Ioncaim	2,911
Meas-Seirbhís	49
Scéimeanna CSWOP	706
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	1,249
Cáin Bhreis-Luacha Idirstát	19
Cáin Shiarchoinneálach	<u>846</u>
	<u>5,780</u>

JOHN HYNES

Oifigeach Cuntasaíochta

AN ROINN GNÓTHAÍ SÓISIALACHA AGUS TEAGHLAIGH

31 Márta 2006

Deimhniú an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Gnóthaí Sóisialacha le haghaidh 2005 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas Leithreasa de réir an Ráitis um Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta ar leathanaigh v-viii. Leagtar amach freagrachtaí an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, agus an bunús atá le mo thuairim ar an gcuntas, ar leathanaigh iii-v.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005. Tugtar aird ar Chaibidil 12 de mo thuarascáil le haghaidh 2005 arna ullmhú agamsa de bhun Alt 3 den Acht.

JOHN PURCELL

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

12 Meán Fómhair 2006

SLÁINTE AGUS LEANAÍ

Cuntas an tsuim caite, sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2005, i gcomparáid leis an suim a deonadh agus an suim a d'fhéadfaí a leagan síos mar leithghabháil i gcabhair anuas air sin, i gcás tuarastail agus speansais Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí (lena n-áirítear Oifig an Ard-Chláraitheora) agus seirbhísí áirithe eile arna riaradh ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
RIARACHÁN			
A.1. TUARASTAIL, PÁ AGUS LIÚNTAIS	30,683	31,084	-
A.2. TAISTEAL AGUS COTHÚ	1,200	841	37
A.3. COSTAIS THEAGMHASACHA	2,400	2,370	81
A.4. SEIRBHÍSÍ POIST AGUS TEILEACHUMARSÁIDE	1,089	1,216	(57)
A.5. FEARAS OIFIGE AGUS SOLÁTHAIRTÍ OIFIGE EILE	6,500	3,612	(71)
A.6. COSTAIS ÁITREABH OIFIGE	2,075	1,445	173
A.7. SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA	1,200	700	-
DEONTAIS			
B.1. DEONTAIS DO CHOMHLACHTAÍ TAIGHDE	29,017	29,017	-
B.2. DEONTAIS DO GHNÍOMHAIREACHTAÍ SLÁINTE AGUS D'EAGRAÍOCHTAÍ EILE COSÚIL LEO AGUS EAGRAÍOCHTAÍ EILE DEN SÓRT SIN (MAOINITHE AS AN gCRANNCHUR NÁISIÚNTA)	3,722	3,722	-
SEIRBHÍSÍ EILE			
C. CLÁRTHAITHEOIRÍ STIÚRTHA AGUS CEANTAIR	9	4	-
D. CAITEACHAS MAIDIR LEIS AN EAGRAÍOCHT SLÁINTE DOMHANDA AGUS COMHLACHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA EILE	1,355	1,399	-
E. FIOSRÚCHÁIN REACHTÚLA AGUS NEAMH- REACHTÚLA AGUS TÁILLÍ DLÍ AGUS SOCRUITHE ILGHNÉITHEACHA	15,724	16,128	208
F.1. COMHLACHTAÍ FORBARTHACHA, COMHCHOMHAIRLEACHA, MAOIRSEACHTA AGUS COMHAIRLEACHA	96,651	76,829	(27)
F.2. AN BORD UM CHUR CHUN CINN SHÁBHÁILTEACHTA BIA	6,440	6,370	-
F.3. BORD AN CHISTE NÁISIÚNTA UM CHEANNACH CÓIREÁLA	64,000	64,000	-
F.4. INTERREG NA hÉIREANN/ THUAISCEART ÉIREANN	211	89	-
F.5. OIFIG AN OMBUDSMAN DO LEANAÍ	1,000	1,019	-
G.1. ÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE MÍCHUMAS DE BHARR TAILIDIMÍD	280	277	-
G.2. ÍOCAÍOCHTAÍ MAIDIR LE DAOINE A MHAÍONN GO NDEARNADH DÍOBHÁIL DÓIBH DE BHARR VAICSÍNITHE	1	-	-
G.3. ÍOCAÍOCHTAÍ LE CUNTAS SPEISIALTA A BUNAÍODH FAOI ALT 10 DE NA hACHTANNA UM BHINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPTÍTEAS C 1997 AGUS 2002	84,286	63,500	-
G.4. ÍOCAÍOCHTAÍ LE CISTE CÚITIMH A BUNAÍODH FAOI ALT 11 DE NA hACHTANNA UM BHINSE CÚITIMH I nDÁIL LE HEIPTÍTEAS C 1997 AGUS 2002	16,349	8,500	-

Seirbhís	Soláthar don Mheastachán €000	Caiteachas €000	Fabhruithe Deiridh €000
H. CRAOBHSCAOILEADH FAISNÉISE, COMHDHÁLACHA AGUS FOILSEACHÁIN MAIDIR LE SLÁINTE AGUS SEIRBHÍSÍ SLÁINTE	9,621	10,768	251
I. ÍOCAÍOCHTAÍ LEIS AN nGNÍOMHAIREACHT ÉILEAMH STÁIT MAIDIR LE COSTAIS I nDÁIL LE FAILLÍ CHLINICIÚIL	7,600	2,920	-
SEIRBHÍSÍ CAIPITIL			
J. DEONTAIS MAIDIR LE TÓGÁIL, TREALMHÚ (AGUS T.F.C. SAN ÁIREAMH) GNÍOMHAIREACHTAÍ A MHAOINÍTEAR AG AN ROINN	<u>20,000</u>	<u>9,330</u>	-
An Mór-Iomlán	401,413	335,140	595
<i>Bain de:-</i>			
K. LEITHRIS-I-GCABHAIR	<u>167,995</u>	<u>167,954</u>	<u>100</u>
An Glan-Iomlán	<u>233,418</u>	<u>167,186</u>	<u>495</u>
FARASBARR DON BHLIAIN 2005		€ 66,231,975	
TABHAIRT SUAS IARCHURTHA Faoi Alt 91 Den Acht Airgeadais 2004		€ 2,000,000	
FARASBARR LE TABHAIRT SUAS		€ 64,231,975	

Is cuid den Chuntas seo an Ráiteas ar Pholasaithe agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 13.

NÓTAÍ

1 RÁITEAS CHOSTAS OIBRIÚCHÁIN DO 2005

	€000	€000	€000
Toradh Glan			167,186
Athruithe i Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin in Airgead Tirim	(1,365)		
Dímheas	2,521		
Caillteannas ar Dhiúscairtí	<u>16</u>	1,172	
Athruithe i nGlanshócmhainní Reatha			
Laghdú i bhFabhrúithe Deiridh	(2,276)		
Méadú i Stoc	<u>(118)</u>	(2,394)	(1,222)
Caiteachas Díreach			165,964
Caiteachas a Taobhaíodh in Áit eile			
Glancaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	12,726		
Cíosanna barúlacha	<u>2,962</u>		<u>15,688</u>
Costas Oibriúcháin			<u>181,652</u>

2 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ AGUS DHLITEANAIS AG 31 NOLLAIG 2005

	€000	€000	€000
Sócmhainní Caipitiúla (Nóta 3)			6,840
Sócmhainní Reatha			
Stoic (Nóta 12)		393	
Réamhíocaíochtaí		726	
Ioncam Fabhraithe		100	
Iarmhéideanna Dochair Eile:			
Binse Cúitimh	57,546		
Tuarastail In-aisghabhála	434		
Seirbhísí In-aisghabhála	2,196		
Comhdhálacha In-aisghabhála	148		
Maoiniú an AE	-		
Míreanna Fionraí Eile	<u>97</u>	<u>60,421</u>	
Iomlán na Sócmhainní Reatha		61,640	
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		1,321	
Iarmhéideanna Creidmheasa Eile			
Dlite don Stát (Nóta 13)	2,169		
Maoiniú an AE	17		
Ilghnéitheach	<u>363</u>	2,549	
Iarmhéis an Phámhástir Ghinearálta agus Airgead Tirim	6,507		
Orduithe Íocaíochta Gan Íoc	<u>47,378</u>	53,885	
Glandliteanas don Státchiste (Nóta 4)		<u>3,987</u>	
Iomlán na nDliteanas Reatha		<u>61,742</u>	
Glandhílteanais Reatha			<u>(102)</u>
Glanshócmhainní			<u>6,738</u>

3 RÁITEAS FAOI SHÓCMHAINNÍ CAIPÍTILIÚLA AG 31 NOLLAIG 2005

	Trealamh Oifige €000	Troscán/ agus Feistis €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2005	18,500	4,385	22,885
Breiscanna	989	443	1,432
Díúscairtí	(595)	-	(595)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>18,894</u>	<u>4,828</u>	<u>23,722</u>
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2005	11,237	3,703	14,940
Dímheas don Bhliain	2,312	209	2,521
Dímheas ar Dhiúscairtí	(579)	-	(579)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2005	<u>12,970</u>	<u>3,912</u>	<u>16,882</u>
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2005	<u>5,924</u>	<u>916</u>	<u>6,840</u>

4 GLANDLITEANAS DON STÁTCHISTE

Réiteach den Forghéilleadh Iarchurtha ag deireadh na bliana leis na hIarmhéideanna Féichiúnaí agus Creidiúnaí ar láimh ag 31 Nollaig 2005

	€000	€000
Barrachas le géilleadh	64,232	
Forghéilleadh Iarchurtha	<u>2,000</u>	
Barrachas don bhliain		66,232
Deontas an Stáitchiste nár Tarraingíodh		<u>(62,245)</u>
Glandliteanas don Stáitchiste		<u>3,987</u>
Léirithe ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí		60,421
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2,169)	
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus Airgead Tirim	(53,885)	
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	<u>(380)</u>	<u>(56,434)</u>
		<u>3,987</u>

5 MÍNITHE AR CHÚISEANNA NA DIFRÍOCHTA IDIR AN TORADH AGUS AN SOLÁTHAR SA MHEASTACHÁN

Fo- chea nteí deal	Lúide/(Níos Mó) Ná mar a bhí sa Soláthar	Míniú
	€000	
A.2.	359	Bhí costais taistil níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta mar gheall go príomha ar bhunú Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Díscaoileadh na mBord Sláinte/Údaráis) agus laghdú ar líon na ndaoine a chuaigh ag taisteal thar lear.
A.5.	2,888	Tharla an coigilteas mar gheall nach ndearna tionscadail TF a raibh baint acu le hOifig an Ard-Chláraitheora an dul chun cinn a bhí réamh-mheasta dóibh.
A.6.	630	Tharla an tsábháil mar gheall ar an gcinneadh gan na hoifigí a athlonnú go dtí Sráid Parnell.
A.7.	500	Tharla an coigilteas mar gheall go raibh an leibhéal comhairliúcháin a theastaigh níos lú ná mar a réamh-mheasadh ag an tús.
F.1.	19,822	Rinne an Coimisiún Meabhair-Shláinte coigilteas de thart ar €9.5m mar gheall ar an moill a bhain le binsí fiosrúcháin a bhunú faoin Acht Meabhair-Shláinte. Bhí coigiltis thart ar €5.8m carntha ag roinnt mionchomhlachtaí agus bhain an iarmhéid de thart ar €4.5m le cistí teagmhasacha nár theastaigh in aon chor.
F.4.	122	Tá caiteachas faoi réir ag ceadú an tionscadail agus cé chomh tapa is féidir socruithe áitiúla chun cistí a úsáid a chur i ngníomh.
G.3.	20,786	Tá an Scéim Cúitimh HIV agus Heipitíteas C faoi stiúir ag éileamh agus ní nach ionadh bíonn éagsúlacht mhór mar gheall air sin idir caiteachas iarbhir agus caiteachas leithdháilte.
G.4.	7,849	Tá an Scéim Cúitimh HIV agus Heipitíteas C faoi stiúir ag éileamh agus ní nach ionadh bíonn éagsúlacht mhór mar gheall air sin idir caiteachas iarbhir agus caiteachas leithdháilte.
H.	(1,147)	Tharla an farasbarr mar gheall ar na costais a bhain le heolas a chraobhscaoileadh maidir leis an gClár Náisiúnta Uchtála um Rogha Teagmhála agus éileamh níos mó ar fheachtais ardaithe feasachta agus tionscnaimh ar alcól agus chaitheamh tobac.
I.	4,680	I gcomparáid le cineálacha eile árachais dliteanais ghairmiúil, bíonn bearnaí móra idir na heachtraí i gcás dliteanais leighis agus is mar gheall air sin a dhéantar éilimh agus na bearnaí fada idir éilimh a dhéantar agus a réitítear.
J.	10,670	Tharla an coigealtas mar thoradh ar shaincheisteanna uaineacháin a bhain le dul chun cinn roinnt tionscadal agus mar gheall air sin ní theastóidh aon mhaoiniú go dtí 2006.

6 LEITHGHABHÁLACHA-I-GCABHAIR

	Measta €	Réadaithe €
1 Cuardaithe agus cóipeanna deimhnithe d'iontrálacha Breitheanna, Básanna agus Póstaí	380,000	251,900
2 Fáltais ó dhleachtanna máil áirithe ar tháirgí tobac	167,605,000	167,605,426
3 Ilghnéitheach	<u>10,000</u>	<u>96,211</u>
Iomlán	<u>167,995,000</u>	<u>167,953,537</u>

Míniú ar Dhifríochtaí

-

- 1 Bhí fáltais maidir le cuardaigh agus cóipeanna deimhnithe d'iontrálacha Breitheanna, Básanna agus Póstaí níos lú ná mar a bhí réamh-mheasta. Brathann fáltais ar éileamh custaiméirí. Mar sin féin, bhí €99,762 ag feitheamh ar aistriú chuig Leithghabhálacha i gCabhair ag deireadh na bliana. Féach Nóta 9 le do thoil.
- 3 Bhí fáltais maidir le roinnt táillí ceadúnais níos airde ná mar a bhí réamh-mheasta agus brathann siad ar éileamh custaiméirí. Agus éileamh á mheas, réamh-mheasadh go ndéanfaí inachtú níos túisce ar an Acht um Bhord Leigheasra na hÉireann, 2006.

7 CEANGALTAIS

(A) Ceangaltais Dhomhanda €000

Ceangaltais is dóigh a thiocfaidh chun cinn blianta ina dhiaidh sin i gcás:
Fo-mhírchinn Soláthair

3,571

(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla

1	Ceangaltais chaipitil is féidir a fhorfheidhmiú go dleathach				Iomlán
					€000
	Caiteachas i 2005				9,330
	Ceangaltais le comhlíonadh blianta ina dhiaidh sin				33,320
2	Ceangaltais chaipitil is féidir a fhorfheidhmiú go dleathach				
		Caiteachas carnach go dtí 31 Noll 2004	Íoctha i 2005	Le hóc blianta ina dhiaidh sin	Iomlán
	Tionscadail Chaipitil os cionn €6.3 milliún:	€m	€m	€m	€m
	BreastCheck Síneadh Náisiúnta chuig réigiúin sa Deisceart/Iarthar	-	0.398	25.105	25.503

8 SONRAÍ FAOI LUACH SAOTHAIR BREISE

	Méid a Íocadh €	Líon na bhFaighteoirí	Faighteoirí a fuair €6,350 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta de €6,350 nó níos mó €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	356,060	111	19	21,811
Ragobair agus tinreamh sa bhreis	662,771	177	42	20,870
Liúntais sealoibre agus uainchláir	<u>20,537</u>	6	2	6,738
Luach saothair breise in iomlán	<u>1,039,368</u>			

Nóta:

Fuair daoine aonarach aáirthe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

9 MÍREANNA ILGHNÉITHEACHA

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin scéim buiséid riaracháin tarmilgthe tá suim anonn de €1,757,000 áirithe sna Meastacháin do 2006.

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €2,000,000 de leithdháileadh nár caitheadh de na gnéithe caipitil de Fhómhírcheann I. ar aghaidh go 2006.

Bhí €99,762 ar an iomlán (airgead tirim ar iompar amhail an 31 Nollaig 2005) ag feitheamh ar aistriú chuig Leithghabhálacha i gCabhair.

I dteannta na méideanna a caitheadh faoi Fhómhírchinn A.3. agus F.1., fuarthas €16,874.37 (den mhéid sin bhain €5,095.25 le 2004) ón gCiste um Bhainistíocht a Athrú, Fómhírcheann M de Vóta Oifig an Aire Airgeadais.

Caitheadh suim iomlán de €21,440 (den tsuim sin bhain €9,400 le 2004) ar dhámhachtainí faoin Scéim um Fheidhmiú thar na Bearta.

Íocadh dhá shuim ex-gratia €900 an ceann i 2005 faoi Thuarascáil na Comhairle Ginearálta 1428.

Rinneadh íocaíocht ar chuntas de €500,000 le gnólacht dlíodóirí a bhí i mbun réamhoibre a bhain le Fiosrúchán Lindsay agus cúrsaí eile a bhain le Heipitíteas C/HIV, fad a bhíthas ag fanacht ar an Máistir Fómhais chun an costas iomlán a thabhairt chun críche.

10 COIMISIÚIN AGUS FIOSRÚCHÁIN, SRL.

Is mar seo a leanas a bhí caiteachas carnach maidir le Coimisiúin srl. go dtí 31 Nollaig 2005 ar cuntas a ndearnadh íocaíochtaí ina dtaobh sa bhliain:

	Bliain Ceapacháin	Caiteachas i 2005 2005 €	Caiteachas Carnach go 31 Noll 2005 €
Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta			
Binse Fiosrúcháin maidir le hIonfhabhtú Daoine le HIV agus Heipitíteas C agus ábhair ghaolmhara	1999	6,481,585	46,649,166
Binse Fiosrúcháin Iarbháis faoi gach polasaí imscrúdaithe iarbháis, cleachtas agus nós imeachta sa Stát ó 1970, agus go háirithe de bhrí go mbaineann sé le haistriú, coinneáil, stóráil agus diúscairt orgán, trí thagairt do chaighdeán atá i bhfeidhm sa Stát agus lasmuigh de agus ábhair ghaolmhara	2000	1,124,683	11,951,880
